



# An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh

# an Phobail 2017

---

Garda.ie

Taighde le

 amárach  
research

1	Réamhfhocal
2	Eochairthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2017
3	Achoimre Feidhmiúcháin
5	Réamhrá
9	Tuairimí an Phobail maidir le Coireacht in Éirinn
13	Íospartaigh na Coireachta
17	Eagla agus Imní faoi Choireacht
26	Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána
29	Infheictheacht na nGardaí agus Tuairimíocht maidir le Láithreach na nGardaí
34	Sástacht leis an nGarda Síochána
38	Muinín sa Gharda Síochána
42	Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána
46	Tuairimí faoin nGarda Síochána
51	Sampla Treise de Dhaoine Óga idir 16 agus 17 mbliana d'aois
62	Conclúidí

# Réamhfhocal

Forbraíodh an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail mar thaca le staitisticí coireachta, agus chun pictiúir níos iomláine a thabhairt maidir le saincheisteanna coireachta agus póilíneachta. Chuige sin, tomhaiseann sé roinnt táscairí tábhachtacha a bhaineann le saincheisteanna coireachta agus póilíneachta lena n-áirítear sástacht leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail áitiúla, mothúcháin sábháilteacht, tuairimí maidir le cumas agus inniúlacht an Gharda Síochána, chomh maith le leibhéil muiníne san eagraíocht.

Mar a dúradh, tomhaistear sa suirbhé na leibhéil shástachta leis an tseirbhís a sholáthraímid do phobail áitiúla agus d'íospartaigh na coireachta. Cé go dteastaíonn tuilleadh taighde in Éirinn, tá sástacht in áiteanna eile á tiomáint ag caighdeán na teagmhála a bhíonn ag póilíní leis an bpobal. Dá bharr sin, is slat tomhais láidir é sástacht maidir lenár seirbhís do dhaoine as an bpobal lena mbímid i dteagmháil.

Déanaimid scrúdú freisin ar cibé an mothaíonn freagróirí sábháilte ina bpobal, cibé an bhfuil faitíos orthu roimh choireacht agus an tionchar a bhíonn aige sin ar a saol. Tá sé tábhachtach a rá - díreach mar gheall go dtagann laghdú ar choireacht ní hionann sin agus a rá go mothaíonn daoine níos sábháilte dá bharr. Go deimhin, taispeántar i dtaighde go bhfuil roinnt grúpaí sa tsochaí, cosúil le daoine scothaosta, nach mbíonn i mbaol mór ag coireacht ach fós bíonn faitíos orthu roimpi. Ní hamháin gurb é ról na póilíneachta coireacht a laghdú ach freisin é a chur sa chaoi go mothaíonn daoine níos sábháilte. Mar sin, is príomhréimse é ar a ndéantar scrúdú.

Tugtar measúnú freisin sa suirbhé ar thuairimí freagróirí maidir leis an neart agus an cumas atá ann dul i ngleic le coireacht agus oibriú le pobail áitiúla. Áirítear leis sin cibé an bhfuil na leibhéil chúí infheictheachta againn i bpobail áitiúla – rud a nascann an taighde go minic le athdhearbhú a thabhairt maidir le mothúcháin faoi shábháilteacht phoiblí agus tacú leo.

Sa deireadh, féachaimid ar leibhéil muiníne san eagraíocht. Tá sé riachtanach go mbeadh muinín sa phóilíneacht. Tugann sé le fios go bhfuil caidrimh láidre ann le pobail áitiúla rud lena n-éascaítear comhoibriú, cibé i dtéarmaí faisnéis a thabhairt nó oibriú leis na Gardaí chun fadhbanna áitiúla a réiteach. Thugamar isteach ceisteanna a bhaineann le comhionannas sa chaoi a chaitear le daoine freisin. Má tá tuairimí ann nach gcaitheann na póilíní go cothrom leo féin ná le daoine eile ansin cuireann sé an muinín as a riocht i gcodanna eile den phobal.

Tá tábhacht na faisnéise a chuirtear ar fáil leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail aitheanta ní hamháin ag an eagraíocht féin, ach freisin ag an Údarás Póilíneachta. Mar chuid de Phlean Póilíneachta Bliantúil 2018, tugann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail cúpla príomhbheart maidir le spríocanna, a forbraíodh agus a comhaontaíodh i gcomhar leis an Údarás Póilíneachta, lena n-áirítear:

- Sástacht mhéadaithe i measc íospartach
- An tuairimíocht maidir le sábháilteacht phoiblí a fheabhsú – eagla roimh an gcoireacht
- Laghdú a dhéanamh ar líon na ndaoine a fheiceann an choireacht mar fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach go háitiúil
- Infheictheacht na nGardaí a fheabhsú
- Muinín i gcumas na heagraíochta dul i ngleic le coireachta a fheabhsú
- An tuairimíocht go bhfuil an eagraíocht dírithe ar an bpobal a fheabhsú
- Sástacht an phobail a fheabhsú
- An méid daoine a deir go gcaithimid mar an gcéanna le gach duine a mhéadú

Tríd is tríd, cuidíonn an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail chun ár dtuiscint ar choireacht agus ar phóilíneacht in Éirinn a threorú, ag dul níos faide ná staitisticí na coireachta. Mar sin féin, tá sé mar fhócas tábhachtach anois freisin chun dul chun cinn i gcoinne roinnt de phríomhthosaíochtaí na heagraíochta a thomhas, ó thaobh na seirbhíse a sholáthraímid do phobail in Éirinn. .



Gurchand Singh  
Ceann Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána

# Eochairthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2017



Cheap 3 as 4 daoine fásta (74%) gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é fadhb na coireachta go náisiúnta, i gcomparáid le 1 as 5 daoine fásta (20%) a cheap gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é coireacht

An teilifís agus an raidió ar na príomhfhoinsí a mbíonn tionchar acu ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta



Is é focal ó dhuine eile/cairde/nó teaghlach/comharsana/muintir na háite na rudaí is mó a imríonn tionchar ar thuairimí maidir le coireacht áitiúil



6%

de na freagróirí sa sampla seo, bhí siad ina n-íospartaigh choireachta - laghdú 2% ó shuirbhé 2016 (8%)

2%



84%  
58%

a thug tuairisc maidir leis an gcoir is déanaí don Gharða Síochána  
a bhí sásta leis an gcaoi ar láimhseáil na Gardaí a gcuid eachtraí



Thuairiscigh níos mó ná 1 as 3 daoine fásta (36%) go raibh Gardaí ar phatról ina gceantar áitiúil go rialta in 2017



42%

42% a cheap go raibh a láithreach 'maith go leor', méadú 6% ó 2016



Thuairiscigh thart ar 1 as 3 daoine fásta (30%) go raibh tionchar ag an eagla a bhí orthu roimh an gcoireacht ar a gcaighdeán saoil

52%

a raibh imní orthu go mbeidís ina n-íospartach coireachta

60%

de dhaoine a thuairiscigh go raibh roinnt eagla orthu faoin leibhéal coireachta tríd is tríd



6,000

freagróir - sampla ionadaíoch go náisiúna den daonra bunaithe ar aois, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntacht

Sampla treise neamhualaithe de 647 duine óg idir 16 agus 17 mbliana



92%

a deir go gcaithfeadh na Gardaí go hómósach leat dá mbeifeá i dteagmháil leo ar aon chúis



82%

a d'aontaigh go gcaitheann na Gardaí go háitiúil go cothrom le gach duine is cuma cé hiad féin



Bhí níos mó ná trí cheathrú de na freagróirí sásta nó an-sásta leis an tseirbhís a chuir An Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil


D'aontaigh formhór na rannpháirtithe go raibh An Garda Síochána dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha nó forchéimnitheach agus cairdiúil nó cabhrach



89%

d'fhreagróirí a raibh idir meán nó ardleibhéal muintíne acu in eagraíocht an Gharða Síochána

SAMPLA TREISE



ar chuir íospairt isteach orthu

Leibhéal íseal eagla roimh an gcoireacht agus imní faoi íospairt  
Bhí tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharða Síochána dearfach den chuid is mó



# Achoimre Fheidhmeach

Déantar tagairt sa tuarascáil bhliantúil seo do thorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail, suirbhé ionadaíoch ar 6,000 duine fásta a thug freagra ar an suirbhé in Éirinn. Tá sé ionadaíoch don daonra bunaithe ar aois, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntacht. Ó 2017 i leith rinneadh suirbhé freisin ar shampla treise de dhaoine óga idir 16 agus 17 mbliana d'aois chun a ndearcadh maidir le coireacht agus póilíneacht in Éirinn a thomhas.

Cumhdaítear raon saincheisteanna sa suirbhé a bhaineann le coireacht agus póilíneacht. Chun críocha na tuarascála seo, cuirtear na torthaí i láthair faoi na ceannteidil seo a leanas:

## Tuairimí an Phobail maidir le Coireacht in Éirinn

**Cheap 3 as 4 daoine fásta (74%) gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é fadhb na coireachta go náisiúnta, i gcomparáid le 1 as 5 daoine fásta (20%) a cheap gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é coireacht áitiúil.**

- ▶ In 2017, luadh an teilifís agus an raidió mar na foinsí faisnéise is mó a raibh tionchar acu ar thuairimíocht maidir le fadhb na coireachta go náisiúnta. I gcomparáid leis sin, d'aontaigh na freagróirí gurb é caint na ndaoine/cairde nó teaghlach/comharsana/muintir na háite na rudaí is mó a d'imir tionchar orthu maidir lena dtuairimí faoi choireacht áitiúil
- ▶ Tá líon na bhfreagróirí a thuiriscigh go bhfuil fadhb thromchúiseach le fadhb na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil ag titim bliain ar bhliain ó 2015 i leith

## Íospartaigh na Coireachta

**Thar an sampla seo ar fad ó 2017, ba íospartaigh coireachta iad 383 freagróir le 12 mhí anuas, a léiríonn ráta íospartha de 6%; bhí 58% d'íospartaigh sásta leis an gcaoi ar láimhseáil na Gardaí a n-eachtraí thar shampla 2017.**

- ▶ Thug 84% de na híosparthaigh tuairisc maidir leis an gcoir don Gharda Síochána
- ▶ Ba é an chúis ba choitianta a luadh faoi gan coir a thuirisciú ná "Níor cheap mé go mbeadh na Gardaí in ann aon rud a dhéanamh"
- ▶ Thuiriscigh cion níos mó íospartach i gcomparáid le neamh-íospartaigh go raibh fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach le coireacht go háitiúil (39% vs 19%)

## Eagla agus Imní faoi Choireacht

**Mar a fuarthas amach i suirbhé na bliana anuraidh, thuiriscigh formhór na ndaoine gur beag eagla nó nach raibh aon eagla orthu faoi choireacht, agus den chuid is mó, ní raibh aon tionchar ag an eagla sin ar a gcáilíocht saoil.**

- ▶ Bhí 52% d'fhreagróirí a raibh imní orthu go mbeidís mar íospartach coireachta; bíodh sin ina choir ina mbainfeadh gortú dóibh féin go pearsanta, coir ina ngoidfí maoin nó go ndéanfaí damáiste dá maoin, nó go deimhin an dá cheann
- ▶ I rith 2017, bhí 60% de dhaoine fásta rangaithe mar dhream a raibh eagla éigin acu roimh choireacht
- ▶ Níor mhothaigh thart ar dhá thrian (70%) de na freagróirí go raibh tionchar ag an eagla a bhí acu roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil

## Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

**Creideann freagróirí i gcónaí gur chóir don Gharda Síochána tús áite a thabhairt do choireanna gnéasacha níos mó ná aon chineál coire eile.**

- ▶ Ba iad na tosaíochtaí ba mhó a bhí ag freagróirí ná cionta gnéasacha (tharraing 97% d'fhreagróirí aird air sin mar thosaíocht dóibh féin), gáinneáil ar dhaoine (94%) agus ionsaithe (91%)

## Infheictheacht na nGardaí

**Mhéadaigh infheictheacht na nGardaí agus tuairimíocht maidir le láithreach na nGardaí de bheagán idir 2016 agus 2017.**

- ▶ Thuiriscigh níos mó ná 1 as 3 daoine fásta (36%) go ndearna na Gardaí patról rialta ar a gceantar áitiúil in 2017
- ▶ Is lú seans a bhí ann gur thug freagróirí i mBaile Átha Cliath, chomh maith leis an gcuid eile de Chúige Laighean tuairisc maidir le feasacht faoi phatróil na nGardaí i gcomparáid le réigiúin eile
- ▶ Cheap 57% de na freagróirí nach mba leor láithreach na nGardaí ina gceantar áitiúil, sin laghdú 6% ó leibhéal 2016

## Sástacht leis an nGarda Síochána

**Tríd is tríd, bhí níos mó ná trí cheathrú (76%) d'fhreagróirí sásta nó an-sásta leis an tseirbhís atá á cur ar fáil ag an nGarda Síochána don phobal áitiúil.**



- › Idir 2016 agus 2017 tháinig méadú cúig phointe céatadán ar an sástacht a bhí leis an tseirbhís atá á cur ar fáil ag an nGarda Síochána
- › Bhain tuairimíocht maidir le tromchúiseacht fhadhb na coireachta go háitiúil agus go náisiúnta le míshástacht leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána

## Muinín sa Gharda Síochána

**Tá muinín an phobail sa Gharda Síochána fós láidir gan mórán athrú ná bogadh déanta aige.**

- › Léirigh 89% d'fhreagróirí leibhéal muiníne idir leath bealaigh go hard in eagraíocht an Gharda Síochána in 2017

## Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána

**Bhí na rannpháirtithe go léir ar aon intinn go gcaithfeadh na Gardaí go cóir leo féin agus le daoine eile dá mbeidís i dteagmháil leo ar aon chúis.**

- › Dúirt 92% go gcaithfeadh Gardaí go hómósach leat dá mbeadh teagmháil agat leo ar chúis ar bith
- › D'aontaigh 82% go gcaitheann na Gardaí go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin

## Tuairimí maidir le hEagraíocht an Gharda Síochána

**Tríd is tríd, bhí tuairimí maidir leis an nGarda Síochána in 2017 níos dearfaí i gcomparáid le 2016 agus 2015.**

- › D'aontaigh formhór na rannpháirtithe go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha nó forchéimnitheach agus cairdiúil nó cabhrach
- › Tá an tuairimíocht go bhfuil an eagraíocht dea-bhainistithe laghdaithe bliain ar bhliain ó 2015
- › Ba ghnách le freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireachta a bheith níos diúltaí faoin nGarda Síochána
- › Thuairiscigh líon mór freagróirí nach raibh a fhios acu nuair a iarradh orthu aontú le ráitis faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána. Cuireadh anailís i gcrích inar áirithe freagraí 'níl a fhios agam' agus inar fágadh ar lár iad

## Sampla Treise de Dhaoine Óga idir 16 agus 17 mbliana d'aois

**In 2017, leathnaíodh raon feidhme an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail chun tuairimí daoine óga idir 16 agus 17 mbliana d'aois a chur san áireamh. Tá comhdhearcadh ag dul i méid faoin tábhacht atá le dhul i gcomhairle le daoine óga maidir le seirbhísí agus beartais a théann i gcion orthu, go háirithe a ndearcthaí agus a dtaithí ar choireacht agus ar phóilínacht.**

- › I measc an tsampla treise de dhaoine óga idir 16 agus 17, mheas 59% gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é coireacht náisiúnta agus mheas 14% gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é coireacht áitiúil (níos ísle ná an príomhshampla)
- › Bhí taithí ag 32 freagróirí aois 16 nó 17 (5%) ar íospairt le 12 mhí anuas (i gcomparáid le 6% don príomhshampla)
- › Bhí leibhéil eagla faoin leibhéal coireachta agus imní faoi íospairt mar a measadh é níos ísle go comhréireach i measc na bhfreagróirí sa sampla treise i gcomparáid leis an daonra fásta i gcoitinne
- › Ach an oiread leis an bpríomhshampla, bhí ráta ard muiníne ag daoine óga idir 16 agus 17 in eagraíocht an Gharda Síochána
- › Bhí na tuairimí foriomlána maidir le héifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána i measc daoine óga idir 16 agus 17 dearfach den chuid is mó

# Réamhrá

Is suirbhé sóisialta é an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail faoi dhearcaí phobal na hÉireann i dtaca le coireacht agus póilíneacht in Éirinn. Mar a tugadh le fios i dtuarascálacha bliantúla 2015 agus 2016, thug an Garda Síochána faoi shuirbhéanna mórsála ar dhearcadh an phobail trí Shuirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail ó 2002. Cuireadh deireadh leis an suirbhé in 2008 agus athsheoladh é ag deireadh 2014. Ba é suirbhé 2017 an tríú ceann ó athsheoladh an suirbhé agus é bunaithe ar 6,000 agallamh duine ar dhuine le daoine fásta 18 mbliana d'aois agus os a chionn. Ó R1 2017, d'fhoilsigh eagraíocht an Gharda Síochána bullaitíní ráithiúla freisin. Tá gach foilseachán roimhe seo ar fáil ar [www.garda.ie](http://www.garda.ie).

## Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail:

- ▶ Iarraidh ar shampla ionadaíoch de phobal na hÉireann faoina dtaithí ar choireacht, chomh maith lena dtuairimí ar sheirbhís a sholáthraítear dóibh mar íospartaigh choireachta
- ▶ Slat tomhais a thabhairt ar leibhéal choireachta mar a fheictear iad sa tír trí chéile agus i gceantair áitiúla
- ▶ A aithint cé na cineálacha coireachta ar a bhféachann an pobal mar réimsí tosaíochta don Gharda Síochána
- ▶ A dheimhniú cé chomh sásta is atá an pobal leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána do phobail áitiúla
- ▶ Leibhéal mhuiníne an phobail sna Gardaí a thomhas agus a dtuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána

## Struchtúr tuarascáil bhliantúil 2017

Tá an tuarascáil seo roinnte i ndeich chaibidil torthaí:

Tugtar faisnéis i **gCaibidil 1** ar thuairimí maidir leis an gcoireacht in Éirinn i rith 2017 agus déantar comparáidí ann le torthaí ó scuab-shuirbhéanna 2016 agus 2015.

Déantar imscrúdú i **gCaibidil 2** ar íospairt i measc freagróirí, tugtar sonraí maidir leis ráta tuairiscithe coireachta do Gardaí, agus déantar iniúchadh ar leibhéal shástachta i measc íospartach coireachta. Féachtar ann freisin ar thuairimí maidir leis an bhfaisnéis agus an cúnaimh a thugtar d'íospartaigh.

Dírítear i **gCaibidil 3** ar an dóchúlacht dar le daoine go ndéanfar íospartaigh dóibh féin agus an imní atá orthu faoi choireanna, mar aon lena thionchar ar a gcáilíocht bheatha.

Déantar imscrúdú i **gCaibidil 4** ar cad is dóigh le freagróirí na coireachta ar cheart d'eagraíocht an Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh.

Déantar imscrúdú i **gCaibidil 5** ar leibhéal infheictheachta i measc an Gharda Síochána agus cibé an leor láithreach na nGardaí i bpobail áitiúla. .

Déantar iniúchadh i **gCaibidil 6** ar shástacht an phobail leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána do phobail áitiúla.

Déantar imscrúdú i **gCaibidil 7** ar mhuinín an phobail in eagraíocht an Gharda Síochána.

Tugtar sonraí i **gCaibidil 8** ar dhá cheist nua a cuireadh leis in 2017 ina ndearnadh imscrúdú ar thuairimí freagróirí maidir le cóir chomhionann ón nGarda Síochána.

Tugtar faisnéis i **gCaibidil 9** ar thuairimí freagróirí maidir le heagraíocht an Gharda Síochána lena n-áirítear a cumas dul i ngleic leis an gcoireacht agus chomh mór is a sholáthraíonn sé seirbhís poiblí den chéad scoth. .

Ar deireadh, tugtar cuntas i **gcaibidil 10** ar anailís ó shampla treise ó dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois.

Déantar imscrúdú ar na topaicí go léir thuas de réir déimeagrafaic daonra, lena n-áirítear aois, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntacht, agus de réir limistéar tíreolaíoch difriúil freisin chun difríochtaí i dtuairimí agus i dtaithí a shainaithint. Cuirtear comparáidí idir torthaí shuirbhéanna 2015, 2016 agus 2017 i gcomparáid lena chéile nuair is féidir.

## Rudaí nua le haghaidh 2017

Mar a luadh roimhe seo, cuireadh sraith ceisteanna nua leis an suirbhé i rith 2017:

- ▶ Ceisteanna ar cad ar an gcaoi is dóigh le freagróirí a chaitheann eagraíocht an Gharda Síochána le daoine, beag beann ar a gcúlra
- ▶ Rinneadh suirbhé ar shampla treise de dhaoine idir 16 agus 17 ó mhí na Nollag 2016. Tugtar léargas leis sin ar dhearcaí i dtreo coireachta agus póilíneachta in Éirinn i measc an ghrúpa sin. Tá anailís d'fhreagairtí ar tseirbhé ó 647 duine óg idir 16 nó 17 mbliana d'aois i láthair i gcaibidil torthaí deiridh na tuarascála seo.
- ▶ Fiafraíodh freisin cibé an raibh teagmháil ag na freagróirí

le heagraíocht an Gharda Síochána le 12 mhí roimhe sin; sainíodh é sin le teagmháil amháin ar a laghad arna thionscnamh ag an duine féin nó arna thionscnamh ag na Gardaí. Déantar imscrúdú ar thuairimí de réir teagmhála leis na Gardaí chun aon difríochtaí a shainaithint

## Forbairtí an tsuirbhé sa todhchaí

Déantar roinnt forbairtí breise agus obair bhreise i gcomhair 2018; go mór mhór dhá cheist eile a chuirfear isteach ina ndéantar measúnú ar mhúinín fhoriomlán an phobail sa chóras ceartais choiriúil.

## Modheolaíocht

### Cén chaoi a ndéantar an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail?

Is é Amárach Research a dhéanann an suirbhé agus coimisiúnaíodh iad i ndiaidh próiseas tairisceana poiblí iomaíoch. Ceapadh an ceistneoir i gcomhchomhairle idir An Garda Síochána agus Amárach Research. Tástáladh ceisteanna sular cuireadh isteach sa suirbhé iad sa deireadh thiar. Bailíodh sonraí trí agallaimh sa bhaile, agus agallaimh phearsanta.

Tá an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ceaptha a bheith á reáchtáil ar bhonn leanúnach (i mbun suirbhéireachta leanúnaí ar an daonra) agus tuarascálacha ar bhonn ráithiúil agus bliantúil.

Tá 200 pointe samplála ann ar an iomlán. Roghnaíodh iad sin ó bhunachar sonraí thart ar 3,500 Toghroinn Cheantair/Bardaí. I ndáiríre ní úsáidtear gach ceann de na pointí samplála ag aon am amháin. Déantar sampláil ar caoga pointe gach mí agus féachtar ar gach pointe samplála trí huair in aghaidh na bliana (mar atá aibhsithe thuas, reáchtáiltear an suirbhé chun sonraí ráithiúla a chruthú go himmheánach agus laghdaíonn na pointí samplála rothlacha tionchar na hearráide samplála). Déantar srathú ar na pointí samplála ag teacht le leithdháileadh an daonra ag úsáid na gcatagóirí seo a leanas:

- Cathracha agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge agus na Gaillimhe
- Bailte ina bhfuil daonra 10,000, ach nach ionann é is 'cathair' nó bruachbhaile
- Bailte ina bhfuil daonra idir 5,000 agus 9,999
- Bailte ina bhfuil daonra idir 1,500 agus 4,999
- Ceantair ina bhfuil daonra níos lú ná 1,499

Roghnaítear freagróirí ionchasacha ag úsáid cur chuige de shiúlóid randamach (i.e. roghnaíonn agallóirí pointe tosaigh agus ansin téann chuig gach teach ag eatraimh socraithe - nó ceathrú míle i gceantair thuithe - go dtí go bhfaightear

freagróirí incháilithe). Déantar an suirbhé trí agallamh duine ar dhuine. Bíonn an suirbhé ar siúl i dteach an fhreagróra. Déantar na hagallaimh ar feadh an lae (bíonn dhá sheal agallóirí ag obair idir 10am agus 2pm agus ansin idir 2pm agus 8pm) lena chinntiú go raibh cothromaíocht mhaithe agallamh ann thar gach grúpa. Féach caibidil 10 i gcomhair torthaí chun léargas a fháil ar an gcaoi ar sampláladh freagróirí idir 16 agus 17 mbliana d'aois..

## Próifíl shamplach

Cuimsítear daoine fásta atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn sa chroí-shampla agus tá sé ceaptha chun léiriú a thabhairt ar chúrsaí ar bhonn náisiúnta. Tugann an sampla léiriú ar scála beag den daonra óna dtarraingítear é. Roghnaíodh freagróirí de réir cuótaí bunaithe ar aois, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntacht. Áirítear leis an gceistneoir ceisteanna chun raon leathan faisnéis dhéimeagrafach a thabhairt leo.

Déantar ualú ar an sampla freisin nuair a dhéantar anailís lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an daonra náisiúnta. Tugann Tábla 1 miondealú de shampla suirbhé 2017.

Fiafraíodh de fhreagróirí faoi eachtraí íospartha a tharla dóibh le 12 mhí anuas roimh mhí an agallaimh (an tréimhse tagartha). Ní chuimsíonn an rannán íospartha den suirbhé sonraí ar gach coir; fágtar coireanna de chineál gnéasach ar lár ón suirbhé.

## Ciall a bhaint as táblaí agus fíoracha

Úsáidtear táblaí minicíochta agus céatadán chun iniúchadh a dhéanamh ar fhreagairtí ar an suirbhé laistigh den tuarascáil seo. Nuair is iomchuí, déantar imscrúdú ar athruithe idir an dá/trí scuab-shuirbhé is déanaí. Tomhaistear athruithe nó difríochtaí ar mhaithe le suntasacht staitistiúil. I gcás inar tháinig difríochtaí chun cinn mar chinn a bhfuil tábhacht staitistiúil leo, rinneadh anailís post hoc ar an tábla teagmhasach chí-chearnóige agus baineadh léas as an modh iarmharach coigeartaithe. Sainaithnítear difríochtaí atá suntasach go staitistiúil i dtéacs.

Tugann cinn ina bhfuil samplaí ísle torthaí nach féidir a bheith ag brath orthu agus bíonn ceisteanna rúndachta i gceist freisin. Dá bhrí sin, déantar léiriú ar aon mhéid cille le níos lú ná 30 freagróirí ualaithe/neamhualaithe le líne (-). Ba cheart a thabhairt ar aird, áfach, go bhfuil na céatadán do mhéideanna na gceall sin atá níos mó ná 30 bunaithe ar líon iomlán na bhfreagairtí don cholún sin. D'fhéadfaí céatadán a lua i dtéacs na tuarascála le haghaidh catagóir aonair (e.g. déantar comhaontú de aontaíonn go láidir móide aontaíonn) a sainaithníodh sna fíoracha nó sna táblaí ach dhá chéatadán nó níos mó a shuimiú. Ríomhadh an céatadán as an nua le haghaidh na comhchatagóire aonair agus dá bhrí sin d'fhéadfaidh difear d'aon nó dhá phointe céatadán a bheith ann ó shuim an chéatadán a eascraíonn as na fíoracha nó



táblaí. Tugann roinnt ceisteanna sa suirbhé deis d'fhreagróirí cúpla freagra a roghnú. Ní shuimeoidh na céatadáin seo go 100 faoin gcéad in éineacht leis na céatadáin eile a chuirfear i láthair. Ar deireadh, ní shuimeoidh gach colún ina n-úsáidtear céatadáin go dtí 100 faoin gcéad. Tá sé sin amhlaidh i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí.

Toisc gur suirbhé é seo ar shampla randamach den daonra caithimid glacadh leis go mbeidh roinnt lamháil earráide ann. Ríomhadh é sin ar +/- 1.1 faoin gcéad le haghaidh an tsampla iomlán 6,000 freagróir. Is é an bhrí atá leis sin ná nuair a bhímid ag tuairisciú figiúirí le haghaidh an tsampla trí chéile, d'fhéadfaimis a rá nuair a aontaíonn 80 faoin gcéad d'fhreagróirí le ráiteas, luífidh an fíorluach idir 78.9 faoin gcéad agus 81.1 faoin gcéad. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara toisc go ndéantar anailís ar chomhréireanna níos lú den tsampla go méadaíonn an lamháil earráide. Ba cheart é sin a chur san áireamh nuair atá méideanna samplaí níos lú á scrúdú (mar shampla, íospartaigh na coireachta).

Úsáidtear miondealú d'aicme sóisialta sna táblaí mar a úsáideann cuideachtaí taighde margaidh iad. Ionas go mbeidh sé níos éasca brí a bhaint astu, tá an sainmhíniú ar na haicmí sóisialta sin leagtha síos i dtábla 2 ar an gcéad leathanach eile. Tugtar miondealú sna táblaí freisin de réir limistéar tíreolaíochta, lena n-áirítear "cathair", "uirbeach eile" agus tuaithe. Is buirgí 'cathrach' atá i gceist le "cathair", ciallaíonn "uirbeach eile" aon limistéar ina bhfuil daonra idir 1,500 agus 10,000 duine agus ceantair thuithe ina bhfuil daonra níos lú ná 1,500. Fiafraítear sa suirbhé freisin cé chomh gar is atá a stáisiún áitiúil Gardaí d'fhreagróirí – tá an freagra bunaithe ar mheastacháin a thugann na freagróirí.

## Difríochtaí idir Tuarascálacha Bliantúla

Difríocht mhór idir tuarascálacha bliantúla 2015 agus 2016 agus an tuarascáil is déanaí in 2017 ná go bhfághtar ar lár na freagraí "níl a fhios agam" agus cinn a dhiúltaítear a fhreagairt i gcás thromlach cheisteanna na tsuirbhé, dá bhrí sin beidh difear de bheagán sna figiúirí i gcomparáid le foilseacháin roimhe seo. Cuireadh réamhanailís i gcrích ar gach athrúchán chun an cion de fhreagraí "níl a fhios agam" a mheas. Tógadh cinneadh ansin faoi cibé an bhfágfaí ar lár iad as anailís ina dhiaidh sin. I gcás ceisteanna inarbh ionann freagraí "níl a fhios agam" agus níos lú ná 10% d'fhreagraí ar gach ceist fágadh ar lár ón anailís iad agus ní chuirtear i láthair iad mar chuid den tuarascáil seo. Is cineál difriúil freagra ó thaobh catagóire na freagraí "níl a fhios agam" agus ní bhíonn suim ag tromlach na dtaighdeoirí in anailís ar fhreagraí den sórt sin. Caitheadh leo mar luachanna úsáideoir-sainithe a bhí ar iarraidh in SPSS.

I gcásanna inarbh ionann freagraí "níl a fhios agam" agus 10% nó níos mó d'fhreagraí freagróirí, cuirtear anailís ina gcuirtear freagraí den sórt sin san áireamh agus as an áireamh i láthair ar mhaithe le bailchríoch a chur ar an tuarascáil. Bhí na

freagraí "níl a fhios agam" níos mó i gcás míreanna níos déanaí sa cheistneoir, arb eol tuirse a bheith ag plé leo toisc go n-éiríonn na freagróirí tuirseach cé go mbíonn míreanna/ráitis rothlaithe laistigh de cheisteanna.

I gcás gach ceiste ba leor líon na gcásanna a bhí fágtha do na hanailísí staitistiúla a bhí á moladh, dá bhrí fághtar freagraí "níl a fhios agam" ar lár i gcás ina ndéantar scrúdú ar dhaonra agus ar déimeagrafach ceantair.

Ó thús 2017, tá eagraíocht an Gharda Síochána ag foilsíú Feasacháin Ráithiúla den tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail, agus ní gá mar gheall air sin comparáidí ráithiúla a dhéanamh i dtuarascálacha bliantúla níos mó.

- 1 *Áirítear leis sin a bheith i d'íospartach buirgléireachta, gadaíochta, robála, damáiste choiriúil, ionsaithe, nó calaoise.*
- 2 Beasley, T. M., & Schumacker, R. E. (1995). *Multiple Regression Approach to Analyzing Contingency Tables: Post Hoc and Planned Comparison Procedures. The Journal of Experimental Education, 64(1): 79-93*
- 3 Sharpe, D. (2015). *Your Chi-Square Test is Statistically Significant: Now What? Practical Assessment, Research & Evaluation, 20(8)*
- 4 Kent, R.A (2015). *Analysing Quantitative Data Variable-based and Case-based Approaches to Non-Experimental Datasets. SAGE Publications Ltd*

Tábla 1: Próifíl shamplach den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2017

Inscne	Aois	Aicme Shóisialta	Réigiún
Fir	49%	18 - 24	12%
Mná	25 - 34	22%	AB
	35 - 44	20%	C1
	45 - 54	17%	DE
	55 - 64	14%	F
	65+	15%	
			13%
			28%
			28%
			21%
			31%
			7%
			28%
			27%
			17%

Limistéar	Náisiúntacht	Eitneacht	Creideamh
Cathair	36%	Éireannach	86%
Uirbeach eile	27%	RA	4%
Tuaithe	37%	Polannach	3%
		Liotuánach	1%
		Indiach	1%
		Eile	5%
			85%
			11%
			2%
			2%
			1%
			1%
			14%

Tábla 2: Sainmhínithe ar na grúpaí aicmí sóisialta

Aicme Shóisialta	Description
A	Ardbhainistíocht, gairmiúil.
B	Bainistíocht idirmheánach, gairmiúil, cuntasóir.
C1	Maoirseacht nó cléireach, bainisteoir sóisearach, Alta, Múinteoir, ionadaí díolachán, úinéir siopa. Mac léinn.
C2	Oibrí oilte (e.g. bríceadóir oilte, siúinéir, pluiméir, péintéir, bus, tiománaí otharchairr, tiománaí HGV, fear patróil AA, tábhairneoir), Gruagaire, feisteoir
D	Obair láimhe leathoilte nó neamhoilte (e.g. oibríthe láimhe, gach printíseacht le bheith ina gceirdeanna oilte, airígh, coimeádaí carrchlóis, tiománaí gan cheadúnas HGV, cúntóir siopa), Fear Poist, Bearbóir, tiománaí tacsáí, freastalaí beáir. Oibrí ócáideach (nach bhfuil i bhfostaíocht bhuan)
E	Bean/fear tí. Ar scor agus ag maireachtáil ar phinsean stáit. Duine dífhostaithe nó duine nach bhfuil ag obair i ngeall ar thinneas fadtéarmach. Cúramóir lánaimseartha ag tabhairt aire do dhuine eile sa teaghlach
F	Feirmeoir

# Tuairimí an Phobail maidir le Coireacht in Éirinn



Tá na tuairimí maidir le tromchúiseacht fhadhb náisiúnta agus áitiúil na coireachta ag laghdú thar scuab-shuirbhéanna le déanaí anuas



Ceapann freagróirí i gcónaí nach bhfuil an coireacht chomh tromchúiseach ina gceantar áitiúil is atá an coireacht go náisiúnta



**29%**

d'fhreagróirí faoin tuath a cheapann go bhfuil fadhb an-tromchúiseach leis an gcoireacht náisiúnta



**19%**

d'fhreagróirí na cathrach a cheapann go bhfuil fadhb an-tromchúiseach leis an gcoireacht náisiúnta



Fadhb níos mó le coireacht áitiúil sa chuid eile de Chúige Laighean



Níos mó seans ann go bhféachfaidh freagróirí níos sine ar coireacht náisiúnta mar fadhb

Fiafraíodh de fhreagróirí an tsuirbhé faoi cad a cheap siad den leibhéal coireachta go náisiúnta, agus ina gceantar áitiúil. Mheas freagróirí go raibh an fhadhb leis an gcoireacht go náisiúnta sách tromchúiseach, ach tá laghdú tagtha air sin thar scuab-shuirbhéanna éagsúla. Ní dóigh leo go bhfuil an coireacht chomh tromchúiseach sin ina gceantar áitiúil féin go fóill.

## Tuairimí maidir le coireacht in Éirinn: go náisiúnta agus go háitiúil

I rith 2017, mheas 24% d'fhreagróirí go raibh fadhb na coireachta an-tromchúiseach ar bhonn náisiúnta in Éirinn, mheas 50% go raibh sé tromchúiseach, mheas 23% go raibh fadhb éigin leis, agus luaigh 2% nach raibh aon fadhb leis. I gcomparáid leis sin, nuair a fiafraíodh do fhreagróirí faoi coireacht ina gceantar áitiúil féin, thuairiscigh 3% gur fadhb an-tromchúiseach é, mheas 17% gur fadhb tromchúiseach é, luaigh 51% go raibh fadhb éigin leis agus dúirt 29% nach raibh aon fadhb leis.

## Ar tháinig athrú ar thuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil idir 2015, 2016 agus 2017?

Tríd is tríd, tá an tuairim maidir leis an gcoireacht mar fadhb

thromchúiseach nó an-tromchúiseach tite ó 2015 (áit a raibh sé ag 78%) go dtí 77% in 2016 agus 74% in 2017. Mar sin féin, bhí roinnt éagsúlachtaí laistigh de sin. Mar a fheictear i bhfíor 1, idir 2015 agus 2016 thuairiscigh cion níos airde freagróirí go raibh fadhb an-tromchúiseach leis an gcoireacht go náisiúnta. Idir 2016 agus 2017 tháinig titim 11% ar thuairimí maidir le coireacht mar fadhb thromchúiseach, ó 35% go dtí 24%. Rud spéisiúil ann féin, idir 2015 agus 2016, ná nár fhreagair an oiread daoine go raibh fadhb thromchúiseach le coireacht go náisiúnta, mar sin féin idir 2016 agus 2017 thuairiscigh cion níos mó (+8%) go raibh fadhb thromchúiseach le coireacht go náisiúnta. Mar sin, tríd is tríd tá laghdú feicthe againn ar an gcion d'fhreagróirí a fhéachann ar an gcoireacht mar fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach, agus laistigh de sin, tá laghdú feicthe againn freisin ar an gcion a fhéachann air mar rud an-tromchúiseach.

I gcomparáid leis sin, in 2015 bhí 31% de dhaoine a mheas go raibh coireacht ina gceantar áitiúil an-tromchúiseach nó tromchúiseach, ag titim go dtí 23% in 2016. Mar a thaispeántar i bhfíor 2, thit an líon a léirigh an tuairim sin tuilleadh go dtí 20% in 2017. Bhí tábhacht staitistiúil leis na hathruithe sin ar fad a bhfuil cuntas orthu thuas.

Bailíonn an suirbhé raon faisnéis déimeagrafach agus

tíreolaíoch, agus faightear amach freisin cibé an raibh na freagróirí i dteagmháil leis an nGarda Síochána sa 12 mhí roimhe sin. Leis sin bítear in ann iniúchadh breise a dhéanamh ar thuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil.

## Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir


Taispeánann Tábla 4 agus 5 é sin i rith 2017:

**Inscne:** bhí níos mó seans ann go mbreathnódh mná ar choireacht náisiúnta mar rud a bhfuil fadhb thromchúiseach léi agus níos lú seans ann go mbreathnódh siad air mar rud a raibh fadhb éigin leis.


**Aois:** bhreathnaigh daoine i ngrúpaí níos sine ar choireacht náisiúnta mar fhadhb níos tromchúisí i gcomparáid leo siúd in aoisghrúpaí níos óige.

**Aicme Sóisialta:** mheas líon níos mó freagróirí as aicme sóisialta F go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht náisiúnta (36%) i gcomparáid le haicme sóisialta AB (18%).

**Fíor 1: Athruithe ar thuairimí maidir le coireacht náisiúnta in Éirinn idir 2015, 2016 agus 2017**



**Fíor 2: Athruithe ar thuairimí maidir le coireacht áitiúil in Éirinn idir 2015, 2016 agus 2017**



**Tábla 4: Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois							Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh-Éireannach	
Fadhb an-tromchúiseach	24%	25%	13%	19%	22%	26%	31%	39%	18%	21%	25%	28%	36%	26%	13%	
Fadhb thromchúiseach	48%	52%	51%	51%	50%	52%	49%	46%	50%	50%	52%	48%	51%	51%	46%	
Fadhb éigin	25%	21%	33%	27%	26%	20%	19%	14%	29%	27%	21%	22%	13%	22%	34%	
Níl fadhb ann	3%	2%	-	4%	-	-	-	-	-	2%	-	3%	-	1%	8%	

**Tábla 5: Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta in Éirinn de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí					
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+ km	
Fadhb an-tromchúiseach	16%	24%	32%	27%	19%	27%	29%	28%	22%	26%	29%	26%	
Fadhb thromchúiseach	49%	52%	51%	47%	50%	49%	51%	49%	51%	51%	54%	51%	
Fadhb éigin	32%	22%	16%	25%	29%	22%	19%	21%	25%	20%	16%	21%	
Níl fadhb ann	3%	2%	-	-	3%	2%	2%	-	2%	-	-	-	

**Náisiúntacht:** mheas líon níos mó de náisiúnaigh na hÉireann go raibh fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach le coireacht náisiúnta (77%) i gcomparáid le náisiúnaigh neamh-Éireannacha (59%).

**Réigiún:** mheas freagróirí i mBaile Átha Cliath (65%) nach raibh fadhb na coireachta go náisiúnta chomh tromchúiseach is a cheap siad siúd i gCúige Mumhan (83%).

**Uirbeach/Tuaithe:** mheas freagróirí faoin tuath go raibh fadhb níos tromchúisí le coireacht náisiúnta agus thuiriscigh 29% go raibh fadhb an-tromchúiseach leis i gcomparáid le 19% d'fhreagróirí as an 'gcathair'.

**Fad ó stáisiún na nGardaí:** níorbh léir aon difríocht shuntasach idir tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus an fad a bhí freagróirí ina gcónaí ó stáisiún Gardaí.

## Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Tá na tuairimí maidir le coireacht áitiúil i rith 2017 de réir éagsúlachtaí déimeagrafacha agus tíreolaíocha taispeántar i dtábla 6 agus 7:

**Inscne:** bhreathnaigh fir agus mná ar an gcaoi chéanna ar dhéine fhadhb na coireachta go háitiúil.

**Aois:** nuair a fiafraíodh faoi choireacht go háitiúil, thuiriscigh 37% díobh siúd idir 18-24 nach raibh aon fhadhb le coireacht

ina gceantair áitiúla i gcomparáid le 26% de dhaoine os cionn 65 bliain d'aois.

**Aicme Sóisialta:** ní raibh aon difríochtaí bunúsacha i dtuairimí maidir le coireacht áitiúil thar aicmí sóisialta.

**Náisiúntacht:** thuiriscigh líon níos mó de náisiúnaigh neamh-Éireannacha (43%) nach raibh fadhb le coireacht go háitiúil i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (27%).

**Réigiún:** is mó go mbreathnódh freagróirí sa chuid eile de Chúig Laighean ar choireacht áitiúil mar fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach i gcomparáid leo sin i gCúige Chonnacht/Uladh.

**Uirbeach/Tuaithe:** is lú seans a bhí ann go mbreathnódh freagróirí i limistéir 'cathrach' ar choireacht áitiúil mar rud 'nach bhfuil fadhb leis' (24%) i gcomparáid leo siúd i gceantair thuaithe (35%).

**Fad ón stáisiún Gardaí:** mar atá thuas níl aon difríochtaí suntasacha i dtuairimí maidir le coireacht áitiúil agus an fad ón stáisiún Gardaí áitiúil.

## Foinsí faisnéise a mbíonn tionchar acu ar thuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil (gné nua le haghaidh 2017)

Bíonn tionchar ag go leor rudaí ar thuairimí maidir leis an gcoireacht. Nuair a cuireadh an cheist, thuiriscigh 41% d'fhreagróirí go raibh an teilifís ar an bpríomhfhoinse faisnéise

**Tábla 6: Tuairimí maidir le coireacht áitiúil in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh-Éireannach
Fadhb an-tromchúiseach	3%	3%	-	-	4%	4%	-	-	-	3%	3%	3%	-	3%	-
Fadhb thromchúiseach	17%	17%	13%	15%	16%	20%	18%	18%	18%	16%	19%	16%	15%	18%	11%
Fadhb éigin	50%	53%	47%	51%	53%	51%	52%	54%	53%	53%	48%	51%	55%	53%	45%
Níl fadhb ann	30%	28%	37%	31%	26%	25%	28%	26%	27%	29%	30%	29%	28%	27%	43%

**Tábla 7: Tuairimí maidir le coireacht áitiúil in Éirinn de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí					
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km	
Fadhb an-tromchúiseach	3%	5%	3%	-	3%	4%	3%	3%	3%	4%	-	-	
Fadhb thromchúiseach	19%	21%	13%	12%	18%	19%	14%	18%	18%	17%	16%	10%	
Fadhb éigin	58%	46%	50%	52%	55%	51%	48%	48%	53%	52%	45%	53%	
Níl fadhb ann	20%	29%	34%	32%	24%	27%	35%	31%	26%	28%	37%	34%	

faoi leibhéal na coireachta náisiúnta in Éirinn. Ina dhiaidh sin bhí 'raidió/raidió áitiúil' (22%) agus 'nuacht/meáin ar líne' (14%).

I gcomparáid leis sin, nuair a fiafraíodh de fhreagróirí faoin bpríomhfhoinsé faisnéise a mbíonn tionchar aige ar a gcuid tuairimí maidir le coireacht áitiúil, thuiriscigh 50% 'focal ó chara/cairde nó teaghlach/comharsana/muintir na háite', thuiriscigh 15% 'raidió/raidió áitiúil' agus thuiriscigh 12% 'na meáin shóisialta'.

## Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Taispeántar i dtábla 8 agus 9 an leithdháileadh freagraí ar na ceisteanna maidir le tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil, á scrúdú ag cibé an raibh teagmháil amháin nó níos mó de theagmháil féinbhionscanta nó tionscanta ag na Gardaí ag freagróirí leis an nGarda Síochána le 12 mhí anuas. Bhí sé mar aidhm leis sin scrúdú a dhéanamh ar cibé an raibh tionchar ag teagmháil le déanaí le heagraíocht an Gharda Síochána ar thuairimí na ndaoine maidir le fadhb na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil.

Mheas freagróirí a rinne teagmháil iad féin leis na Gardaí, agus i gcás gurb iad na Gardaí a rinne an teagmháil, go raibh fadhb na coireachta go náisiúnta níos tromchúisí ná mar a mheas siad siúd nach raibh aon teagmháil acu le heagraíocht an Gharda Síochána. Mheas freagróirí a rinne teagmháil iad féin leis an nGarda Síochána go raibh fadhb na coireachta go háitiúil níos tromchúisí i gcomparáid le freagróirí i gcásanna ina ndearna na Gardaí féin an teagmháil leo. Mheas na daoine sin nach raibh aon teagmháil acu leis an nGarda Síochána nach raibh coireacht náisiúnta agus áitiúil chomh tromchúiseach leo sin a raibh aon teagmháil acu leis na Gardaí sa 12 mhí roimhe sin.

**Tábla 8: Tuairimí maidir leis an gcoireacht go náisiúnta in Éirinn de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéinbhionscanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Fadhb an-tromchúiseach	28%	29%	23%
Fadhb thromchúiseach	51%	51%	50%
Fadhb éigin	20%	18%	25%
Níl fadhb ann	1%	2%	3%

**Tábla 9: Tuairimí maidir leis an gcoireacht áitiúil in Éirinn de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéinbhionscanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Fadhb an-tromchúiseach	5%	-	2%
Fadhb thromchúiseach	22%	13%	15%
Fadhb éigin	49%	52%	52%
Níl fadhb ann	23%	32%	30%


## Achoimre

- Leantar ag féachaint ar fhadhb na coireachta go náisiúnta mar fhadhb níos tromchúisí ná mar atá sé ar an leibhéal áitiúil; ba léir é sin thar gach grúpa freagróirí agus limistéar tíreolaíoch
- Idir 2015 agus 2017, bhí líon na bhfreagróirí a thuiriscigh 'gur fadhb thromchúiseach' fadhb na coireachta go náisiúnta tite bliain ar bhliain
- Bhí titim den chineál céanna i gceist maidir leo siúd a cheap gur ceist tromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht go háitiúil; bhí laghdú 11% ar líon na bhfreagróirí a thuiriscigh é sin idir 2015 agus 2017
- Bhí na tuairimí maidir le tromchúiseacht fhadhb na coireachta go náisiúnta níos mó i measc grúpaí daoine scothaosta, chomh maith le náisiúntacht Éireannach; is beag difríochtaí a tugadh faoi deara nuair a scrúdaíodh tromchúiseacht fhadhb na coireachta go háitiúil de réir aoise
- Mheas freagróirí sa chuid eile de Chúige Laighean go raibh an fhadhb is mó le coireacht áitiúil, agus bhí an tuairim maidir leis sin níos ísle i measc freagróirí i gCúige Chonnacht/Uladh

I gcodanna amach anseo, déantar scrúdú ar thuairimí maidir le fadhb na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil i dtaca leis an taithí atá ag freagróirí ar íospairt, an eagla agus an imní a bhíonn orthu faoi choireacht, chomh sásta is atá siad leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil, agus a muintir in eagraíocht an Gharda Síochána, chomh maith lena dtuairimí maidir leis an eagraíocht.



# Íospartaigh na Coireachta



Bhí 383 íospartach coireachta laistigh den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2017. Iarradh ar fhreagróirí smaoineamh ar gach teagmhas coireachta ábhartha a tharla sa 12 mhí sula ndearna siad an t-agallamh, fiafraíodh dóibh cibé ar thuiriscigh siad an choireacht is déanaí don Gharda Síochána, na cúiseanna a bhí acu gan an choir sin a thuirisciú, chomh maith lena sástacht leis an gcaoi ar láimhseáil na Gardaí an teagmhas.

Déantar scrúdú sa chuid seo ar an gcéatadán d'fhreagróirí an tsuirbhé a bhí mar íospartaigh coire amháin ar a laghad sa 12 mhí roimh a n-agallamh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (dá dtagraítear go minic mar an ráta íospartha). Tomhaistear sa Suirbhé an céatadán de dhaoine fásta (18 mbliana déag agus os a chionn) a bhí ina n-íospartaigh coireachta is cuma ar thuiriscigh siad an choir do na Gardaí nó nár thuiriscigh.

## Íospairt in Éirinn


Níorbh íospartaigh coireachta móramh na bhfreagróirí sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2017. Bhí ráta íospartha de 6% laistigh de shampla 2017. I mbeagán focal, as an 6,000

duine a ndearnadh suirbhé orthu, thug 383 duine fásta tuairisc go raibh siad ina n-íospartach coireachta le 12 mhí anuas. As an 383 íospartach sin, thuiriscigh 34 go raibh siad ina n-íospartaigh coireachta níos mó ná uair amháin.

Mar a tugadh le fios i dtuarascáil na bliana seo caite, idir 2015 agus 2016 tháinig laghdú ó 11% go dtí 8% ar an líon daoine fásta a bhí ina n-íospartaigh coireachta. Thit an ráta íospartha níos faide idir 2016 agus 2017, ó 8% go dtí 6%. Bhí tábhacht staitistiúil leis na hathruithe sin go léir.


Thar an tréimhse 2015 go 2017, tháinig athrú mar sin féin ar na rátaí íospartha. Mar is léir i bhfíor 3, bhí laghdú leanúnach ar an leibhéal íospartha coireachta idir R1 2015 agus R4 2017, agus é ag an leibhéal is ísle i rith R2 2017 ag 5.7%. Ba chóir a thabhairt ar aird nuair a dhéantar anailís ar chomhréireanna níos lú méadaíonn an lamháil earráide, agus dá bhrí sin ba cheart a bheith cúramach nuair a bhítear ag baint brí as athruithe den sórt sin.

**Fíor 3: An leibhéal íosparta coireachta ó R1 2015 go R4 2017**



Tugtar sonraí i bhFíor 4 den chineál coireachta is déanaí a bhain d'íospartaigh coireachta; buirgléireacht (25%), damáiste coiriúil (18%) agus ionsaí (12%) - na príomhchoireanna a bhain d'fhreagróirí. Tá na treochtaí sin cosúil a bheag nó a mhór leo sin a tuairiscíodh in 2015 agus 2016.

**Fíor 4: An choireacht is déanaí a tharla le 12 mhí anuas**



I sampla 2017, ní raibh aon tionchar ag inscne ar an dóchúlacht go mbeadh sé ina íospartach coireachta. Comhdhlúthaíodh aoisghrúpaí sa chaoi is go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar threochtaí leathana. Ní raibh aon éagsúlacht mhór san íospairt thar aoisghrúpaí; ba íospartaigh coireachta 6.6% den aoisghrúpa 18-34 sa 12 mhí roimhe sin, tuairiscigh 7.3% díobh siúd idir 35 agus 54 bliain d'aois go raibh siad ina n-íospartach coireachta, i gcomparáid le 5.0% díobh sin atá 55 bliain d'aois agus os a chionn.

Is mó seans a bhí ann go raibh freagróirí i mBaile Átha Cliath (10.7%) ina n-íospartaigh coireachta i gcomparáid leo sin i gCúige Chonnacht/Uladh (3.7%). Thuairiscigh líon níos mó d'fhreagróirí i limistéir chathrach (9.4%) go raibh siad ina n-íospartaigh coireachta i gcomparáid leo siúd a bhí ina gcónaí i gceantair thuaithe (4.3%). Bhí tábhacht staitistiúil leis na difríochtaí sin.

### Íospairt a thuairiscíú in Éirinn

Níor thug gach íospartach tuairisc do na Gardaí maidir leis an gcoir a rinneadh orthu. As an 383 a bhí ina n-íospartach coir amháin ar a laghad, thuairiscigh 323 ar an eachtra ba dhéanaí a bhain dóibh. Ó rinneadh athsheoladh ar an Suirbhé

ar Dhearcadh an Phobail, bhí líon na n-íospartach a bhí ag tuairiscíú coireanna do na Gardaí bailithe i méid de réir a chéile - ó 75% in 2015 go dtí 79% in 2016 agus go dtí 84% in 2017. Ní raibh na hathruithe sin tábhachtach go staitistiúil áfach.

Taispeántar i dTábla 10 na coireanna is minice a thuairiscítear do na Gardaí. Dar leis na trí shuirbhé is déanaí; ba iad buirgléireacht, robáil (ó mhaoin) agus gadaíocht cairr na cineálacha coireanna ba mhinice a tuairiscíodh. Idir 2016 agus 2017 bhí méadú ar thuairiscíú na gcionta go léir, cé is moite de bhuirgléireacht.

**Tábla 10: Tuairiscíú ar an gcoir is déanaí a bhain do dhuine**

	2015	2016	2017
Buirgléireacht	91%	95%	92%
Robáil (ó mhaoin)	91%	92%	88%
Goid cairr	97%	89%	96%
Coireacht eile	83%	81%	86%
Robáil (ó dhuine)	81%	75%	81%
Damáiste coiriúil	76%	74%	84%
Ionsaí	71%	68%	81%
Goid rothair	57%	67%	76%
Goid eile	77%	63%	79%
Calaois	42%	62%	73%
Goid (ó dhuine)	33%	54%	82%
Calaois ar líne	27%	36%	68%

A chinneadh cibé an mbíonn tionchar ag go leor cúinsí ar choir a thuairiscíú nó gan a thuairiscíú. Taispeántar i dTábla 11 ar an iomlán na cúiseanna is coitianta a bhíonn ag daoine gan tuairisc a thabhairt ar choir ó shuirbhé 2017: ní chreideann siad go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh (44%), ní mheasann siad go bhfuil an choir sách tromchúiseach (33%), nó ní chreideann siad go ndéanfadh na Gardaí aon rud (26%). Bhí siad sin cosúil a bheag nó a mhór le cúiseanna a thug freagróirí i suirbhéanna 2015 agus 2016.

**Tábla 11: Na cúiseanna nár tuairiscíodh coireacht torthaí**

Níor chreid mé go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh	44%
Ní raibh an eachtra sách tromchúiseach	33%
Níor chreid mé go ndéanfadh na Gardaí aon rud	26%
Réitigh mé féin an scéal	21%
Cúis eile (Sonraigh le do thoil)	4%
Thug mé tuairisc faoi d'údarás eile	8%
Ní raibh mé ag iarraidh go mbeadh aon bhaint ag na Gardaí leis	5%
Ní raibh gá éileamh a dhéanamh ar an árachas	2%
Eagla roimh dhíoltas ó lucht déanta na coire nó dreamanna eile	3%
Ní raibh sé de thriail agam	2%


## Taithí ar choir a thuairisciú

Iarradh ar íospartaigh ar tharla coir dóibh le 12 mhí anuas cuntas a thabhairt ar a dtaithí maidir le coir a thuairisciú do na Gardaí.

- D'aontaigh **65%** gur thug na Gardaí freagra tapa nuair a thuairiscigh siad an eachtra, tá méadú 5% phointe air sin ó shuirbhé 2016 (60%) agus 2% phointe ó shuirbhé 2015 (63%)
- Thuairiscigh **74%** gur tugadh ainm an Gharda/na nGardaí a d'fhiosraigh an cás dóibh, suas 5% ar shuirbhé 2016 (69%) agus 3% ar shuirbhé 2015 (71%)
- Tugadh sonraí teagmhála stáisiún na nGardaí do **70%**, tá sé sin mórán mar an gcéanna ó 2016 i leith, ach síos 3% ó shuirbhé 2015 (73%)
- Tugadh uimhir PULSE do **44%** d'íospartaigh, méadú 1% ar an mblain seo caite (43%) agus 10% ó 2015 i leith (34%)
- Ar deireadh, thuairiscigh **50%** d'íospartaigh gur tugadh uimhir línte cabhrach/seirbhísí d'íospartaigh dóibh, i gcomparáid le 41% sa suirbhé deiridh agus 33% i suirbhé 2015

Fiafraíodh freisin de na freagróirí cibé an raibh an fhaisnéis a tugadh dóibh i rith na heachtra is déanaí a tharla dóibh sásúil; in 2017, luaigh 36% nach bhfuair siad dóthain faisnéise; dúirt

**Fíor 5: Faisnéis a tugadh d'íospartaigh 2015, 2016 agus 2017**



53% go raibh sé ceart a bheag nó a mhór; agus dúirt 1% go bhfuair siad an iomarca faisnéise. Laistigh den sampla sin, thuairiscigh 10% nár tugadh aon nuashonrú dóibh ar dhul chun cinn an imscrúdaithe. Féach fíor 5 i gcomhair comparáidí idir 2015, 2016 agus 2017.

## Sástacht le freagra na nGardaí i measc íospartach coireachta


I measc na n-íospartach a thug tuairisc maidir lena gcoir i sampla 2017, dúirt 22% go raibh siad an-sásta leis an gcaoi ar láimhseáil na Gardaí a gcás, bhí 36% sách sásta, agus bhí 24% míshásta, agus bhí 17% an-mhíshásta (féach fíor 6).

Idir 2015 agus 2016, ní raibh aon athrú suntasach ar leibhéal sástachta na n-íospartach leis an gcaoi ar láimhseáil an Garda Síochána a gcás (cé go raibh roinnt éagsúlachtaí laistigh de sin idir iad sin a dúirt go raibh siad an-sásta agus sách sásta). Ar an gcaoi chéanna, idir 2016 agus 2017, ní raibh aon athrú suntasach i leibhéal sástachta na n-íospartach.

Thar shampla 2017 ar fad, bhí roinnt éagsúlachta i leibhéil shástachta nuair a scrúdaíodh grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha, limistéir agus íospartach (féach tábla 12).

**Inscne:** bhí níos mó íospartach ban (65%) ná íospartach fear (52%) sách sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dóibh.

**Fíor 6: Athruithe i sástacht i measc íospartach 2015, 2016 agus 2017**



**Tábla 12: Sástacht íospartach leis an gcaoi ar láimhseáil an Garda Síochána eachtra coireachta le déanaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois			Aicme shóisialta		Uirbeach/Tuaithe		
	Fir	Mná	18-34	35-54	55+	ABC1	C2DEF	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe
An-sásta	21%	23%	-	-	-	26%	18%	22%	-	-
Sách sách	31%	42%	38%	40%	-	33%	40%	40%	-	42%
Sách míshásta	29%	20%	26%	-	-	27%	23%	23%	-	-
An-mhíshásta	20%	15%	-	-	-	-	20%	-	-	-

**Aois:** i ngeall ar an sampla beag íospartach, comhdhlúthaíodh aoisghrúpaí ionas go bhféadfaí treochtaí leathana a scrúdú. Bhí leibhéil shástachta ina measc siúd idir 35 agus 54 bliain d’aois i gcomparáid leo siúd in aoisghrúpaí eile; i ngeall ar chomhaireamh íseal ní féidir na figiúirí sin a chur i láthair.

**Aicme Sóisialta:** comhdhlúthaíodh grúpálacha aicme sóisialta chun go bhféadfar scrúdú a dhéanamh dhá ghrúpáil leathana. Thuairiscigh aicmí sóisialta ABC1 agus C2DEF leibhéil shástachta mar an gcéanna.

**Uirbeach/Tuaithe:** bhí íospartaigh i gceantair ‘uirbeach eile’ (49%) beagán níos míshásta i gcomparáid le dreamanna i ‘gcathair’ (38%) agus i gceantair thuaithe (41%). Ní raibh aon tábhacht staitistiúil, áfach, leis na difríochtaí sin.

## An mbíonn tionchar ag íospairt ar thuairimí maidir le coireacht?

Tá difríochtaí i dtuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil miondealaithe de réir saintréithe na n-íospartach tugtha i dtábla 13. Mheas líon beagán níos mó d’íospartaigh choireachta (77%) go raibh fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach le coireacht náisiúnta in 2017, i gcomparáid le neamh-íospartaigh (74%); ní raibh aon tábhacht staitistiúil leis an difríocht sin, áfach.

Tá na difríochtaí níos suntasaí nuair a dhéantar scrúdú ar thuairimí maidir le coireacht áitiúil; mheas líon níos mó íospartach (8%) gur fadhb an-tromchúiseach an choireacht áitiúil i gcomparáid le neamh-íospartaigh (3%). Ar an gcaoi chéanna, mheas líon níos mó d’íospartaigh (31%) ná neamh-íospartaigh (16%) go raibh fadhb thromchúiseach le coireacht go háitiúil; bhí tábhacht staitistiúil leis na difríochtaí sin.

**Tábla 13: Tuairimí maidir le coireacht de réir íospartha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
<b>Coireacht Náisiúnta</b>		
Fadhb an-tromchúiseach	24%	31%
Fadhb thromchúiseach	50%	46%
Fadhb éigin	23%	21%
Níl fadhb ann	2%	3%
<b>Coireacht Áitiúil</b>		
Fadhb an-tromchúiseach	3%	8%
Fadhb thromchúiseach	16%	31%
Fadhb éigin	52%	47%
Níl fadhb ann	30%	14%

## Achoimre

- Taispeánadh i suirbhé 2017 go raibh líon na n-íospartach coireachta (6%) sa sampla níos ísle ná an líon a taifeadadh i samplaí 2016 (8%) agus 2015 (11%)
- Is iad buirgléireacht, damáiste coiriúil agus ionsaí na cineálacha coireachta is coitianta a tharlaíonn d’íospartaigh
- Thug 84% d’íospartaigh choireachta, thar shampla 2017, tuairisc maidir leis an gcoir a bhain dóibh don Gharda Síochána; goid cairr an choir ba mhó a tuairiscíodh, agus ansin buirgléireacht agus robáil (ó mhaoin)
- Ba é an chúis ba choitianta a luadh faoi gan coir a thuairisciú ná “Níor cheap mé go mbeadh na Gardaí in ann aon rud a dhéanamh”
- Thuairiscigh 58% d’íospartaigh go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána; dúirt 53% go bhfuair siad an leibhéal ceart faisnéise nuair a bhí an eachtra á fhiosrú
- Ba mhó seans go mbreathnódh íospartaigh choireachta ar choireacht áitiúil mar fhadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach i gcomparáid le neamh-íospartaigh

I gcodanna eile cuirfear tionchar an íospartha ar an eagla agus an imní a bhíonn ar freagróirí faoi choireacht, a dtosaíochtaí póilínéachta, sástacht leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil agus muinín sa Gharda Síochána, chomh maith lena dtuairimí maidir le heagraíocht an Gharda Síochána i láthair.

# Eagla agus Imní faoi Choireacht

**52%**

d'fhreagróirí a raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartach coireachta - díobháil phearsanta, goid nó damáiste dá maoin, nó an dá cheann

Thuaiscigh freagróirí i gCúige Laighean an leibhéal eagla is mó faoi choireacht i gcomparáid le réigiúin eile

Thuaiscigh daoine i mBÁC go raibh an tionchar is mó ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcaighdeán saoil.



Laghdaigh na leibhéil eagla roimh choireacht idir 2016 agus 2017 agus thuaiscigh líon níos mó freagróirí nach raibh aon tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcaighdeán saoi



**60%**

de dhaoine a thuaiscigh go raibh eagla éigin orthu faoin leibhéal coireachta go ginearálta



De réir mar a mhéadaigh tuairimí na bhfreagróirí maidir le fadhb na coireachta, mhéadaigh freisin an eagla a bhí orthu roimh choireacht, imní faoi íospairt agus tionchar tuairiscithe na heagla roimh choireacht ar a gcaighdeán saoil.

**30%**

a thuaiscigh go raibh tionchar éigin ag an eagla a bhí orthu roimh choireacht ar a gcaighdeán saoil



Bhí leibhéal níos airde eagla roimh choireacht ar íospartaigh coireachta, imní faoi bheith ina n-íospartach coireachta agus thuaiscigh siad go raibh an tionchar is mó ag eagla roimh choireacht ar a gcaighdeán saoil i gcomparáid le daoine nach raibh ina n-íospartaigh

Thuaiscigh tromlach d'fhreagróirí an tsuirbhé gur beag eagla nó nach raibh aon eagla orthu roimh choireacht agus nach raibh aon éifeacht ag an eagla sin roimh choireacht ar a gcaighdeán saoil. Cé go raibh imní ar thuilleadh freagróirí faoi bheith ina n-íospartaigh coireachta, bhí an chion a thuaiscigh nach raibh imní orthu bailithe i méid idir an dá shuirbhé is déanaí.

Cuireann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ceiseanna faoin eagla a bhíonn ar fhreagróirí roimh choireacht, an baol mar a chonaic siadsan é go dtarlódh íospairt, agus cé chomh mór is a bhíonn tionchar ag an eagla atá orthu roimh choireacht ar a gcaighdeán saoil. Tá sé mar aidhm leo sin ár dtuiscint ar imní an phobail faoi choireacht a fheabhsú.


Cuirtear tús leis an gcaibidil seo trí scrúdú a dhéanamh ar bhaol íospartha dar leis na freagróirí.

## Baol íospartha mar a chonacthas é

Fiafraíonn an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail d'fhreagróirí an mbíonn imní orthu go bhféadfadh siad féin, nó aon duine eile a chónaíonn leo, a bheith ina n-íospartach díobhála phearsanta, coireachta maoin, nó an dá cheann. I rith 2017, bhí imní ar 3% d'fhreagróirí faoi dhíobháil phearsanta, dúirt 9% go

raibh eagla orthu go mbeidís ina n-íospartach coireachta maoin, bhí imní ar 40% go mbeidís ina n-íospartach díobhála phearsanta agus coireachta maoin, agus thuaiscigh líon mór freagróirí (48%) nach raibh aon imní orthu go mbeidís ina n-íospartach aon chineál coireachta.

**Fíor 7: Baol íospartha mar a chonacthas é in 2016 agus 2017**



Taispeántar i bhFíor 7 gur thuairiscigh níos lú freagróirí, idir 2016 agus 2017, go raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta, mar aon le híospartach goid nó damáiste maoine. Bhí tábhacht staitistiúil leis na hathruithe sin. Cé gur thuairiscigh níos mó freagróirí go raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh díobhála pearsanta agus íospartach goid nó damáiste maoine idir 2016 agus 2017, níor bhain na hathruithe sin tábhacht staitistiúil amach. Ar an gcaoi chéanna, thuairiscigh tuilleadh freagróirí nach raibh imní orthu faoi bhith ina n-íospartaigh choireachta, ach mar sin féin ní raibh an t-athrú sin tábhachtach go staitistiúil ach an oiread.

### Tuairimí maidir leis an mbaol íospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

I gcomparáid le freagróirí mná, is mó seans go dtuairisceodh fir nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta (51% i gcomparáid le 45%). Mar a thaispeántar i dtábla 14, is mó seans a bhí ann go mbeadh imní ar fhreagróirí os cionn 65 bliain d'aois faoi bheith ina n-íospartaigh díobhála nó gadaíochta pearsanta agus damáiste maoine i gcomparáid leo sin idir 18-24 bliain d'aois (48% i gcoinne 30%). Bhí na tuairimí maidir le híosparthas cosúil a bheag nó a mhór thar na grúpálacha aicme sóisialta. Thuairiscigh líon níos mó de

náisiúnaigh neamh-Éireannacha nach raibh aon imní orthu faoi íospairt (58%) i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (46%).

Nuair a scrúdaíodh grúpálacha limistéir, thuairiscigh 37% d'fhreagróirí i mBaile Átha Cliath nach raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta, i gcomparáid le 58% d'fhreagróirí i gCúige Chonnacht/Uladh. Is mó seans go dtuairisceodh freagróirí ó cheantair thuaithe (53%) nach mbeadh aon imní orthu faoi íospairt i gcomparáid leo sin sna limistéir 'cathair' (40%) (féach tábla 15).

### Baol íospartha mar a chonacthas é de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Taispeántar i dtábla 16 an leithdháileadh freagraí ar na ceisteanna maidir leis an mbaol íospartha mar a chonacthas é, á scrúdú ag cibé an raibh teagmháil féinbhionscanta amháin nó níos mó, nó teagmháil arna thionscnamh ag na Gardaí, le baill den Gharda Síochána sa 12 mhí roimhe sin. Bhí imní ar 57% d'fhreagróirí a chuir teagmháil ar siúl leis an nGarda Síochána, faoi íospairt éigin sa todhchaí. Sin i gcomparáid le 46% d'fhreagróirí ar thionscain an Garda Síochána a dteagmháil, agus 51% d'fhreagróirí nach raibh aon teagmháil acu leis an nGarda Síochána sa 12 mhí roimhe sin.

Tábla 14: An baol mar a chonacthas é go dtarlódh íospairt de réir grúpálacha déimeagrafacha agus

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh-Éireannach
Imní faoi dhíobháil phearsanta	2%	4%	-	3%	3%	-	3%	4%	-	3%	-	4%	-	3%	4%
Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	9%	9%	7%	9%	10%	10%	9%	9%	9%	9%	9%	8%	13%	9%	8%
Imní faoin dá cheann	38%	42%	30%	36%	39%	42%	44%	48%	42%	40%	38%	41%	40%	41%	31%
Gan aon imní	51%	45%	61%	52%	48%	45%	44%	39%	46%	48%	52%	47%	44%	46%	58%

Tábla 15: An baol mar a chonacthas é go dtarlódh íospairt de réir grúpálacha limistéir

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km
Imní faoi dhíobháil phearsanta	3%	-	5%	3%	3%	2%	3%	-	3%	3%	-	-
Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	9%	9%	9%	10%	9%	9%	10%	12%	9%	8%	9%	-
Imní faoin dá cheann	51%	40%	36%	29%	48%	38%	34%	37%	43%	42%	36%	35%
Gan aon imní	37%	50%	50%	58%	40%	51%	53%	48%	46%	47%	52%	52%



**Tábla 16: Baol íospártha mar a chonacthas é de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintionscanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Imní faoi dhíobháil phearsanta	3%	4%	3%
Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	10%	12%	8%
Imní faoin dá cheann	44%	31%	39%
Gan aon imní	43%	54%	49%

### An mbíonn tionchar ag íospairt ar an tuairim a bhíonn ag daoine go dtarlódh íospairt arís?

Is lú seans a bhí ann go dtuairisceodh freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireachta sa 12 mhí roimh a n-agallamh nach raibh imní orthu go mbeidís ina n-íospartaigh choireachta i gcomparáid le daoine nach raibh ina n-íospartaigh. Thuairiscigh beagnach leath (49%) d'íospartaigh neamhchoireachta nach raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta i gcomparáid le 27% d'fhreagróirí, a mheas go raibh siad féin i mbaol tuilleadh íospártha. Mheas níos mó ná a leath (54%) d'íospartaigh choireachta le déanaí go raibh siad féin i mbaol díobhála phearsanta agus goid nó damáiste maoin, i gcomparáid le 39% d'fhreagróirí nach raibh ina n-íospartaigh choireachta.

**Tábla 17: An baol mar a chonacthas é go dtarlódh íospairt arís de bharr íospártha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Imní faoi dhíobháil phearsanta	3%	-
Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	9%	15%
Imní faoin dá cheann	39%	54%
Gan aon imní	49%	27%

### An baol mar a chonacthas é go dtarlódh íospairt de bharr eagla roimh choireacht

Mar atá le feiceáil i dtábla 18 thíos, iadsan a cheap gur dóigh go mbeidís mar íospartach díobhála phearsanta, goid nó damáiste maoin, nó an dá cheann, bhí leibhéil níos mó eagla roimh choireacht orthu go ginearálta i gcomparáid leo sin nach raibh aon imní orthu.

**Tábla 18: An baol mar a chonacthas é go dtarlódh íospairt de bharr eagla roimh choireacht**

	Eagla faoin leibhéal coireachta go ginearálta			Gan eagla
	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fíorbheagán eagla	
Imní faoi dhíobháil phearsanta	-	7%	2%	-
Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	17%	19%	9%	1%
Imní faoin dá cheann	66%	56%	46%	23%
Gan aon imní	-	18%	43%	75%

**Tábla 19: An baol mar a chonacthas é go dtarlódh íospairt de réir na dtuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Imní faoi dhíobháil phearsanta	4%	3%	3%	-	-	-	3%	4%
Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	11%	9%	8%	-	-	12%	8%	8%
Imní faoin dá cheann	48%	43%	29%	-	53%	57%	44%	22%
Gan aon imní	37%	46%	61%	80%	26%	29%	45%	67%

## An baol mar a chonacthas é go dtarlóidh íospairt agus an tuairim maidir le fadhb na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil


D'fhéadfadh tionchar a bheith ag tuairimí duine maidir le fadhb náisiúnta agus áitiúil na coireachta ar an méid imní a bheidh air go mbeidh sé ina íospartach coireachta. Taispeántar i dtábla 19 go raibh imní ar 48% díobh siúd a cheap gur fadhb an-tromchúiseach í an choireacht náisiúnta faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta agus goid nó damáiste dá maoin. Thit sé sin áfach go dtí 29% ina measc siúd a mheas go raibh fadhb éigin le coireacht náisiúnta. Nuair a rinneadh imscrúdú ar dhóchúlacht an íospartha mar a chonacthas é agus tuairimí maidir le coireacht áitiúil, bhí difríochtaí i bhfad níos soiléire le sonrú - bhí imní ar 53% díobh siúd a mheas go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht áitiúil faoi dhíobháil phearsanta agus gadaíocht nó damáiste do mhaoin, i gcomparáid le 22% nár cheap go raibh fadhb le coireacht áitiúil.

## Eagla faoin leibhéal coireachta in Éirinn

Tugtar léargas i bhFíor 8 ar eagla roimh shonraí coireachta; i rith 2017, thuairiscigh 4% d'fhreagróirí go raibh go leor eagla orthu roimh choireacht, thuairiscigh 27% go raibh roinnt eagla orthu, is beag eagla a bhí ar 30%, agus luaigh 40% nach raibh aon eagla in aon chor orthu faoin leibhéal coireachta go ginearálta.

Taispeánadh nuair a rinneadh imscrúdú ar athruithe de réir a chéile go raibh titim ar an líon rannpháirtithe idir 2016 agus 2017 a raibh go leor eagla orthu faoin leibhéal coireachta (7% vs. 4%), chomh maith le roinnt eagla faoin leibhéal coireachta (31% vs. 27%). Bhí méadú suntasach freisin ar líon na ndaoine a thuairiscigh nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta (34% vs. 40%). Bhí tábhacht staitistiúil leis na hathruithe sin go léir.

Fíor 8: Leibhéal eagla faoi choireacht in Éirinn 2016 agus 2017



Tábla 20: Eagla roimh choireacht in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

	Inscne		Aois							Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh-Éireannach	
Go leor eagla faoin leibhéal coireachta	3%	4%	-	3%	4%	4%	6%	4%	5%	3%	3%	4%	-	4%	-	
Roinnt eagla faoin leibhéal coireachta	24%	30%	18%	23%	28%	30%	28%	34%	30%	29%	24%	25%	32%	28%	20%	
Fíorbheagán eagla faoin leibhéal coireachta	30%	30%	26%	31%	28%	29%	30%	33%	27%	30%	30%	30%	32%	30%	26%	
Gan aon eagla in aon chor faoin leibhéal coireachta	43%	37%	54%	43%	39%	38%	36%	29%	38%	39%	43%	40%	34%	38%	51%	

Tábla 21: Eagla roimh choireacht in Éirinn de réir grúpálacha limistéir

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	<1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km
Go leor eagla faoin leibhéal coireachta	4%	5%	3%	-	4%	4%	3%	6%	4%	-	-	5%
Roinnt eagla faoin leibhéal coireachta	26%	26%	31%	24%	26%	29%	26%	32%	26%	26%	25%	28%
Fíorbheagán eagla faoin leibhéal coireachta	25%	36%	27%	31%	27%	31%	32%	28%	31%	28%	30%	31%
Gan aon eagla in aon chor faoin leibhéal coireachta	44%	34%	39%	43%	43%	36%	39%	33%	39%	44%	43%	37%

## Eagla faoin leibhéal coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Tugtar miondealú i dtábla 20 ar na torthaí de réir saintréithe déimeagrafacha. Is mó seans a bhí ann gur thuairiscigh fir nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta go ginearálta i gcomparáid le mná (43% vs. 37%). De réir mar a chuaigh duine in aois, chuaigh an eagla roimh an leibhéal coireachta freisin. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha nuair a scrúdáíodh eagla roimh choireacht de réir grúpálacha aicme sóisialta. Is mó seans a bhí ag náisiúnaigh Neamh-Éireannacha tuairisc a thabhairt nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta (51%) i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (38%).

Bhí an chion d'fhreagróirí a raibh go leor eagla nó roinnt eagla orthu faoin leibhéal coireachta níos airde i gCúige Mumhan (34%) agus níos ísle i gCúige Chonnacht/Uladh (26%). Thuairiscigh tuilleadh freagróirí i gceantair 'uirbeach eile' go raibh go leor nó roinnt eagla orthu faoi choireachta (33%) i gcomparáid le freagróirí 'cathair' (30%) agus tuaithe (29%). Ní raibh aon cheangal suntasach ag an bhfad a bhí freagróirí óna stáisiún Gardaí áitiúil ar na leibhéil eagla roimh choireacht (féach tábla 21).

## Eagla roimh choireacht de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Mar is léir ó thábla 22, bhí leibhéil eagla beagán níos mó roimh choireacht ag freagróirí a raibh aon chineál teagmhála acu leis an nGarda Síochána sa 12 mhí roimhe sin i gcomparáid leo siúd nach raibh aon teagmháil acu leis na Gardaí. Thuairiscigh 43% d'fhreagróirí, nach raibh aon teagmháil acu leis an nGarda Síochána sa 12 mhí roimhe sin, nach raibh aon eagla orthu in aon chor faoin leibhéal coireachta. Sin i gcomparáid le 33% díobh siúd a thionscain teagmháil leis na Gardaí nó iad sin arb iad na Gardaí féin a thionscain teagmháil leo.

**Tábla 22: Eagla roimh choireacht de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintionscanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Go leor eagla faoin leibhéal coireachta	6%	4%	3%
Roinnt eagla faoin leibhéal coireachta	31%	31%	25%
Fíorbheagán eagla faoin leibhéal coireachta	30%	32%	29%
Gan aon eagla in aon chor faoin leibhéal coireachta	33%	33%	43%

## Eagla roimh choireacht agus taithe ar íospairt

Mar is léir i dtábla 23, thuairiscigh líon níos mó d'íospartaigh choireachta go raibh go leor eagla orthu faoi choireacht i gcomparáid leo siúd nárbh íospartaigh iad le 12 mhí anuas (11% vs. 3%). Is lú seans a bhí ann gur thuairiscigh íospartaigh choireachta nach raibh aon eagla orthu in aon chor faoi choireacht (26% vs. 41%).

**Tábla 23: Eagla roimh choireacht de réir íospartha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Go leor eagla faoin leibhéal coireachta	3%	11%
Roinnt eagla faoin leibhéal coireachta	26%	42%
Fíorbheagán eagla faoin leibhéal coireachta	30%	21%
Gan aon eagla in aon chor faoin leibhéal coireachta	41%	26%

**Tábla 24: Eagla roimh choireacht de réir tuairimí maidir le fadhb na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Go leor eagla faoin leibhéal coireachta	9%	3%	-	-	25%	7%	2%	2%
Roinnt eagla faoin leibhéal coireachta	35%	27%	21%	-	30%	36%	29%	18%
Fíorbheagán eagla faoin leibhéal coireachta	25%	30%	36%	-	21%	25%	32%	29%
Gan aon eagla in aon chor faoin leibhéal coireachta	31%	41%	43%	76%	24%	32%	37%	50%

## An mbíonn tionchar ag eagla roimh choireacht ar thuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil?

Chonaiceamar sa chuid roimhe seo go raibh ceangal idir leibhéal inní níos mó faoi íospairt sa todhchaí agus tuairimí go raibh fadhb na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil níos tromchúisí.

I gcás freagróirí a thuaiscigh leibhéal ard eagla roimh choireacht cheap siad freisin go raibh fadhb náisiúnta agus áitiúil na coireachta níos tromchúisí freisin ná iad siúd nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta.

- Ina measc siúd a cheap go raibh fadhb na coireachta an-tromchúiseach go náisiúnta, ní raibh aon eagla in aon chor ar 31% faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le 76% d'fhreagróirí a thuaiscigh nach raibh fadhb le coireacht náisiúnta
- Ar an gcaoi chéanna, ina gcás siúd nach raibh aon eagla orthu roimh fhadhb ghinearálta na coireachta bhí tuairimí níos lú acu maidir le tromchúiseacht fhadhb na coireachta go háitiúil (féach tábla 24)

Déantar iniúchadh sa chaibidil seo anois ar an tionchar tuairiscithe a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha freagróirí.

## An tionchar a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha freagróirí


Ó 2016 i leith, rinneadh scrúdú sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar chomh mór is a théann eagla roimh choireacht i gcion ar cháilíocht beatha freagróirí. Bíonn fadhb le heagla agus le himní má bhíonn drochthionchar aige ar cháilíocht beatha duine.

Mar a thaispeántar i bhfíor 9, thug tromlach na bhfreagróirí le fios nár chuir eagla roimh choireacht isteach go mór ar a gcáilíocht beatha. I rith 2017, thuaiscigh 1% d'fhreagróirí gur laghdaigh eagla roimh choireacht a gcáilíocht beatha go mór, thuaiscigh 2% go raibh a gcáilíocht beatha laghdaithe go

suntasach, dúirt 8% go raibh sé measartha laghdaithe, dúirt 20% go raibh sé laghdaithe de bheagán, agus dúirt an 70% de na daoine a bhí fágtha nár laghdaigh an eagla a bhí orthu roimh choireacht a gcáilíocht beatha in aon chor.

Idir 2016 agus 2017, bhí laghdú ar an líon freagróirí a bhí ag tuairisciú go raibh a gcáilíocht beatha laghdaithe go mór, go suntasach, nó go measartha, mar gheall ar a n-eagla roimh choireacht. Mhéadaigh líon na bhfreagróirí a thuaiscigh nach raibh aon tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht beatha idir 2016 agus 2017 (62% vs. 70%). Bhí tábhacht staitistiúil leis na hathruithe sin go léir.

**Fíor 9: An tionchar a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha**



## An tionchar a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha de grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Thuaiscigh fir agus mná go raibh tionchar den chineál céanna ag a n-eagla roimh choireachta ar a gcáilíocht beatha. De réir mar a chuaigh freagróirí in aois, bhí tionchar níos mó ag an eagla a bhí acu roimh choireacht ar a gcáilíocht beatha. Níor thaispeáin treochtaí thar grúpálacha aicme sóisialta agus náisiúntacht aon difríochtaí suntasacha (féach tábla 25).

**Tábla 25: An éifeacht a bhíonn ag eagla roimh choireacht de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh-Éireannach
Caighdeán laghdaithe go mór	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Caighdeán laghdaithe go suntasach	1%	2%	-	-	-	-	-	-	-	-	-	2%	-	2%	-
Caighdeán laghdaithe go measartha	8%	9%	5%	6%	9%	10%	10%	11%	10%	9%	7%	8%	7%	9%	7%
Caighdeán laghdaithe de bheagán	19%	21%	12%	18%	18%	21%	23%	28%	20%	21%	17%	21%	23%	20%	17%
Gan aon tionchar ar Caighdeán	71%	68%	82%	74%	72%	67%	64%	59%	68%	68%	74%	69%	68%	69%	73%

**Tábla 26: An éifeacht a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km
Caighdeán laghdaithe go mór	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Caighdeán laghdaithe go suntasach	3%	-	-	-	2%	-	-	-	1%	-	-	-
Caighdeán laghdaithe go measartha	12%	9%	6%	5%	11%	8%	6%	9%	8%	8%	8%	9%
Caighdeán laghdaithe de bheagán	26%	18%	21%	12%	24%	18%	17%	15%	22%	21%	19%	15%
Gan aon tionchar ar caighdeán	58%	71%	72%	83%	62%	73%	75%	73%	68%	69%	72%	74%

Bhain laghdaithe mar a chonacthas iad ar cháilíocht beatha freagróirí, leis an eagla a bhí orthu roimh choireacht de réir grúpála limistéir, agus tá siad sin le feiceáil i dtábla 26. Thuairiscigh freagróirí as Baile Átha Cliath an tionchar is mó ar a gcáilíocht beatha (42%), ach thuairiscigh siad siúd i gCúige Chonnacht/Uladh an leibhéal is ísle tionchair (17%). Thuairiscigh freagróirí ón 'gcathair' tionchar níos mó ná freagróirí as 'uirbeach eile' agus freagróirí tuaithe. Is beag tionchar a bhí ag an bhfad a chónaíonn freagróirí ó stáisiún Gardaí ar an éifeacht a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha freagróirí.

### Tionchar ar cháilíocht beatha de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Thuairiscigh freagróirí a raibh aon teagmháil acu leis an nGarda Síochána sa 12 mhí roimhe sin leibhéal tionchair beagán níos mó ar a gcáilíocht beatha mar gheall ar a n-eagla roimh choireacht, i gcomparáid leo siúd nach raibh i dteagmháil in aon chor leis na Gardaí.

**Tábla 27: Eagla roimh choireacht de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintion-scanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Caighdeán laghdaithe go mór	-	-	-
Caighdeán laghdaithe go mór	2%	-	1%
Caighdeán laghdaithe go measartha	10%	7%	8%
Caighdeán laghdaithe de bheagán	22%	21%	19%
Gan aon tionchar ar Caighdeán	64%	70%	72%

### Cén tionchar a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha i measc íospartach coireachta?

Is mó seans a bhí ann go dtabharfadh íospartaigh choireachta tuairisc faoi laghdú ar a gcáilíocht beatha i ngeall ar eagla roimh choireacht i gcomparáid le neamh-íospartaigh (53% vs. 29%).

**Tábla 28: An éifeacht a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha de réir íosparth**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Caighdeán laghdaithe go mór	-	-
Caighdeán laghdaithe go suntasach	1%	-
Caighdeán laghdaithe go measartha	8%	19%
Caighdeán laghdaithe de bheagán	20%	25%
Gan aon tionchar ar caighdeán	71%	47%

### An dtuairiscíonn siad sin a bhfuil na leibhéil is mó eagla orthu roimh choireacht agus imní faoi íospairt an tionchar is mó ar a gcáilíocht beatha?

Is furasta a fheiceáil i dtábla 29 de réir mar a théann an leibhéal eagla roimh choireacht i méid go dtí freisin an tionchar diúltach a bhíonn aige ar cháilíocht beatha freagróirí; thuairiscigh 22% díobh siúd a bhfuil go leor eagla orthu faoin leibhéal coireachta nach raibh aon éifeacht ag a n-eagla ar a gcáilíocht beatha i gcomparáid le 92% nach raibh aon eagla in aon chor orthu roimh choireacht. Freagróirí a thuairiscigh go raibh imní orthu faoi dhíobháil phearsanta thuairiscigh siad freisin an tionchar is mó ar a gcáilíocht beatha, dúirt 37% díobh siúd a raibh imní orthu faoi dhíobháil phearsanta nach raibh aon tionchar ag eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht

saoil, i gcomparáid le 90% díobh siúd nach raibh aon imní orthu faoi íospairt amach anseo.

## An tionchar a bhí ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha freagróirí agus an chaoi ar fhéach siad ar choireacht go háitiúil agus go náisiúnta?

Rinneadh iniúchadh freisin ar thuirimí na bhfreagróirí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil le fáil amach cibé an raibh éagsúlacht ag baint leis na tuairimí sin ag brath ar cibé ar thuiriscigh na freagróirí cáilíocht beatha laghdaithe i ngeall ar an eagla a bhí orthu roimh choireacht:

- Astu sin a mheas go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht náisiúnta, dúirt 62% nach raibh éifeacht ar bith ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht beatha i gcomparáid le 82% nár cheap gur fadhb a bhí ann.
- Is mó seans a bhí go dtuirisceodh freagróirí a thuiriscigh nach raibh aon laghdú ar a gcáilíocht beatha nach raibh fadhb le coireacht áitiúil (84%) in ionad a rá go raibh fadhb an-tromchúiseach leis (44%) (féach tábla 30)

**Tábla 29: An éifeacht a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha de réir eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt**

	Eagla roimh choireacht				Imní faoi íospairt			
	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fiorbheagán eagla	Gan eagla	Imní faoi dhíobháil phearsanta	Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	Imní faoin dá cheann	Gan aon imní
Caighdeán laghdaithe go mór	-	-	-	-	-	-	-	-
Caighdeán laghdaithe go suntasach	17%	3%	-	-	-	-	2%	-
Caighdeán laghdaithe go measartha	32%	19%	7%	-	18%	16%	13%	2%
Caighdeán laghdaithe de bheagán	16%	31%	27%	7%	39%	25%	33%	8%
Gan aon tionchar ar caighdeán	22%	47%	66%	92%	37%	54%	51%	90%

**Tábla 30: An éifeacht a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha de réir tuairimí faoi fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Caighdeán laghdaithe go mór	-	-	-	-	-	-	-	-
Caighdeán laghdaithe go suntasach	3%	1%	-	-	-	4%	1%	-
Caighdeán laghdaithe go measartha	12%	8%	7%	-	20%	16%	8%	4%
Caighdeán laghdaithe de bheagán	22%	21%	18%	-	24%	23%	24%	11%
Gan aon tionchar ar caighdeán	62%	70%	74%	82%	44%	56%	67%	84%



## Achoimre

- › In 2017, bhí imní ar 52% d'fhreagróirí go mbeidís ina n-íospartaigh choireachta (díobháil phearsanta, goid maoinne agus damáiste maoinne) síos ó 54% in 2016
- › Laghdaigh leibhéal eagla roimh choireacht idir 2016 agus 2017 agus thuairiscigh líon níos mó freagróirí nach raibh aon tionchar ag an eagla a bhí orthu roimh an gcoireacht ar a gcáilíocht saoil
- › I rith 2017, thuairiscigh 60% de dhaoine go raibh roinnt eagla orthu roimh an leibhéal coireachta i gcoitinne, agus thuairiscigh 30% go raibh roinnt tionchair ag an eagla a bhí orthu roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil
- › De réir mar a chuaigh siad in aois, mhéadaigh freisin an eagla faoin leibhéal coireachta tríd is tríd agus imní go mbeidís mar íospartach coireachta; thuairiscigh siad sin in aoisghrúpaí níos sine go raibh an tionchar is mó ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil
- › Bhí an líon is mó freagróirí i gCúige Mumhan a thuairiscigh go raibh go leor nó roinnt eagla orthu faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le réigiúin eile
- › Bhí an líon is mó freagróirí i gCúige Chonnachta/Uladh a bhí ag tuairisciú nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta
- › Thuairiscigh siad sin i mBaile Átha Cliath go raibh an tionchar is mó ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil
- › Bhí leibhéal eagla níos airde roimh choireacht i measc íospartach coireachta, agus imní faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta agus thuairiscigh siad go raibh an tionchar is mó ar a gcáilíocht beatha ag an eagla sin roimh an gcoireacht i gcomparáid le neamh-íospartaigh
- › Mar a bheifí ag súil leis, de réir mar a mhéadaigh tuairimí freagróirí faoi fhadhb na coireacht mhéadaigh a n-eagla roimh an gcoireacht freisin, imní faoi íospairt agus thuairiscigh siad go raibh tionchar ag eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil. Tá sé tábhachtach a rá cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag tuairimí ar eagla agus imní faoi choireachta, d'fhéadfadh eagla roimh choireacht tionchar a bhith aige freisin ar tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil

Déantar scrúdú i gcodanna eile den tuarascáil seo ar an tionchar a bhí ag leibhéal shástachta leis an tseirbhís a chuireann eagraíocht an Gharda Síochána ar eagla agus imní faoi choireachta, agus go deimhin muinín, agus tuairimí maidir leis an nGarda Síochána.

# Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

Ar feadh mí amháin i ngach ráithe fiafraíodh do fhreagróirí an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail cé na coireanna a cheap siad ar cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh. Fiafraíodh ceisteanna maidir le tosaíochtaí póilíneachta i mí Eanáir, san Aibreán, i mí Iúil agus Deireadh Fómhair; is é méid iomlán an tsampla le haghaidh na coda seo ná 2,000 freagróir.

## Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

Iarraidh ar freagróirí insint cé na coireanna a mheas siad ba cheart don Gharda Síochána díriú orthu lena laghdú. D'fhéadfaí níos mó ná saincheist amháin sna catagóirí ísle, meánacha agus arda.

Ba iad na tosaíochtaí ba mhó a bhí ag freagróirí ná cionta gnéasacha (97%), gáinneáil ar dhaoine (94%) agus ionsaithe (91%). Ba cionta den ord poiblí, damáiste coiriúil agus cionta tráchta a tosaíochtaí meánacha agus ísle ba mhó a roghnaigh freagróirí. Féach tábla 31.

## Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Chun measúnú a dhéanamh ar dhifríochtaí thar ghrúpálacha agus limistéir shocheacnamaíocha, sannadh aicmí do thosaíochtaí. Sannadh uimhir a haon ar an tosaíocht leis an gcéatadán is airde agus 11 don cheann is ísle. Tugadh an scór aicme céanna dóibh siúd a raibh an t-ualú céanna acu. Tugtar miondealú ar na torthaí i dTáblaí 32 agus 33.

**Tábla 31: Tosaíochtaí póilíneachta a d'aithin freagróirí don Gharda Síochána**

	Tosaíocht arda	Meán Tosaíocht	Tosaíocht ísle
Cionta gnéasacha	97%	3%	1%
Gáinneáil ar dhaoine	94%	4%	1%
Ionsaithe	91%	8%	1%
Robálacha	90%	9%	1%
Armlón neamhdhleathach	89%	10%	1%
Cionta drugaí	86%	13%	2%
Calaois	78%	20%	2%
Buirgléireachtaí	72%	25%	2%
Cionta tráchta	70%	26%	4%
Damáiste coiriúil	65%	31%	4%
Cionta oird phoiblí	41%	44%	15%

Mar a thaispeántar i dtábla 32, beag beann ar aois, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntacht chreid tromlach mór na bhfreagróirí gur chóir don Gharda Síochána tús áite a thabhairt do chionta gnéasacha, ansin gáinneáil ar dhaoine agus ina dhiaidh sin ionsaithe agus robálacha. Ar an gcaoi chéanna, bhí cionta gnéasacha agus gáinneáil ar dhaoine ar na tosaíochtaí móra do thromlach na bhfreagróirí, beag beann ar ghrúpa limistéir. Go sonrach, chuir freagróirí i gCúige Chonnacht/Uladh, chomh maith leo siúd a bhí ina

**Tábla 32: Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir**

	Inscne		Aois							Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh Éireannach	
Cionta gnéasacha	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	
Gáinneáil ar dhaoine	2	2	2	2	2	2	2	2	2	2	2	2	3	2	2	
Ionsaithe	3	3	3	3	5	3	3	3	2	3	3	3	5	3	4	
Robálacha	3	4	4	3	3	4	5	3	4	5	4	6	1	4	3	
Armlón neamhdhleathach	5	4	5	5	3	6	5	5	5	4	5	4	3	5	5	
Cionta drugaí	6	6	6	6	5	5	4	5	6	6	6	5	5	6	6	
Calaois	7	7	7	8	8	8	8	9	7	7	7	7	7	7	7	
Buirgléireachtaí	8	8	7	7	7	7	7	7	8	8	8	8	9	8	8	
Cionta tráchta	9	9	9	8	9	9	10	8	9	9	9	8	10	9	10	
Damáiste coiriúil	10	10	10	10	10	10	9	10	10	10	10	10	7	10	9	
Cionta oird phoiblí	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	

**Tábla 33: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chon-nacht nó Cúige	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km
Cionta gnéasacha	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
Gáinneáil ar dhaoine	2	2	1	4	2	2	2	2	2	2	3	4
Ionsaithe	3	3	5	5	3	3	5	2	3	4	4	5
Robálacha	4	4	4	2	4	5	2	4	4	5	1	2
Cionta drugaí	5	6	6	6	5	6	6	6	6	5	6	6
Armlón neamhdhleathach	6	5	3	3	6	3	4	5	5	3	4	3
Calaois	7	7	7	7	7	7	6	7	7	7	7	7
Buirgléireachtaí	8	8	9	8	8	9	8	8	8	8	8	8
Cionta tráchta	9	9	8	10	9	8	9	8	8	8	8	8
Damáiste coiriúil	10	10	10	9	10	10	10	10	10	10	10	10
Cionta oird phoiblí	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11	11

gcónaí níos faide ná 5km ó stáisiún Gardaí robálacha ar an dara tosaíocht is tábhachtaí a bhí acu. Bhí leanúnachas láidir sna trí tosaíochta ab ísle thar ghrúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir: damáiste coiriúil, cionta tráchta, agus cionta maidir leis an ord poiblí.

### An mbíonn tionchar ag a bheith i d'íospartach coireachta ar tosaíochtaí póilíneachta?

Mar is léir ó thábla 34, d'aithin freagróirí a bhí ina n-íospartaigh coireachta cionta gnéasacha agus gáinneáil ar dhaoine mar rudaí a bhí mar tosaíochtaí móra acu don Gharda Síochána. Bhí na trí tosaíocht ab ísle (damáiste coiriúil, cionta tráchta agus cionta maidir leis an ord poiblí) comhsheasmhach nuair a scrúdaíodh iad de réir stádas na n-íospartach.

**Tábla 34: Tosaíochtaí don Gharda Síochána de réir grúpálacha íospartha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Cionta gnéasacha	1	1
Gáinneáil ar dhaoine	2	2
Ionsaithe	3	3
Robálacha	4	4
Armlón neamhdhleathach	5	5
Cionta drugaí	6	6
Calaois	7	7
Buirgléireachtaí	8	8
Cionta tráchta	9	10
Damáiste coiriúil	10	9
Cionta oird phoiblí	11	11

### Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Rinneadh scrúdú ar dhifríochtaí i dtosaíochtaí póilíneachta bunaithe ar cibé ar chuir freagróirí an teagmháil ar bun iad féin, cibé ar teagmháil a bhí ann ó na Gardaí féin, nó nuair nach raibh aon teagmháil ann le baill na heagraíochta sa 12 mhí roimhe sin. Mar is léir i dtábla 35, bhí na tosaíochtaí mórán mar an gcéanna thar na ngrúpálacha teagmhála, mar sin féin chuir daoine a thionscain an teagmháil leis na Gardaí iad féin ionsaithe ar barr mar tosaíocht mhór i gcomparáid le freagróirí ar chuir na Gardaí féin tús le teagmháil leo.

**Tábla 35: Tosaíochtaí póilíneachta de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Teagmháil fhéintionscanta	Teagmháil tionscanta ag na Gardaí	Gan teagmháil
Cionta gnéasacha	1	1	1
Gáinneáil ar dhaoine	2	2	2
Ionsaithe	3	5	3
Robálacha	4	3	4
Armlón neamhdhleathach	4	3	5
Cionta drugaí	6	6	6
Calaois	7	7	7
Buirgléireachtaí	8	9	8
Cionta tráchta	9	7	9
Damáiste coiriúil	10	10	10
Cionta oird phoiblí	11	11	11

## Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána de réir eagla roimh chuireacht

Rinneadh scrúdú freisin ar an tionchar a bhíonn ag eagla roimh chuireacht ar thosaíochtaí. Mar is léir i dtábla 36, tá comhsheasmhacht mhór sa bhéim a chuirtear ar chionta gnéasacha. Mar sin féin, i gcás freagróirí a raibh go leor nó roinnt eagla orthu roimh chuireacht, chuir siad ionsaithe agus robálacha chun tosaigh ar gháinneáil ar dhaoine (i gcomparáid leo siúd nach raibh aon eagla orthu nó a raibh beagán eagla orthu roimh chuireacht). Roinneadh na ceithre thosaíocht ab ísle beag beann ar an eagla a bhí ar fhreagróirí roimh chuireacht.

**Tábla 36: Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána de réir an leibhéil eagla roimh chuireacht**

	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fíorbheagán eagla	Gan eagla
Cionta gnéasacha	1	1	1	1
Gáinneáil ar dhaoine	6	3	2	2
Ionsaithe	2	4	5	3
Robálacha	3	2	3	4
Armlón neamh-dhleathach	3	4	4	6
Cionta drugaí	3	6	6	4
Calaois	7	7	7	7
Buirgléireachtaí	9	9	8	8
Cionta tráchta	8	8	9	9
Damáiste coiriúil	10	10	9	10
Cionta oird phoiblí	11	11	11	11

## Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir tuairimí faoin gcoireacht

Rinneadh scrúdú freisin ar an tionchar a bhíonn ag tuairimí na bhfreagróirí faoi chomh tromchúiseach is atá an fhadhb leis an gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil agus cad ar cheart don Gharda Síochána tosaíocht a thabhairt, bunaithe ar an tionchar sin. Taispeántar i dtábla 37 i gcás na ndaoine sin a cheapann go bhfuil coireacht náisiúnta an-tromchúiseach, tromchúiseach nó go bhfuil fadhb éigin leis, ba é an príomhthosaíocht ná cionta gnéasacha, agus ansin gáinneáil ar dhaoine. Thug na daoine nár cheap go raibh fadhb le coireacht náisiúnta tús áite do robálacha agus ionsaithe. Mar a thaispeántar i dtábla 38, i gcás na ndaoine a cheapann go bhfuil fadhb an-tromchúiseach, nó fadhb éigin agus nach bhfuil fadhb ar bith le coireacht áitiúil thug siad tús áite do chionta gnéasacha, ach daoine a cheap go bhfuil fadhb tromchúiseach leis, d'aithin siad gáinneáil ar dhaoine mar thosaíocht thar aon ní eile.

**Tábla 37: Tosaíochtaí de réir tuairimí faoi chuireacht náisiúnta**

	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Cionta gnéasacha	1	1	1	3
Gáinneáil ar dhaoine	2	2	2	4
Ionsaithe	4	3	3	2
Robálacha	6	4	5	1
Armlón neamh-dhleathach	2	5	4	5
Cionta drugaí	4	6	6	7
Calaois	7	7	7	8
Buirgléireachtaí	9	8	8	6
Cionta tráchta	8	9	9	10
Damáiste coiriúil	10	10	9	9
Cionta oird phoiblí	11	11	11	11


**Tábla 38: Tosaíochtaí de réir tuairimí faoi chuireacht áitiúil**

	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb tromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Cionta gnéasacha	1	2	1	1
Gáinneáil ar dhaoine	5	1	2	3
Ionsaithe	3	3	3	2
Robálacha	2	5	4	4
Armlón neamh-dhleathach	4	6	5	5
Cionta drugaí	7	4	5	6
Calaois	8	7	7	7
Buirgléireachtaí	6	7	8	8
Cionta tráchta	9	9	8	9
Damáiste coiriúil	9	10	10	10
Cionta oird phoiblí	11	11	11	11

## Achoimre

- Mhóthaigh na freagróirí gur chóir don Gharda Síochána tús áite a thabhairt chun na coireanna seo a leanas a laghdú: cionta gnéasacha, gáinneáil ar dhaoine agus ionsaithe. Bhí siadsan cobhsaí go maith thar ghrúpálacha socheacnamaíocha agus limistéir
- Mheas na freagróirí go raibh tosaíocht íseal le cionta den ord poiblí, le cionta tráchta agus le damáiste coiriúil
- Thug freagróirí a raibh an eagla is mó orthu roimh chuireacht tús áite do laghdú a dhéanamh ar ionsaithe agus robálacha chun tosaigh ar gháinneáil ar dhaoine
- Tá an rátáil is lú ag cionta tráchta, ag cionta den ord poiblí agus ag damáiste coiriúil beag beann ar an tuairim maidir le leibhéil chuireachta

# Infheictheacht na nGardaí agus Tuairimíocht maidir le Láithreachtaí na nGardaí



Ó 2016 i leith cuireadh ceisteanna ina ndearnadh iniúchadh ar fheasacht maidir le patróil Gardaí, chomh maith le tuairimí faoi láithreachtaí na nGardaí go háitiúil san áireamh mar chuid den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail.

I rith 2017, thuairiscigh níos mó ná aon trian (36%) d'fhreagróirí feasacht maidir le patróil na nGardaí agus chreid 42% go raibh láithreachtaí na nGardaí ina gceantar áitiúil thart ar an leibhéal ceart.


## Feasacht faoi phatróil Gardaí

Mar is léir ó Fhíor 10, i rith 2017 bhí 36% d'fhreagróirí ar an eolas faoi phatróil na nGardaí ina gceantar áitiúil, méadú 1% ar leibhéal 2016. Ní raibh aon tábhacht staitistiúil leis an athrú sin. Ba fheasacht maidir le patróil na nGardaí i gcarranna ar an bhfreagra ba choitianta a tugadh, agus fios ag 98% díobh siúd go raibh patróil ag na Gardaí agus iad a rá go dtarlaíonn sé sin go minic (féach tábla 39).

**Tábla 39: Cleachtais phatróil na nGardaí**

Feasacht faoi phatróil Gardaí	36%
Sa charr	98%
Ar chos	12%
Ar an rothar	5%
Gan eolas faoi phatróil na nGardaí	55%
Níl a fhios agam	8%

**Fíor 10: Feasacht faoi phatróil na nGardaí i rith 2016 agus 2017**



## Feasacht faoi phatróil Gardaí de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Bhí an líon céanna d'fhir (40%) agus de mhná (39%) in ann cuimhneamh ar Ghardaí i mbun patróil ar a gceantar áitiúil. Thuairiscigh siad sin idir 18-24 bliain d'aois (47%) an leibhéal is airde feasachta maidir le patróil. De réir mar a théann an duine in aois, laghdaíonn an fheasacht. Thuairiscigh siad sin sna haoisghrúpaí 55-64 (35%) agus 65+ (35%) leibhéal beagán níos ísle feasachta. Bhí feasacht maidir le patróil an-chosúil lena chéile thar ghrúpálacha aicmí sóisialta. Ní raibh aon difríocht shuntasach idir náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus

náisiúnaigh Éireannacha ina gcumhne ar phatróil na nGardaí (féach tábla 40).

Mar is léir ó thábla 41, bhí difríochtaí níos suntasaí le feiceáil thar ghrúpálacha limistéir. Is mó seans a bhí ag freagróirí i gCúige Mumhan (44%) agus i gCúige Chonnacht/Uladh (47%) feasacht maidir le patróil na nGardaí a thuairisciú, i gcomparáid le freagróirí i mBaile Átha Cliath (36%) agus sa chuid eile de Chúige Laighean (34%). Bhí an leibhéal is ísle cuimhne ag freagróirí 'cathair' (37%) nuair a chuirtear i gcomparáid iad le 'uirbeach eile' (40%) agus freagróirí tuaithe (42%). Mar a bheifí ag súil leis, de réir mar a thuairiscigh freagróirí an fad a raibh cónaí orthu ó stáisiún Gardaí méadaithe, laghdaigh a bhfeasacht ar phatróil na nGardaí. Baineadh freagróirí a thug freagra Níl a fhios agam ar fheasacht faoi phatróil na nGardaí amach as an anailís seo.

### Feasacht faoi phatróil Gardaí agus tuairimí faoi choireacht

Bhí roinnt ceangail idir tuairimí faoi thromchúiseacht fhadhb na coireachta náisiúnta agus feasacht faoi phatról Gardaí. I measc na bhfreagróirí a thuairiscigh nach raibh fadhb leis an gcoireacht náisiúnta, ba eol do 52% go raibh patról ag na Gardaí ar a gceantar áitiúil, i gcomparáid le 37% a mheas gur fadhb an-tromchúiseach é an choireacht náisiúnta. Cé

gur dóigh go rabhthas ag súil leis, ní raibh a difríocht chomh suntasach nuair a scrúdaíodh tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus feasacht faoi Gharda ar patról ar cheantair áitiúla (féach tábla 42).

### Feasacht faoi phatróil Gardaí agus eagla roimh choireacht

Ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir eagla roimh choireacht a tuairiscíodh tríd is tríd agus cibé an raibh freagróirí ar an eolas faoi phatróil Gardaí ina gceantar áitiúil. Iad an eolas faoi Gharda ar patról bhí leibhéal eagla den chineál céanna tuairiscithe acu i gcomparáid leo sin nach raibh a fhios acu faoi phatróil na nGardaí (féach tábla 43).

**Tábla 43: Feasacht faoi phatróil Gardaí agus eagla roimh choireacht**

	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fórb-heagán eagla	Gan eagla
Feasacht faoi phatról Gardaí	37%	37%	42%	40%
Gan eolas faoi phatról na nGardaí	63%	63%	58%	60%

**Tábla 40: Feasacht faoi phatról Gardaí sa cheantar áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh Éireannach
Feasacht faoi phatról Gardaí	40%	39%	47%	42%	41%	38%	35%	35%	40%	39%	39%	42%	36%	39%	43%
Gan eolas faoi phatról na nGardaí	60%	61%	53%	58%	59%	62%	65%	65%	60%	61%	61%	58%	64%	61%	57%

**Tábla 41: Feasacht faoi phatról Gardaí sa cheantar áitiúil de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún					Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+ km	
Feasacht faoi phatról Gardaí	36%	34%	44%	47%	37%	40%	42%	50%	43%	36%	34%	33%	
Gan eolas faoi phatról na nGardaí	64%	66%	56%	53%	63%	60%	58%	50%	57%	64%	66%	67%	

**Tábla 42: Feasacht faoi phatróil Gardaí agus tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil**


	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Feasacht faoi phatról Gardaí	37%	40%	42%	52%	40%	37%	39%	43%
Gan eolas faoi phatról na nGardaí	63%	60%	58%	48%	60%	63%	61%	57%

## Tuairim maidir le láithreachta i gceantair áitiúla

Mar chuid den chuid seo den suirbhé, fiafraíodh freisin d'fhreagróirí cibé ar cheap siad gurbh leor leibhéal láithreachta na bpóilíní. Taispeánann Fíor 11 gur cheap 57% d'fhreagróirí nárbh leor láithreachta na nGardaí go háitiúil, cheap 42% go raibh sé beagnach ceart, agus cheap líon an-bheag go raibh iomarca láithreachta ag na Gardaí (1%).

Idir 2016 agus 2017 tháinig méadú 6% ar líon na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh láithreachta na nGardaí díreach ag an leibhéal ceart go háitiúil; bhí tábhacht staitistiúil leis an athrú sin.

**Fíor 11: Tuairimí maidir le láithreachta na nGardaí sa cheantar áitiúil 2016 agus 2017**



## Na cúiseanna a tugadh faoi nach leor an láithreachta i gceantair áitiúla

Nuair a ceistíodh iad faoin gcúis nach mba leor láithreachta na nGardaí go háitiúil, ba iad na cúiseanna ba choitianta a thug freagróirí ná "nach bhfaca siad na gardaí riamh nó go fíor-annamh" (66%), agus nach bhfuil "dóthain/tuilleadh ag teastáil/ní fheictear gardaí ar chois" (35%). D'fhreagair os cionn aon trian "nach bhfeiceann siad ach gardaí i gcarranna" (34%) (féach tábla 44).

**Tábla 44: Na cúiseanna "nach leor" láithreachta na nGardaí**

Ní fheiceann na Gardaí riamh nó go hannamh	66%
Gan dóthain nó teastaíonn tuilleadh nó ní fheiceann póilíní ar chois	35%
Ní fheiceann ach póilíní i gcarranna	34%
Bhíodh níos mó póilíní ann	24%
Ní bhíonn siad ann [gardaí] ach nuair a tharlaíonn coir nó achrann	24%
Ba chóir íomhá dhearfach a fhorbairt chomh maith le freagra a thabhairt ar choireacht	20%
Feiceann coireanna ag tarlú, ach ní fheictear na gardaí	14%
Mall ag tabhairt freagra	13%
Ní féidir le gardaí aon rud a dhéanamh nuair a tharlaíonn coireanna	11%
Ag brath an iomarca ar cheamaraí	10%
Eile (Sonraigh le do thoil)	3%

## Na cúiseanna a tugadh go bhfuil an láithreachta 'ceart den chuid is mó'

Nuair a cuireadh tuilleadh ceisteanna orthu, luaigh os cionn leath d'fhreagróirí go raibh láithreachta na nGardaí 'ceart a bheag nó a mhór' ina gceantar áitiúil toisc "gan mórán coireachta nó gan aon fhadhb a bheith le coireachta" (56%). Dúirt beagnach ceathrar as deichniúr freagróirí "go bhfeiceann siad iad [na gardaí] sách minic" (38%), agus dúirt 30% go mba leor é toisc go bhfeiceann siad "gardaí ar phatról i gcarranna" (féach tábla 45). Tá na cúiseanna a tugadh thuas an-chosúil leo sin a thug freagróirí i suirbhé 2016.

**Tábla 45: Na cúiseanna go bhfuil láithreachta na nGardaí 'ceart den chuid is mó'**

Níl mórán coireachta ann nó níl aon fhadhb le coireachta	56%
Feiceann iad sách minic	38%
Feiceann gardaí ar phatról i gcarranna	30%
Stáisiún gardaí in aice láimhe	19%
Ní gá iad a fheiceáil an t-am ar fad	18%
Tá rátaí coireachta laghdaithe nó ag feabhsú	13%
Feiceann gardaí ó am go ham nó ní fheiceann mórán díobh	11%
Feiceann gardaí ar chos	4%
Níl sé go deas an iomarca acu a fheiceáil	4%
Ceamaraí i ngach áit	2%

## Tuairim maidir le láithreachta i gceantair áitiúla de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Is mó seans a bhí ann go dtuairisceadh mná nárbh leor láithreachta na nGardaí ina gceantar áitiúil i gcomparáid leis na fir a thug freagra. De réir mar a chuaigh freagróirí in aois, mhéadaigh na tuairimí nárbh leor láithreachta na nGardaí i gceantair áitiúla. Is mó seans a bhí ann go dtuairisceadh náisiúnaigh neamh-Éireannacha go raibh láithreachta na nGardaí ina gceantar áitiúil thart ag an leibhéal ceart (56% vs. 40%), ach ní raibh aon difríochtaí suntasacha thar ghrúpálacha aicme sóisialta (féach tábla 46).

Is mó seans a bhí ann go measfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath nárbh leor láithreachta na nGardaí go háitiúil i gcomparáid le réigiúin eile. Ní raibh an oiread seans ann go dtuairisceadh siadsan i gceantair 'cathair' go raibh láithreachta na nGardaí ag an leibhéal ceart i gcomparáid leo sin in 'uirbeach eile' agus i gceantair thuaithe. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann nuair a scrúdaíodh fad ón stáisiún Gardaí áitiúil (féach tábla 47).



**Tábla 46: Tuairim maidir le láithreacht na nGardaí i gceantair áitiúla de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh Éireannach
Ní leor é	54%	60%	42%	52%	58%	63%	63%	64%	59%	58%	56%	56%	55%	59%	44%
Maith go leor	45%	40%	56%	47%	42%	37%	37%	36%	40%	41%	44%	43%	45%	40%	56%
Iomarca	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-

**Tábla 47: Tuairim maidir le láithreacht i gceantair áitiúla de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km
Ní leor é	71%	47%	57%	50%	69%	50%	50%	58%	59%	57%	47%	64%
Maith go leor	28%	52%	43%	50%	31%	49%	49%	42%	41%	43%	52%	35%
Iomarca	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-

## An tionchar a bhí ag teagmháil leis an nGarda Síochána ar thuairimí maidir le láithreacht na nGardaí

Thuariscigh líon níos mó freagróirí ar thionscain na Gardaí teagmháil leo go raibh láithreacht na nGardaí ag thart ar an leibhéal ceart, i gcomparáid leo siúd i ngrúpálacha eile teagmhála (féach tábla 48).

**Tábla 48: Tionchar ar an tuairim maidir le láithreacht na nGardaí de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Teagmháil fhéintion-scanta	Teagmháil tion-scanta ag	Gan teagmháil
Ní leor é	56%	48%	59%
Maith go leor	44%	51%	41%
Iomarca	-	-	-

## Tuairimí maidir le láithreacht na nGardaí de réir srathú ar íospartaigh choireachta

Mar a thaispeántar i dtábla 49, i gcomparáid le freagróirí nár tharla íospairt dóibh le déanaí, is mó seans a bhí ann go dtuairisceodh íospartaigh choireachta nárbh leor láithreacht na nGardaí ina gceantar áitiúil (56% vs 70%).

**Tábla 49: Tuairimí maidir le láithreacht na nGardaí de réir íospartha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Ní leor é	56%	70%
Maith go leor	43%	30%
Iomarca	1%	-

## An mbíonn tionchar ag tuairimí faoi láithreach na nGardaí i gceantair áitiúla ar eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt?

Is mó seans a bhí ann go dtuairisceadh freagróirí a raibh beagán eagla orthu nó nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta go raibh láithreach na nGardaí ag thart ag an leibhéal ceart i gcomparáid leo siúd a raibh leibhéil níos airde eagla orthu. Mar an gcéanna, is mó seans a bhí ann go dtuairisceadh siadsan nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta go raibh láithreach na nGardaí ag thart ar an leibhéal ceart go háitiúil i gcomparáid leo siúd a raibh níos mó imní orthu faoi íospairt (féach tábla 50).

## An mbíonn tionchar ag tuairimí faoi láithreach na nGardaí i gceantair áitiúla ar thuairimí faoin gcoireacht?

Tá tuairimí maidir le láithreach na nGardaí i gceantair áitiúla, de réir tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil taispeánta i dtábla 51. Is mó seans a bhí ann go dtuairisceadh freagróirí a thuairiscigh go raibh fadhb éigin le coireacht náisiúnta go raibh leibhéal láithreachta na nGardaí thart ar ceart, ach na daoine sin a cheap go raibh fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach le coireacht náisiúnta, is mó seans a bhí ann go dtuairisceadh siad nárbh leor láithreach na nGardaí. Bhí treochtaí den chineál céanna le feiceáil nuair a scrúdaíodh tuairimí faoi choireacht áitiúil.

## Achoimre

- Thuairiscigh 36% d'fhreagróirí an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail go raibh a fhios acu faoi Gardaí ar phatról ina gceantar áitiúil; luaigh 98% díobh sin go bhfaca siad Gardaí ar phatról i gcarranna
- In 2017 bhí líon na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh láithreach na nGardaí ag an leibhéal ceart ag 42%, suas 6% ar an mbliain roimhe sin
- Is lú seans a bhí ann gur thug freagróirí i mBaile Átha Cliath, chomh maith leis an gcuid eile de Chúige Laighean tuairisc maidir le feachtas faoi phatról na nGardaí
- Cheap 57% d'fhreagróirí nach raibh dóthain láithreachta ag na Gardaí ina gceantar áitiúil; bhí an freagra sin níos coitianta sa 'cathair' i gcomparáid le 'uirbeach eile' agus ceantair thuaithe
- De réir mar a chuaigh leibhéil eagla agus imní i méid, mhéadaigh na tuairimí freisin nach mba leor láithreach na nGardaí i gceantair áitiúla
- De réir mar a laghdaigh tuairimí maidir le tromchúiseacht fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla, mhéadaigh an líon freagróirí a dúirt go raibh láithreach na nGardaí a bheag nó a mhór ceart

**Tábla 50: Tuairimí maidir le láithreach na nGardaí de réir leibhéil eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt**


	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fíorbheagán eagla	Gan eagla	Imní faoi dhíobháil phearsanta	Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	Imní faoin dá cheann	Gan aon imní
Ní leor é	83%	69%	52%	50%	71%	67%	69%	44%
Maith go leor	17%	31%	48%	49%	29%	33%	30%	55%
Iomarca	-	-	-	-	-	-	-	-

**Tábla 51: Tuairimí maidir le láithreach na nGardaí i gceantair áitiúla de réir tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Ní leor é	66%	59%	47%	23%	75%	74%	60%	39%
Maith go leor	34%	41%	52%	72%	25%	26%	39%	60%
Iomarca	-	-	-	-	-	-	-	-

# Sástacht leis an nGarda Síochána

**Idir 2016 agus 2017 bhí sástacht leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána méadaithe**




Bhí níos lú seans ag íospartaigh choireachta a thuairisciú go raibh siad sásta leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag eagraíocht an Gharda Síochána



**Cúige Chonnacht/Uladh**

Is mó seans a bhí ann go dtuairisceodh freagróirí i gCúige Chonnacht/Uladh go raibh siad an-sásta leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána dóibh



**Bhí os cionn trí cheathrú de dhaoine sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána dá bpobal áitiúil**



De réir mar a théann eagla faoi choireacht go ginearálta agus inní faoi íospairt fhéideartha i méid, feicimid laghdúithe ar shástacht leis an tseirbhís a sholáthraíonn An Garda Síochána



## Sástacht leis an nGarda Síochána i rith 2017

Bhí os cionn trí cheathrú d'fhreagróirí sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil (76%) in 2017.


Deimhníonn an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail cé chomh sásta is atá freagróirí leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal. Fiafraítear na ceisteanna sin is cuma má bhí teagmháil ag freagróirí leis na Gardaí nó nach raibh.

## Athruithe sna leibhéil shástachta leis an nGarda Síochána idir 2015, 2016 agus 2017

Rinneadh athruithe ar shástacht a tuairiscíodh leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla. In 2015 thuairiscigh 75% d'fhreagróirí go raibh siad sásta nó an-sásta. Thit sé sin go dtí 71% in 2016 ach mhéadaigh sé go dtí 76% arís in 2017. Laistigh de sin, bhí athruithe eile freisin - idir 2015 agus 2016 thuairiscigh níos lú freagróirí go raibh siad an-sásta agus thuairiscigh níos mó go raibh siad sách sásta leis an


tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil (féach fíor 12). Idir 2016 agus 2017 thuairiscigh níos lú freagróir go raibh siad míshásta agus an-mhíshásta leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána go háitiúil; bhí tábhacht staitistiúil leis na hathruithe sin freisin.

**Fíor 12: Athruithe i sástacht leis an nGarda Síochána idir 2015, 2016 agus 2017**



Mar a fheictear i bhfíor 13 thíos, idir R2 2015 agus R1 2016 tháinig meath ar shástacht leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána ráithe i ndiaidh ráithe. Ó R2 2016 go dtí R1 2017 bhí tuairimí i bhfad níos fabhraí ag freagróirí faoin nGarda Síochána, ach tháinig meath orthu arís i R2 2017 agus R3 2017. Thar roinnt scuab-shuirbhéanna a rinneadh le déanaí, bhí éagsúlacht idir 74% agus 78% leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil.

**Fíor 13: Athruithe ar shástacht leis an nGarda Síochána idir R1 2015 go dtí R4 2017**



## Sástacht leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

ENíor taispeánadh nuair a rinneadh iniúchadh ar leibhéil shástacht leis an nGarda Síochána de réir saintréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha freagróirí go raibh

aon difríochtaí suntasacha de réir inscne. Bhí na leibhéil shástachta céanna ag fir agus ag mná leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána. Bhí daoine in aoisghrúpaí níos óige níos sásta i gcomparáid leo siúd in aoisghrúpaí níos sine. Ní raibh aon difríochtaí thar ghrúpálacha aicme sóisialta. Is é an t-aon difríocht shuntasach eile ba léir ná náisiúntacht; is mó seans a bhí ann gur thuairiscigh freagróirí neamh-Éireannacha go raibh siad sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dóibh (féach tábla 52).

## Sástacht leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha limistéir

Cé go raibh móramh na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a bhí á cur ar fáil dóibh ag eagraíocht an Gharda Síochána, bhí roinnt éagsúlachtaí i gceist nuair a cuireadh ceantair i gcomparáid lena chéile.

Bhí freagróirí i gCúige Chonnacht/Uladh agus i gCúige Mumhan níos sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dóibh i gcomparáid leo siúd i réigiúin eile, ach bhí freagróirí i mBaile Átha Cliath níos míshásta. Bhí cion níos mó freagróirí i limistéir ‘cathair’ (27%) míshásta (sách nó an-mhíshásta) leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil i gcomparáid le ‘uirbeach eile’ (22%) agus ceantair thuithe (21%). Is beag tionchar a bhí ag an bhfad ón stáisiún Gardaí áitiúil ar shástacht thuairiscithe leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil (féach tábla 53).

**Tábla 52: Sástacht leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh-Éireannach
An-sásta	10%	10%	11%	10%	9%	8%	10%	12%	10%	11%	8%	10%	10%	9%	14%
Sách sásta	67%	66%	71%	68%	66%	66%	65%	64%	67%	64%	68%	67%	69%	66%	72%
Sách míshásta	19%	20%	15%	18%	20%	23%	22%	20%	20%	21%	20%	19%	17%	21%	12%
An-mhíshásta	4%	3%	-	3%	4%	4%	-	5%	-	4%	4%	4%	-	4%	-

**Tábla 53: Sástacht leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+ km
An-sásta	9%	8%	10%	13%	9%	11%	10%	17%	10%	8%	7%	7%
Sách sásta	63%	66%	70%	67%	64%	67%	69%	60%	68%	67%	71%	64%
Sách míshásta	23%	21%	16%	18%	22%	18%	18%	18%	18%	22%	18%	25%
An-mhíshásta	4%	5%	4%	-	5%	4%	3%	6%	4%	3%	4%	5%

## An mbíonn tionchar ag teagmháil leis an nGarda Síochána ar shástacht leis an leibhéal seirbhíse a chuireann an Garda Síochána ar fáil?

Rinneadh imscrúdú freisin ar an tionchar a bhí ag teagmháil leis an nGarda Síochána ar leibhéal shástachta leis an tseirbhís a bhí á soláthar. Mar a thaispeántar i dtábla 54, ar an iomlán, bhí leibhéal shástachta chéanna acu siúd a bhí i dteagmháil leis an nGarda Síochána sa 12 mhí roimhe sin leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil.

**Tábla 54: Tionchar ar shástacht leis an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintionscanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
An-sásta	12%	14%	8%
Sách sásta	61%	63%	69%
Sách míshásta	21%	18%	19%
An-mhíshásta	5%	5%	3%

## Sástacht leis an nGarda Síochána agus taithí ar íospairt

Mar a thaispeántar i dtábla 55, is lú seans go dtabharfadh íospartaigh choireachta tuairisc ar a bheith sásta leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla, nuair a chuirtear i gcomparáid é le freagróirí nach raibh aon taithí acu ar íospairt sa 12 mhí roimhe sin (60% vs. 78%).

**Tábla 56: Sástacht leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána de réir tuairimí faoi choireacht áitiúil agus náisiúnta**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Sásta	69%	78%	79%	88%	50%	65%	76%	86%
Míshásta	31%	22%	21%	12%	50%	35%	24%	14%

**Tábla 55: Sástacht leis an nGarda Síochána de réir íospairt coireachta**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
An-sásta	10%	10%
Sách sásta	68%	50%
Sách míshásta	19%	26%
An-mhíshásta	3%	14%

## An mbíonn tionchar ag tuairimí maidir le coireacht ar leibhéal shástachta?

Déantar imscrúdú i dtábla 56 ar cibé an bhfuil tionchar ag tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil ar shástacht leis na seirbhísí a chuireann an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil. Is léir gur mó seans atá ann go mbeidh freagróirí a mheas go raibh fadhb thromchúiseach le coireacht náisiúnta agus áitiúil míshásta leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla. Mar shampla, astu siúd a d'fhéach ar choireacht náisiúnta mar fhadhb an-tromchúiseach, bhí 69% sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil, i gcomparáid le ráta sástachta 88% ina measc siúd a d'fhéach ar choireacht náisiúnta mar rud nach raibh fadhb leis.

Bhí an difríocht sin níos suntasaí fós nuair a scrúdaíodh tuairimí maidir le coireacht áitiúil. Ina measc siúd a d'fhéach ar choireacht áitiúil mar fhadhb an-tromchúiseach, bhí 50% míshásta leis an tseirbhís a bhí á cur ar fáil ag an nGarda Síochána don phobal áitiúil, i gcomparáid le 14% nár cheap go raibh fadhb le coireacht áitiúil.

**Tábla 57: Sástacht leis an tseirbhís a bhí á cur ar fáil ag an nGarda Síochána de réir leibhéil eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt**

	Eagla roimh choireacht				Imní faoi íospairt			
	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fiorbheagán eagla	Gan eagla	Imní faoi dh'íobháil phearsanta	Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	Imní faoin dá cheann	Gan aon imní
Sásta	51%	69%	79%	82%	77%	72%	71%	81%
Míshásta	49%	31%	21%	18%	23%	28%	29%	19%

## Sástacht agus eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt


Bhí eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt i measc freagróirí nasctha le leibhéil shástachta leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána do phobail áitiúla. Thuairiscigh freagróirí a thuairiscigh nach raibh aon eagla orthu roimh an leibhéal coireachta tríd is tríd leibhéil níos airde sástacht leis an nGarda Síochána i gcomparáid leo siúd a thuairiscigh go raibh go leor eagla orthu, nó roinnt eagla faoin leibhéal coireachta.

Ar an gcaoi chéanna, bhí níos mó seans ann go dtuairisceodh daoine nach raibh aon imní orthu faoi íospairt ionchais sástacht leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla (féach tábla 57).

## Achoimre

- › Bhí 76% d'fhreagróirí sásta leis an tseirbhís a chuir eagraíocht an Gharda Síochána ar fáil dóibh go háitiúil i rith 2017
- › Idir 2016 agus 2017 tháinig méadú 5% ar shástacht leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil
- › Bhí níos mó seans ann go dtuairisceodh náisiúnaigh neamh-Éireannacha sásta leis an tseirbhís go háitiúil
- › Bhí freagróirí i gCúige Chonnacht/Uladh níos sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dóibh i gcomparáid leo siúd i réigiúin eile
- › Ní raibh an oiread seans ann go dtuairisceodh íospartaigh choireacht go raibh siad sásta leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag eagraíocht an Gharda Síochána
- › Bhí ceangal ag an míshástacht a bhí leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla le tuairimí maidir le tromchúiseacht fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla, chomh maith le heagla faoi choireacht tríd is tríd agus imní faoi íospairt ionchais

# Muinín sa Gharda Síochána



Ó 2015 i leith tá muinín sa Gharda Síochána i measc phobal na hÉireann fós ag leibhéal ard; léirigh 89% d'fhreagróirí meán nó ardleibhéal muiníne san eagraíocht i rith 2017.

Níor chóir beag is fiú a dhéanamh don tábhacht atá le muinín an phobail in eagraíocht an Gharda Síochána. Tá an muinín atá ag freagróirí sa Gharda Síochána ríthábhachtach d'fheidhmiú rathúil na heagraíochta. Iarrtar ar fhreagróirí an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail rátáil idir 1 agus 10 a thabhairt chun an méid muiníne atá acu sa Gharda Síochána a léiriú. Sannadh an leibhéal muiníne is airde uimhir 10 agus ba é 1 an leibhéal muiníne ab ísle. Taifeadadh iad sin ansin go 'muinín íseal' (rátálacha 1, 2, 3 agus 4), 'meán-mhuinín' (rátálacha 5, 6 agus 7) agus ar deireadh 'muinín ard' (rátálacha 8, 9 agus 10).


## Muinín sa Gharda Síochána i rith 2017

I rith 2017, bhí muinín íseal ag 11% d'fhreagróirí sa Gharda Síochána, thuairiscigh 45% meán-leibhéal muiníne, agus bhí ardleibhéal muiníne ag 44% in eagraíocht an Gharda Síochána.

## Athruithe sna leibhéal muiníne idir 2015, 2016 agus 2017

Mar is féidir a fheiceáil i bhfíor 14, idir 2015 agus 2016 bhí laghdú ar leibhéal muiníne 'íseal' sa Gharda Síochána, mar sin féin bhí meán agus ardleibhéal muiníne fós cobhsaí. Idir 2016 agus 2017 níor tháinig aon athruithe suntasacha sna leibhéal muiníne a léirigh freagróirí sa Gharda Síochána.

**Fíor 14: Athruithe ar mhuinín sa Gharda Síochána idir 2015, 2016 agus 2017**





## Muinín sa Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Bhí roinnt athruithe ar leibhéal muiníne nuair a scrúdaíodh grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir féach tábla 58 agus 59):

**Inscne:** Bhí níos mó seans ann go dtuairisceodh mná leibhéal 'arda' muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána i gcomparáid le fir a thug freagraí (46% vs. 41%).

**Aois:** Thuairiscigh freagróirí 65+ an leibhéal is airde muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána.

**Aicme Sóisialta:** Bhí níos mó seans ann go léireodh freagróirí in aicme shóisialta F muinín 'ard' in eagraíocht an Gharda Síochána.

**Náisiúntacht:** Bhí níos mó seans ann go léireodh náisiúnaigh neamh-Éireannacha muinín 'ard' in eagraíocht an Gharda Síochána.

**Réigiún:** Thuairiscigh freagróirí i mBaile Átha Cliath na leibhéal is ísle de mhuinín 'ard', ach léirigh siadsan i gCúige Chonnacht/Uladh na leibhéal is airde de mhuinín 'ard' sa Gharda Síochána.

**Uirbeach/Tuaithe:** Bhí níos lú seans ann go dtuairisceodh freagróirí atá ina gcónaí i limistéir chathrach 'cathair', ach bhí níos mó seans go dtuairisceodh siad siúd i gceantair thuaithe leibhéal 'arda' muiníne sa Gharda Síochána (37% vs. 50%).

**An fad ó stáisiún áitiúla an Gharda Síochána:** Ní raibh aon treochtaí suntasacha sa leithdháileadh muiníne sa Gharda Síochána de réir an fhaid a thóg sé ar freagróirí dul chuig an stáisiún Gardaí is gaire dóibh.

**Tábla 58: Muinín sa Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh Éireannach
Muinín Íseal	12%	10%	12%	12%	10%	12%	10%	8%	9%	11%	11%	12%	8%	11%	8%
Meán-Mhuinín	47%	44%	49%	46%	50%	46%	43%	36%	50%	48%	47%	42%	38%	46%	42%
Muinín Ard	41%	46%	39%	41%	39%	43%	46%	56%	41%	41%	42%	46%	54%	43%	50%

**Tábla 59: Muinín sa Gharda Síochána de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+ km
Muinín Íseal	13%	12%	10%	7%	12%	11%	10%	10%	11%	12%	10%	9%
Meán-Mhuinín	51%	45%	45%	38%	51%	44%	41%	40%	45%	46%	47%	42%
Muinín Ard	36%	44%	45%	55%	37%	45%	50%	50%	44%	42%	42%	49%

## An mbíonn tionchar ag teagmháil le heagraíochta an Gharda Síochána ar mhuinín sa Gharda Síochána?

Ní raibh aon tionchar den chuid is mó ag teagmháil le heagraíocht an Gharda Síochána ar leibhéal muiníne sa Gharda Síochána sa 12 mhí roimhe sin. Mar a thaispeántar i dtábla 60, bhí leibhéal beagán níos ísle de mheán- nó ard-mhuinín i measc freagróirí i gcás gurb iad na Gardaí féin a chuir an teagmháil ar bun.

**Tábla 60: Muinín in eagraíocht an Gharda Síochána de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintionscanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Muinín Íseal	11%	13%	11%
Meán-Mhuinín	42%	43%	45%
Muinín Ard	47%	44%	44%

## An mbíonn tionchar ag a bheith i d'íospartach coireachta ar mhuinín sa Gharda Síochána?

Bhí níos mó seans ann go dtuairisceodh freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireacht an bhliain roimhe sin go raibh muinín 'íseal' acu sa Gharda Síochána i gcomparáid le daoine nach raibh ina n-íospartaigh (22% vs. 10%). Thuairiscigh íospartaigh choireachta rátaí ísle muiníne i gcomparáid le daoine nach raibh ina n-íospartaigh (léirigh 32% d'íospartaigh choireachta leibhéil ard muiníne i gcoinne 45% d'íospartaigh neamhchoireachta). Bhí leibhéil 'meán' mhuiníne a bheag nó a mhór mar an gcéanna. Féach tábla 61.

**Tábla 61: Leibhéil muiníne sa Gharda Síochána de réir íospartha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Muinín Íseal	10%	22%
Meán-Mhuinín	45%	46%
Muinín Ard	45%	32%

## Muinín sa Gharda Síochána de réir eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt

Déantar scrúdú i dtábla 62 ar leibhéil muiníne sa Gharda Síochána de réir na heagla a bhíonn ar fhreagróirí roimh choireacht, mar aon leis an imní a bhíonn orthu faoi íospairt. Thuairiscigh siad sin a raibh an eagla is mó orthu faoi choireacht leibhéil muiníne níos ísle in eagraíocht an Gharda Síochána. Ní raibh an ceangal idir imní faoi bhaol íospartha agus muinín sa Gharda Síochána chomh soiléir.

## Muinín sa Gharda Síochána agus infheictheacht na nGardaí

Mar a thaispeántar i dtábla 63, bhí níos mó seans ann go dtuairisceodh freagróirí a bhí ar an eolas faoi phatróil na nGarda leibhéil arda muiníne san eagraíocht, ach is mó seans a bhí ann go dtuairisceodh siad siúd nach raibh a fhios acu faoi phatróil na nGardaí leibhéil 'ísle' muiníne sa Gharda Síochána.

**Tábla 63: Muinín sa Gharda Síochána de réir feasachta maidir le patróil na nGardaí**

	Feasach faoi phatról Gardaí	Gan eolas faoi phatról na nGardaí
Muinín Íseal	7%	13%
Meán-Mhuinín	39%	50%
Muinín Ard	52%	35%

**Tábla 62: Muinín sa Gharda Síochána de réir eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt**

	Eagla roimh choireacht				Imní faoi íospairt			
	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fíorbheagán eagla	Gan eagla	Imní faoi dhíobháil phearsanta	Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	Imní faoin dá cheann	Gan aon imní
Muinín Íseal	22%	12%	9%	11%	10%	10%	12%	10%
Meán-Mhuinín	40%	46%	45%	45%	40%	46%	47%	45%
Muinín Ard	38%	42%	46%	44%	51%	44%	42%	45%

**Tábla 64: Muinín sa Gharda Síochána de réir tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Muinín Íseal	16%	9%	10%	9%	27%	16%	9%	9%
Meán-Mhuinín	41%	47%	49%	25%	43%	48%	50%	37%
Muinín Ard	43%	44%	41%	66%	30%	36%	41%	54%

## Muinín sa Gharda Síochána de réir tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil

I gcodanna roimhe seo chonaiceamar ceangal idir tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil agus an eagla agus an imní a bhí ar freagróirí faoi íospairt chomh maith lena gcuid leibhéil sástachta leis an nGarda Síochána. Déantar scrúdú air sin i dtaca le muinín i dTábla 64.

Is mó seans a bhí ann go dtuairisceodh freagróirí a cheap go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht náisiúnta go raibh leibhéil 'íslé' muiníne acu sa Gharda Síochána. Mar a bheifí ag súil leis, is mó seans a bhí ann go dtuairisceodh siad siúd a thuairiscigh nach raibh fadhb le coireacht náisiúnta go raibh leibhéal 'ard' muiníne acu in eagraíocht an Gharda Síochána.

Ar an gcaoi chéanna, i gcás daoine a d'fhéach ar choireacht áitiúil mar fhadhb an-tromchúiseach bhí leibhéil 'íslé' muiníne acu sa Gharda Síochána i gcomparáid leo siúd a mheas nach raibh aon fhadhb le coireacht áitiúil (27% vs. 9%).

## Muinín sa Gharda Síochána agus leibhéal sástachta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil

Déantar scrúdú i dtábla 65 ar mhuinín agus sástacht leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána go háitiúil. Bhí ceangal soiléir idir leibhéal sástachta leis an tseirbhís a chuir Gardaí ar fáil agus leibhéal muiníne san eagraíocht. Thuairiscigh 79% d'fhreagróirí a bhí an-sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil go raibh leibhéal 'ard' muiníne acu san eagraíocht, ach thuairiscigh os cionn leath díobh siúd a bhí míshásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil go raibh leibhéal muiníne 'íseal' acu.


**Tábla 65: Muinín sa Gharda Síochána de réir sástachta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil go háitiúil**

	An-sásta	Sách sásta	Sách míshásta	An-mhíshásta
Muinín Íseal	-	6%	24%	52%
Meán-Mhuinín	18%	46%	54%	37%
Muinín Ard	79%	48%	22%	-


## Achoimre

- › Tá leibhéal muiníne na bhfreagróirí sa Gharda Síochána fanta sách cobhsaí ó 2015 i leith
- › In 2017, bhí 'meán' go dtí 'ard' leibhéal muiníne ag 89% d'fhreagróirí in eagraíocht an Gharda Síochána
- › Nuair a rinneadh iniúchadh ar éagsúlachtaí de réir déimeagrafaic, bhí leibhéal muiníne beagán níos airde ag mná sna Gardaí Síochána agus léirigh mná os cionn 65 bliain d'aois na leibhéal is airde muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána.
- › Bhí na leibhéal is íslé 'meán' agus 'ard' muiníne ag freagróirí i mBaile Átha Cliath, ach thuairiscigh freagróirí i gCúige Chonnacht/Uladh na leibhéal is airde muiníne sa Gharda Síochána.
- › I gcomparáid le daoine nach raibh ina n-íospartaigh, bhí leibhéal beagán níos lú muiníne 'ard' acu siúd a bhí ina n-íospartaigh choireacht sa 12 mhí roimhe sin san eagraíocht
- › Bhí ceangal ag muinín le roinnt de na himthosca eile a áiríodh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail:
  - › Thuairiscigh freagróirí a raibh leibhéal níos mó eagla orthu faoi choireacht leibhéal níos íslé muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána
  - › Iad sin a thuairiscigh go raibh siad ar an eolas faoi phatróil Gardaí, bhí leibhéal níos airde muiníne acu san eagraíocht
  - › De réir mar a mhéadaigh sástacht leis an tseirbhís a bhí á cur ar fáil ag an nGarda Síochána do phobal áitiúla, mhéadaigh freisin na leibhéal muiníne a thuairiscigh freagróirí


# Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána



**92%**  
d'aontaigh 92% d'fhreagróirí go gcaithfeadh baill den Gharda Síochána go hómósach leat dá mbeadh teagmháil agat leo ar aon chúis



**82%**  
d'aontaigh 82% go gcaitheann Gardaí go háitiúil go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin; (68% nuair a chuirtear na freagraí Níl a fhios agam' san áireamh)



Bhí ceangal idir sástacht leis an nGarda Síochána agus tuairimí maidir le cóir chomhionann ó bhaill d'eagraíocht an Gharda Síochána

In 2017, cuireadh dhá cheist nua leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Fiafraíodh na ceisteanna seo de na freagróirí: *an gcaithfeadh baill den Gharda Síochána go hómósach le daoine agus an gcaitheann na gardaí go cothrom le gach duine, is cuma cé hiad féin.*

In 2017, d'aontaigh 92% d'fhreagróirí go gcaithfeadh baill den Gharda Síochána go hómósach leat dá mbeadh teagmháil agat leo ar aon chúis, agus d'aontaigh 82% go gcaitheann Gardaí go háitiúil go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin (68% nuair a chuirtear na freagraí ní fios san áireamh).


## Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána

D'aontaigh tromlach d'fhreagróirí an tsuirbhé go gcaithfeadh na Gardaí go cóir agus le hómós leo dá mbeidís i dteagmháil leo ar aon chúis; d'aontaigh 27% go láidir, d'aontaigh 65%, agus d'easaontaigh 6% agus d'easaontaigh 3% go láidir. Mar an gcéanna, nuair a fiafraíodh dóibh cibé an gcaitheann na Gardaí go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin d'aontaigh 18% go láidir, d'aontaigh 64%, d'easaontaigh 12% agus d'easaontaigh 6% go láidir. Nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh (17%) titeann na comhréireanna go dtí 15%, 53%, 10% agus 5% faoi seach. Féach fíor 15.

## Cóir chomhionann ón nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir

Tugtar miondealú sna táblaí ó 66 go 69 ar thorthaí a bhaineann leis an dá cheist nua maidir le cóir chomhionann de réir saintréithe déimeagrafacha.

Fíor 15: Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána



### Caitheann na Gardaí go hómósach le daoine

Ní raibh aon difear idir na fir agus na mná nuair a fiafraíodh dóibh cibé an gcaithfeadh na Gardaí áitiúla go hómósach leo dá mbeidís i dteagmháil leo ar aon chúis. Ba ghnách leo siúd níos sine a bheith níos dearfaí faoin ráiteas seo. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha nuair a scrúdaíodh náisiúntacht.

Bhí níos mó seans go n-easaontódh freagróirí sa chuid eile de Chúige Laighean go gcaithfeadh Gardaí áitiúla go hómósach leo dá mbeidís i dteagmháil leo ar aon chúis. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha nuair a scrúdaíodh limistéar nó fad chuig an stáisiún Gardaí áitiúil.

### Caitheann na Gardaí go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin

Mar atá thuas, ní raibh aon difear idir na fir agus na mná ina dtuairim faoi cibé an gcaithfeadh Gardaí go cóir le gach duine, is cuma cé hiad féin. Bhí seans níos mó ann go n-aontódh daoine 65 bliain d'aois agus níos sine leis an ráiteas sin, agus d'easaontaigh líon níos mó díobh siúd in aoisghrúpaí níos óige leis an ráiteas. D'aontaigh líon níos mó de náisiúnaigh neamh-

Éireannacha leis an ráiteas sin.

Bhí níos mó seans ann freisin go n-easaontódh freagróirí sa chuid eile de Chúige Laighean leis an ráiteas go gcaitheann na Gardaí go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin. Bhí níos mó seans ann freisin go n-easaontódh daoine i limistéir 'uirbeach eile', agus is beag tionchar a bhí ag fad ón stáisiún Gardaí áitiúil ar an scéal.

**Tábla 66: Cóir ómósach ón nGarda Síochána de réir saintréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh Éireannach
Aontaíonn go Láidir														27%	28%
Aontaíonn														65%	66%
Easaontaíonn	6%	5%	6%	7%	6%	6%	5%	3%	5%	5%	7%	6%	-	6%	5%
Easaontaíonn go Láidir	3%	3%	-	3%	3%	-	-	-	-	3%	3%	3%	-	3%	-

**Tábla 67: Cóir chothrom le gach duine ag an nGarda Síochána de réir saintréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh Éireannach
Aontaíonn go Láidir														18%	19%
Aontaíonn														63%	69%
Easaontaíonn								8%					9%	13%	8%
Easaontaíonn go Láidir	6%	7%	9%	8%	6%	6%	5%	-	-	6%	7%	6%	-	6%	5%

**Tábla 68: Cóir ómósach ón nGarda Síochána de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún					Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	<1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km	
Aontaíonn go Láidir	14%	34%	26%	37%	18%	32%	31%	31%	27%	24%	28%	28%	
Aontaíonn	78%	54%	68%	57%	74%	58%	61%	65%	66%	65%	60%	67%	
Easaontaíonn	7%	6%	5%	4%	7%	6%	4%	3%	6%	6%	6%	3%	
Easaontaíonn go Láidir	-	6%	-	-	-	4%	3%	-	1%	4%	6%	-	

**Tábla 69: Cóir chothrom le gach duine ag an nGarda Síochána de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún					Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	<1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+km	
Aontaíonn go Láidir	9%	21%	20%	24%	13%	19%	22%	19%	17%	17%	20%	21%	
Aontaíonn	74%	55%	68%	57%	70%	61%	60%	64%	66%	64%	59%	62%	
Easaontaíonn	14%	13%	9%	13%	13%	12%	11%	11%	12%	12%	11%	12%	
Easaontaíonn go Láidir	3%	11%	4%	5%	3%	8%	7%	6%	5%	7%	10%	-	

## Cóir chomhionann de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Mar is léir i dtábla 70, bhí níos mó seans ann go n-aontódh freagróirí nach raibh i dteagmháil in aon chor leis an nGarda Síochána go gcaithfeadh an Garda Síochána go hómósach leat dá mbeifeá i dteagmháil leo ar aon chúis (93%). Ní raibh aon difríocht idir freagróirí a rinne teagmháil iad féin leis na Gardaí nó ar chuir Gardaí féin an teagmháil ar bun (90% vs 89%).

Nuair a fiafraíodh cibé an gcaitheann baill den Gharda Síochána le gach duine go cóir is cuma cé hiad, bhí na leibhéil chomhaontaithe níos airde ina measc siúd nach raibh aon teagmháil acu leis an nGarda Síochána (85%) i gcomparáid leo siúd a chuir teagmháil ar bun iad féin (76%) nó i gcás inar thionscain na Gardaí féin an teagmháil (73%) (féach tábla 71).

**Tábla 70: Cóir ómósach de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintion-scanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Aontaíonn go Láidir	34%	29%	23%
Aontaíonn	56%	60%	70%
Easaontaíonn	5%	7%	5%
Easaontaíonn go Láidir	5%	-	1%

**Tábla 71: Cóir chothrom le gach duine de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintion-scanta	Aon teagmháil tionscanta ag Garda	Gan teagmháil
Aontaíonn go Láidir	19%	17%	17%
Aontaíonn	57%	56%	68%
Easaontaíonn	13%	17%	11%
Easaontaíonn go Láidir	10%	10%	4%

**Tábla 74: Cóir ómósach ón nGarda Síochána de réir tuairimí maidir le coireacht**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Aontaíonn	90%	93%	91%	92%	74%	90%	92%	94%
Easaontaíonn	10%	7%	9%	8%	26%	10%	8%	6%

## Cóir chomhionann agus taithí ar íospairt

Nuair a rinneadh imscrúdú ar stádas íospartach, is lú seans a bhí ann go n-aontódh íospartaigh choireachta sa 12 mhí dhéag roimhe sin go gcaithfeadh An Garda Síochána go hómósach leat dá mbeifeá i dteagmháil leo ar aon chúis, i gcomparáid le daoine nárbh íospartaigh iad (85% vs. 92%). Mar an gcéanna, daoine ar bhain íospairt dóibh le déanaí bhí níos lú seans ann go n-aontóidís go gcaitheann baill den Gharda Síochána go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin i gcomparáid le neamh-íospartaigh (64% vs. 83%). Féach táblaí 72 agus 73 thíos.

**Tábla 72: Cóir ómósach ón nGarda Síochána de réir íospartha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Aontaíonn go Láidir	27%	23%
Aontaíonn	65%	62%
Easaontaíonn	5%	9%
Easaontaíonn go Láidir	2%	6%

**Tábla 73: Cóir chothrom le gach duine ag an nGarda Síochána de réir íospartha**

	Ní íospartach coireachta mé	Íospartach coireachta
Aontaíonn go Láidir	18%	10%
Aontaíonn	65%	54%
Easaontaíonn	11%	21%
Easaontaíonn go Láidir	6%	14%

## An mbíonn tionchar ag tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil ar thuairimí maidir le cóir chomhionann ón nGarda Síochána?

Mar a thugtar le fios i dtábla 74, is beag tionchar a bhí ag tuairimí faoi thromchúiseacht fhadhb na coireachta náisiúnta ar an tuairim aontaithe go gcaithfeadh baill den Gharda

**Tábla 75: Cóir chothrom le gach duine ag an nGarda Síochána de réir tuairimí maidir leis an gcoireacht**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Aontaíonn	76%	84%	81%	93%	58%	74%	84%	86%
Easaontaíonn	24%	16%	19%	7%	42%	26%	16%	14%

Síochána go hómósach leat dá mbeadh teagmháil agat leo ar chúis ar bith. I gcodarsnacht leis sin, iad sin a bhí den tuairim go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht áitiúil bhí níos mó seans ann go n-easaontódh siad leis an ráiteas sin i gcomparáid leo siúd a chonaic é mar fhadhb thromchúiseach, nó go raibh fadhb éigin ann nó nach raibh aon fadhb ann.

Nuair a fiafraíodh cibé an gcaitheann baill den Gharda Síochána le gach duine go cóir is cuma cé hiad - is mó seans a bhí ann gur easaontaigh daoine a cheap go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht náisiúnta agus áitiúil leis an ráiteas seo (féach tábla 75). Is cosúil go mbíonn tuairimí níos diúltaí ag freagróirí a cheapann go bhfuil fadhb an-tromchúiseach le coireacht maidir le chomh cóir is a chaitheann Gardaí leis an bpobal.

### An mbíonn sástacht leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla ar an tuairim maidir le cóir chomhionann?

Rinneadh scrúdú freisin ar an gceangal idir sástacht leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána agus an tionchar a bhíonn aige sin ar thuairimí maidir le cóir chomhionann. Mar a bheifí ag súil leis, is mó seans a bhí ann go n-aontódh siad siúd a bhí an-sásta nó sách sásta leis an tseirbhís a chuir eagraíocht an Gharda Síochána ar fáil go háitiúil go mbeadh an Garda Síochána cóir sa bhealach a chaithfidís leo féin agus le daoine eile. Féach tábla 76.

**Tábla 76: Cóir chomhionann ón nGarda Síochána de réir sástachta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil go háitiúil**

	An-sásta	Sách sásta	Sách míshásta	An-mhíshásta
Aontaíonn go gcaitheann AGS go hómósach le gach duine	97%	96%	79%	62%
Easaontaíonn go gcaitheann AGS go hómósach le gach duine	3%	4%	21%	38%
Aontaíonn go gcaitheann AGS go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin	92%	89%	60%	34%
Easaontaíonn go gcaitheann AGS go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin	8%	11%	40%	66%

## Achoimre

Cuireadh dhá cheist nua ina ndearnadh scrúdú ar thuairimí maidir le cothroime i dtaca leis an gcaoi ar chaith baill den Gharda Síochána le híospartaigh leis an suirbhé in 2017.

- › D'aontaigh 92% d'fhreagróirí go gcaithfeadh baill den Gharda Síochána go hómósach leat dá mba rud é go raibh tú i dteagmháil leo ar aon chúis
- › D'aontaigh 82% go gcaitheann na Gardaí go háitiúil go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin; tá 68% d'fhreagraí níl a fhios agam áirithe
- › Ní raibh aon difríochtaí móra ann nuair a scrúdaíodh grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir
- › Is lú seans a bhí ann go n-aontódh daoine a bhí ina n-íospartaigh choireachta le déanaí go gcaithfeadh an Garda Síochána go hómósach leat dá mbeifeá i dteagmháil leo ar aon chúis nó go gcaithfidís go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin, i gcomparáid le daoine nach raibh ina n-íospartaigh
- › Bhí níos mó seans ann go n-easaontódh freagróirí a mheas go raibh fadhb thromchúiseach le coireacht náisiúnta agus áitiúil go gcaitheann baill den Gharda Síochána go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin



# Tuairimí faoin nGarda Síochána



Bhí tuairimí na bhfreagróirí maidir leis an nGarda Síochána in 2017 níos dearfaí i gcomparáid le 2016



Ba ghnách le freagróirí nach raibh aon imní orthu faoi íospairt tuairimí níos dearfaí a bheith acu faoin nGarda Síochána



Bhí daoine a raibh eagla orthu faoin leibhéal coireachta níos diúltaí sna sé ráiteas go léir maidir leis an eagraíocht



Ba ghnách le freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireachta a bheith níos diúltaí faoin nGarda Síochána



I rith 2017 d'aontaigh formhór na rannpháirtithe go raibh An Garda Síochána dírithe ar an bpobal, cairdiúil nó cabhrach, éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht agus nua-aimseartha nó forchéimnitheach



Ba ghnách le freagróirí a chreid nach raibh fadhb leis an gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil tuairimí níos dearfaí a bheith acu faoin eagraíocht

Déantar iniúchadh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar thuairimí na bhfreagróirí maidir leis an nGarda Síochána. Fiafraítear cibé an n-aontaíonn le sé phríomhráiteas. Baineann trí cinn de na ráitis sin le hidirghníomhú idir an eagraíocht agus an pobal (i.e. cibé an bhfuil sé cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal agus éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht). Fiafraítear sna trí cheist eile faoi chomh nua-aimseartha agus forchéimnitheach is atá an Garda Síochána, cibé go soláthraíonn sé seirbhís den chéad scoth, agus cibé an bhfuil an eagraíocht bainistithe go maith.

**Tabhair faoi deara:** Baineadh freagraí níl a fhios agam amach as tromlach na hanailíse a rinneadh le haghaidh Tuarascáil Bhliantúil 2017, dá bhrí sin beidh difear beag sna figiúirí le haghaidh tuarascálacha 2015 agus 2016. I ngeall ar an líon mór freagraí níl a fhios agam a fuarthas i dtaca le ceithre cinn de na sé ráiteas maidir le héifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána, tugtar sonraí anailíse i bhfíor 16 ina bhfuil na freagraí níl a fhios agam áirithe (cairt 1) agus fágtha ar lár (cairt 2). Ba ionann agus níos lú ná 10% de thuairimí na freagraí níl a fhios agam nuair a fiafraíodh d'fhreagróirí cibé an raibh AGS dírithe ar an bpobal nó cairdiúil agus cabhrach.

## Tuairimí maidir leis an nGarda Síochána i rith 2017


I rith 2017 d'aontaigh formhór na rannpháirtithe go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal (70%), nua-aimseartha nó forchéimnitheach (66%) agus cairdiúil nó

cabhrach (91%). D'aontaigh os cionn dhá chúigiú de na rannpháirtithe go raibh an eagraíocht éifeachtach ag dul i ngleic le coireachta (62%), agus d'aontaigh 42% de rannpháirtithe gur chuir an eagraíocht seirbhís póilínachta den chéad scoth ar fáil. Nuair a fiafraíodh cibé an bhfuil an eagraíocht dea-bhainistithe d'aontaigh 46% go raibh. Nuair a chuirtear freagraí 'níl fhios agam' san áireamh athraíonn na figiúirí sin go 64%, 58%, 86%, 55%, 35% and 38%, faoi seach.


## Athruithe i dtuairimí faoin nGarda Síochána idir 2015, 2016 agus 2017

Tríd is tríd, bhí tuairimí maidir leis an nGarda Síochána in 2017 níos dearfaí i gcomparáid le 2016 agus 2015. Déantar comparáid i bhfíor 16 ar thuairimí maidir leis an nGarda Síochána in 2015, 2016 agus 2017. Cuirtear i láthair ann líon na bhfreagróirí a 'd'aontaigh go láidir' nó a 'd'aontaigh' le sé ráiteas maidir leis an nGarda Síochána. Idir 2015 agus 2016 d'aontaigh níos mó freagróirí go raibh AGS cairdiúil nó cabhrach, agus d'aontaigh i bhfad níos lú freagróirí go raibh an Garda Síochána bainistithe go maith agus éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht. Idir 2016 agus 2017 d'esaontaigh níos lú freagróirí go raibh an Garda Síochána dírithe ar an bpobal nó cairdiúil nó cabhrach, mar sin d'aontaigh líon níos mó freagróirí go raibh eagraíocht an Gharda Síochána nua-aimseartha nó forchéimnitheach agus éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht. Ar deireadh, d'aontaigh líon i bhfad níos lú go raibh sé bainistithe go maith.

**Fíor 16: Leibhéal chomhaontaithe idir 2015, 2016 agus 2017**



**Leibhéal chomhaontaithe idir 2015, 2016 agus 2017 lena n-áirítear freagraí 'níl a fhios agam'**



**Tábla 77: Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

	Inscne		Aois						Aicme Shóisialta					Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	AB	C1	C2	DE	F	Éireannach	Neamh-Éireannach
Dírithe ar an bpobal	69%	71%	72%	69%	71%	69%	70%	70%	69%	70%	68%	69%	81%	69%	78%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	64%	68%	69%	65%	63%	61%	65%	72%	56%	63%	66%	69%	75%	65%	69%
Cairdiúil nó cabhrach	90%	91%	88%	89%	90%	90%	92%	94%	93%	91%	88%	89%	95%	90%	92%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	40%	44%	46%	42%	38%	38%	41%	51%	36%	41%	40%	46%	49%	41%	51%
Dea-bhainistithe	44%	48%	52%	47%	43%	42%	41%	52%	38%	44%	44%	51%	50%	43%	62%
Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht	62%	62%	62%	62%	59%	60%	60%	69%	56%	61%	60%	64%	72%	61%	68%

**Tábla 78: Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha limistéir**

	Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			An fad go dtí Stáisiún na nGardaí				
	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Níos lú ná 1 km	1-3 km	3-5 km	5-10 km	10+ km
Dírithe ar an bpobal	57%	72%	78%	74%	59%	73%	78%	74%	67%	72%	76%	70%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	54%	71%	69%	69%	55%	69%	73%	66%	62%	69%	73%	69%
Cairdiúil nó cabhrach	86%	92%	92%	94%	87%	91%	94%	91%	90%	90%	92%	94%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	38%	40%	43%	52%	39%	42%	46%	42%	42%	45%	40%	44%
Dea-bhainistithe	38%	50%	51%	44%	40%	46%	51%	45%	44%	47%	50%	42%
Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht	49%	63%	71%	67%	53%	64%	69%	65%	61%	60%	67%	66%

## Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

Rinneadh scrúdú freisin ar dhifriochtaí thar shainréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha. Ní raibh aon éagsúlachtaí suntasacha ó thaobh an líon daoine a d'aontaigh leis na sé ráiteas idir fir agus mná. Bhí níos mó seans ann gur aontaigh freagróirí os cionn 65 nó os a chionn go raibh an eagraíocht nua-aimseartha nó forchéimnitheach, go soláthraíonn sí seirbhís póilíneachta den chéad scoth, go bhfuil sí bainistithe go maith, agus éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht. Mar a thaispeántar i dtábla 77, ba ghnách le freagróirí in aicme shóisialta F tuairimí níos dearfaí a bheith acu faoi eagraíocht an Gharda Síochána, agus ba ghnách leo siúd in aicme shóisialta AB féachaint ar an eagraíocht ar bhealach níos diúltaí. Is mó seans a bhí ann go n-aontódh náisiúnaigh neamh-Éireannacha leis na ráitis go léir faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána, ach amháin an ráiteas ag maíomh go bhfuil an eagraíocht nua-aimseartha nó forchéimnitheach nó cairdiúil nó cabhrach.

## Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha limistéir

Bhí roinnt éagsúlachta i leibhéal comhaontaithe na bhfreagróirí leis na sé ráiteas thar ghrúpálacha limistéir. Taispeántar i dtábla 78 gur lú seans a bhí ann go n-aontódh freagróirí as Baile Átha Cliath go bhfuil eagraíocht an Gharda Síochána dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha nó forchéimnitheach, cairdiúil nó cabhrach, bainistithe go maith, nó éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht. Is mó seans a bhí ann go n-aontódh freagróirí as Cúige Mumhan go bhfuil an eagraíocht dírithe ar an bpobal, bainistithe go maith agus éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht. Is mó seans a bhí ann go n-aontódh daoine as Cúige Chonnacht/Uladh go gcuireann an eagraíocht seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil, agus is mó seans a bhí ann go n-aontódh freagróirí sa chuid eile de Chúige Laighean go raibh AGS dírithe ar an bpobal agus bainistithe go maith.

Ba ghnách le freagróirí ó cheantair thuaithe tuairimí níos dearfaí a bheith acu i gcomparáid le 'cathair' agus 'uirbeach eile'. Ní raibh aon treochtaí follasacha idir tuairimí maidir leis an nGarda Síochána agus an fad ó stáisiún Gardaí.

## Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Mar is léir ó thábla 79, d'aontaigh líon níos mó freagróirí nach raibh aon teagmháil acu leis an nGarda Síochána go raibh an eagraíocht bainistithe go maith agus go gcuireann sí seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil, i gcomparáid leo sin nach raibh aon teagmháil acu le baill. Mheas líon níos mó díobh sin a rinneadh teagmháil leis na Gardaí iad féin nó a ndearna na Gardaí teagmháil leo ar dtús go raibh an Garda Síochána dírithe ar an bpobal i gcomparáid leo siúd nach raibh aon teagmháil acu in aon chor leis an eagraíocht.

**Tábla 79: Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

	Aon teagmháil fhéintion-	Aon teagmháil tionscanta	Gan teagmháil
Dírithe ar an bpobal	71%	73%	69%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	62%	66%	67%
Cairdiúil nó cabhrach	91%	91%	91%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	36%	37%	45%
Dea-bhainistithe	41%	40%	48%
Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht	59%	64%	63%

## Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir íosparta

Rinneadh scrúdú freisin ar an tionchar a bhíonn ag íospairt le déanaí i dtaca le tuairimí na bhfreagróirí den Gharda Síochána. Taispeántar i dtábla 80 gur lú seans a bhí ann go n-aontódh freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireachta leis na sé ráiteas go léir maidir le cumas agus éifeachtacht eagraíocht an Gharda Síochána i gcomparáid leo siúd nár bhain aon íospairt leo sa 12 mhí roimhe sin.

**Tábla 80: Leibhéal chomhaontaithe de réir taithí ar íospairt**

	Duine nach raibh ina íospartach	Íospartach coireachta
Dírithe ar an bpobal	71%	57%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	67%	50%
Cairdiúil nó cabhrach	91%	83%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	43%	31%
Dea-bhainistithe	47%	33%
Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht	63%	44%

## An mbíonn éifeacht ag tuairimí na bhfreagróirí faoi thromchúiseacht fhadhb na coireachta ar cad a cheapann siad don Gharda Síochána?

Déantar scrúdú i dtábla 81 ar cibé an bhfuil éagsúlacht i dtuairimí na bhfreagróirí den Gharda Síochána de réir na dtuairimí atá acu faoi thromchúiseacht fhadhb náisiúnta agus áitiúil na coireachta.

Bhí níos mó ann go n-aontódh freagróirí a chreid nach raibh fadhb le coireacht náisiúnta agus áitiúil leis na sé ráiteas ag déanamh cur síos ar éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána. Cuir i gcás, mheas 85% d'fhreagróirí a cheap nach raibh fadhb le coireacht go náisiúnta go raibh eagraíocht an Gharda Síochána dírithe ar an bpobal i gcomparáid le 67% a cheap go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht go náisiúnta. Mar an gcéanna, mheas 42% d'fhreagróirí a cheap go raibh fadhb an-tromchúiseach le coireacht áitiúil go raibh eagraíocht an Gharda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht i gcomparáid le 75% d'fhreagróirí a chreid nach raibh fadhb le coireacht áitiúil.

## An bhfuil eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt ceangailte le tuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána?

Rinneadh scrúdú freisin ar an gceangal idir eagla roimh choireacht, imní faoi íospairt agus tuairimí na bhfreagróirí maidir le heagraíocht an Gharda Síochána. An bhféachann freagróirí a bhfuil eagla orthu roimh choireacht agus imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta ar an nGarda Síochána le níos lú fabhair ná freagróirí nach bhféachann orthu mar seo? Go ginearálta, bhí níos mó seans ann go n-easaontódh freagróirí a raibh go leor eagla nó roinnt eagla orthu faoin leibhéal coireachta le ráitis faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Gharda Síochána. Mar shampla, d'aontaigh 47% díobh siúd a raibh go leor eagla orthu roimh choireacht go raibh eagraíocht an Gharda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht i gcomparáid le 60% nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta.

Rinneadh imscrúdú freisin ar imní faoi íospairt dhóchúil. Bhí níos mó seans ann go n-aontódh siad nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartach coireachta le ráitis inar scrúdaíodh éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána. Mar shampla, ina measc siúd nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartach coireachta, d'aontaigh 50% go raibh an Garda Síochána bainistithe go maith, i gcomparáid le 40% a raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta agus damáiste maoinne (féach tábla 82).

**Tábla 81: Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir tuairimí náisiúnta agus áitiúla faoin gcoireacht**

	Náisiúnta				Áitiúil			
	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Níl fadhb ann
Dírithe ar an bpobal	67%	71%	70%	85%	54%	63%	69%	79%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	65%	65%	65%	78%	54%	60%	64%	73%
Cairdiúil nó cabhrach	89%	92%	90%	91%	77%	89%	90%	93%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	36%	40%	49%	69%	27%	31%	41%	54%
Dea-bhainistithe	43%	45%	48%	70%	40%	36%	43%	57%
Effective in tackling crime	58%	62%	64%	78%	42%	47%	61%	75%

**Tábla 82: Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir eagla roimh choireacht agus imní faoi íospairt**

	Eagla roimh choireacht				Imní maidir le híospairt			
	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fíorbheagán eagla	Gan eagla	Imní faoi dhíobháil	Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	Imní faoin dá cheann	Gan aon imní
Dírithe ar an bpobal	61%	67%	73%	71%	68%	67%	66%	74%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	59%	64%	66%	67%	60%	64%	61%	70%
Cairdiúil nó cabhrach	87%	91%	92%	89%	89%	92%	90%	91%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	35%	38%	45%	43%	38%	39%	38%	46%
Dea-bhainistithe	38%	41%	49%	47%	38%	48%	40%	50%
Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht	47%	62%	66%	60%	63%	63%	56%	67%

## An bhfuil tuairimí na bhfreagróirí faoin nGarda Síochána ceangailte lena leibhéal muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána?

Féachtar ar an smaoineamh sin i dTábla 83. Tugadh ceangal an-láidir le fios idir leibhéal ard muiníne sa Gharda Síochána agus ag freagairt níos dearfaí faoi eagraíocht an Gharda Síochána thar na sé ráiteas go léir. Tá a mhalairt de chás fíor freisin ar ndóigh – bhí tuairimí níos diúltaí faoin eagraíocht ag freagróirí leis na leibhéal muiníne is ísle thar na sé ráiteas go léir.

**Tábla 83: Tuairimí faoin nGarda Síochána de réir leibhéal muiníne**

	Muinín Íseal	Meán-Mhuinín	Muinín Ard
Dírithes ar an bpobal	31%	64%	86%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	27%	58%	82%
Cairdiúil nó cabhrach	58%	90%	98%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	10%	29%	65%
Dea-bhainistithe	11%	35%	66%
Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht	19%	51%	83%

## Achoimre

- › I rith 2017 d'aontaigh formhór na rannpháirtithe go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal, cairdiúil nó cabhrach, éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht agus nua-aimseartha nó forchéimnitheach
- › Bhí tuairimí na bhfreagróirí maidir leis an nGarda Síochána in 2017 níos dearfaí tríd is tríd ná mar a bhí i rith 2016
- › Ba ghnách le freagróirí ó aicme shóisialta F tuairimí níos dearfaí a bheith acu faoin nGarda Síochána thar na sé ráiteas go léir
- › Ba ghnách le náisiúnaigh neamh-Éireannacha a bheith níos dearfaí faoi eagraíocht an Gharda Síochána
- › Bhí ról ag suíomh sa scéal freisin – ba ghnách ar an meán le freagróirí i gCúige Mumhan agus i gceantair thuaithe a bheith níos dearfaí i gcomparáid le freagróirí ó réigiúin eile agus limistéir sa 'cathair' nó 'uirbeach eile'.
- › Ba ghnách le freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireachta a bheith níos diúltaí faoin nGarda Síochána
- › Ba ghnách le freagróirí a chreid nach raibh fadhb le coireacht go náisiúnta agus go háitiúil tuairimí níos dearfaí a bheith acu maidir leis an eagraíocht
- › Bhí difear idir tuairimí na bhfreagróirí freisin agus an leibhéal imní agus eagla a bhí orthu, agus a gcuid muiníne. Ba ghnách le freagróirí nach raibh aon imní orthu faoi íospairt tuairimí níos dearfaí a bheith acu faoin nGarda Síochána, agus bhí siad siúd a raibh eagla orthu faoin leibhéal coireachta níos diúltaí thar na sé ráiteas ar fad maidir leis an eagraíocht

# Sampla Treise de Dhaoine Óga idir 16 agus 17 mbliana d'aois

Sampla treise neamhualaithe de 647 duine óg a cuireadh faoi agallamh



**83%**

Bhí 83% de na freagróirí sa sampla treise sásta leis an tseirbhís a chuir An Garda Síochána ar fáil dá bpopal áitiúil



Bhí leibhéal ard muiníne ag daoine idir 16 agus 17 in eagraíocht an Gharda Síochána



Bhí leibhéal eagla faoi choireacht agus inní faoi íospairt mar a chonacthas é íseal i measc na bhfreagróirí sa sampla treise



**59%**

Mheas 59% de dhaoine idir 16 agus 17 go raibh fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach leis an gcoireacht náisiúnta



Mheas 14% go raibh fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach le coireacht áitiúil



D'aontaigh formhór de na freagróirí sa sampla treise le ráitis maidir le héifeachtacht agus cumas AGS, agus iad ag súil go soláthródh siad seirbhís póilíneachta den chéad scoth (49%)

Ó athsheoladh an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail in 2014 rinneadh agallaimh le sampla náisiúnta ionadaíoch de dhaoine fásta 18+ mbliana. Iarradh i bPlean Póilíneachta 2017 ar eagraíocht an Gharda Síochána raon feidhme an tsuirbhé a mhéadú chun daoine óga idir 16 agus 17 a chuimsiú ann. D'fhonn dul i ngleic go héifeachtach le coireacht i gcoinne daoine óga agus cabhrú chun iad a chosc.

Tá rannpháirtíocht daoine óga i suirbhéanna ar íospairt coireachta ríthábhachtach chun pictiúr níos iomláine a chruthú den mhéid coireachta a tharlaíonn don daonra seo. Tá sé tábhachtach go bhfaighfí amach cad a cheapann daoine óga faoin nGarda Síochána ó na daoine óga féin. Léiríonn an aoisghrúpa sin tuairimí na chéad ghlúine eile agus tá tábhacht faoi leith lena gcuid tuairimí.

Ó mhí na Nollag 2016 cuireadh sampla treise de dhaoine óga idir 16 agus 17 mbliana faoi agallamh mar chuid den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Is é an príomhaidhm a bhí le sonraí den sórt sin a bhailiú ná chun comparáid leathan a dhéanamh ar dhearcaí daoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois agus aoisghrúpaí eile, ach nuair a bhailítear na sonraí seo

áfach táimid in ann scrúdú a dhéanamh ar an ngrúpa seo ina n-aonar. I scuab-shuirbhéanna amach anseo b'fhéidir go bhféadfaí an sampla seo a athbhunú arís mar chuid den phríomhshampla.

## Modheolaíocht

Ag teacht leis an bpríomhshampla, roghnaíodh teaghlaigh go randamach chun cuóta míosúil a chomhlíonadh. Má aithníodh duine óg idir 16 nó 17 mbliana laistigh den teaghlach, roghnaíodh go randamach iad leis an "riail maidir leis an mbreithlá deiridh". Iarradh ar thuismitheoirí bileog eolais a léamh inar cuimsíodh sonraí maidir leis an suirbhé, cé a bhí á dhéanamh, agus an chúis gur iarraidh ar a leanbh a bheith rannpháirteach. Iarradh ansin ar thuismitheoirí foirm thoilithe rannpháirtí a léamh inar deimhníodh dóibh nach n-úsáidfí aitheantas an linbh agus an fhaisnéis a thugann siad ach amháin le haghaidh an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail agus go gcoinneofar é gan ainm a chur leis agus go rúnda ag gach tráth.

Cuirtear an sampla treise de 647 duine óg idir 16 agus 17 mbliana d'aois i láthair ina aonar sa chaibidil seo, mar sin féin

déantar comparáidí leathana leis an bpríomhshampla ó 2017 – an 6,000 duine fásta os cionn 18 mbliana déag. Tá an sampla daoine fásta ceaptha le bheith ionadaíoch go náisiúnta, mar sin féin níor cuireadh aon ualú i bhfeidhm ar an gcóhórt 16 agus 17 mbliana d’aois. Dá bhrí sin, ní mór comparáidí a léamh go cúramach. Ní chuirtear aon cheangal staitistiúil i láthair i ngeall ar straitéis dhifriúil i gcomhair samplála atáthar a úsáid don dá shampla. Ach an oiread leis an bpríomhshampla sa suirbhé, cuireadh réamhanailís i gcrích ar gach athrúchán chun an cion de fhreagraí “níl a fhios agam” a mheas. Tógadh cinneadh ansin faoi cibé an bhfágfaí ar lár iad as anailís ina dhiaidh sin. I gcás ceisteanna inarbh ionann freagraí “níl a fhios agam” agus níos lú ná 10% d’fhreagraí ar gach ceist fágadh ar lár ón anailís iad agus ní chuirtear i láthair iad mar chuid den chaibidil seo. I gcásanna inarbh ionann freagraí “níl a fhios agam” agus 10% nó níos mó d’fhreagraí freagróirí, cuirtear anailís ina gcuirtear freagraí den sórt sin san áireamh agus as an áireamh i láthair ar mhaithe le bailchríoch a chur ar an tuarascáil.

Tá fadhb leis an méid is lú den sampla treise. I gcás ina bhfuil an comhaireamh íseal, ní féidir an sampla treise a dhí-chomhbhailiú i bhfoghrúpaí áirithe e.g. aicme sóisialta, catagóirí d’íospartaigh na coireachta. Chuir sé sin teorainn leis an méid anailíse a d’fhéadfaí a dhéanamh.

## Déimeagrafaic

Bhí difríochtaí i gcomhdhéanamh inscne na bpríomhshamplaí agus na samplaí treise, agus níos mó fir ná mná i sampla an tsuirbhé treise. Bhí leithdháileadh an-chosúil le chéile sna samplaí thar réigiún agus limistéar, mar sin féin bhí níos mó náisiúnach neamh-Éireannach sa sampla den phríomhshuirbhé. Féach tábla 84 le haghaidh miondealú d’fhaisnéis dhéimeagrafach agus limistéir.

Tábla 84: Próifíl den sampla treise


Inscne	Aicme Shóisialta	Réigiún
Fir	56%	AB 9%
Mná	C1	An chuid eile de Chúige Laighean 33%
		Cúige Mumhan 26%
	DE 27%	
	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh 18%	
	F 5%	

Limistéar	Náisiúntacht	Eitneacht	Creideamh
Cathair	37%	Éireannach 92%	Éireannach 90%
Uirbeach eile	26%	Geal 3%	Caitliceach Rómhánach 73%
Tuaithe	RA 37%	Geal eile 6%	Eaglais na hÉireann 2%
		Áiseach Eile 2%	Críostaí Eile 3%
	Rómánach 1%	Eile 2%	Ioslamach 2%
	Brasaíleach 1%		Gan chreideamh 18%
	Eile 2%		Diúltaithe 1%

## Tuairimí an Phobail maidir le Coireacht in Éirinn: Sampla de dhaoine idir 16 agus 17

I measc an tsampla treise de dhaoine óga idir 16 agus 17, mheas 59% gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é coireacht náisiúnta agus mheas 14% gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach é coireacht áitiúil. Bhí an dá cheann acu sin níos ísle ná an príomhshampla. Mar a dúradh i gcaibidil 1, ní raibh an oiread imní orthu siúd idir 18-24 bliain faoi fhadhb náisiúnta agus áitiúil na coireachta, tá sé sin le feiceáil i measc an tsampla treise 16 agus 17.

Fíor 17: Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil sa sampla treise neamhualaithe





### Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha, agus limistéir - sampla treise neamhualaithe

Mar a tugadh le fios thuas, chuir méid laghdaithe an tsampla treise teorainn le méid na hanailíse a bheid indéanta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus limistéir. Tugtar miondealú ar na torthaí i dTáblaí 85 agus 86, de réir inscne, réigiúin agus ceantair. Bhí mná i gcomparáid le fir beagán níos imníoch faoi thromchúiseacht fhadhb na coireachta náisiúnta. Ach an oiread le sampla an phríomh-shuirbhé, bhí tuairimí maidir le tromchúiseacht fhadhb na coireachta náisiúnta níos airde ina measc siúd i gceantair thuaithe.

Taispeánadh i scrúdú a rinneadh ar thuairimí maidir le coireacht áitiúil i measc an tsampla treise de dhaoine idir 16 agus 17 nach raibh aon éagsúlachtaí móra idir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir.

De bharr méid an tsampla treise bhíothas in ann croscheistiú a dhéanamh ar thuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus

áitiúil bunaithe ar cibé an raibh aon teagmháil ag an gcohort seo de dhaoine óga leis an nGarda Síochána le 12 mhí anuas. Is maith is eol go bhfuil leibhéal díréireach teagmhála ag daoine óga le gardaí, dá bhrí sin tá sé an-tábhachtach a gcuid meonta agus a dtaithí a thomhas. Ní raibh aon éagsúlachtaí móra idir an dá ghrúpa sin i dtaca le tuairimí faoi choireacht náisiúnta nó coireacht áitiúil.

### Íospartaigh na Coireachta - sampla ó dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois

Níor bhain íospairt do ghrúpa de dhaoine óga idir 16 agus 17 sa 12 mhí roimh a n-agallamh don Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Thar an sampla iomlán ar fad, bhí íospairt tar éis tarlú do 32 freagróirí idir 16 nó 17 (5%) sa 12 mhí roimhe sin, agus ina measc siúd thuairiscigh 66% an choireacht is déanaí a tharla dóibh don Gharda Síochána. Níorbh fhéidir aon anailís eile a dhéanamh de réir éagsúlachtaí déimeagrafacha mar gheall ar an sampla íseal íospartach.

**Tábla 85: Tuairimí maidir le coireacht náisiúnta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha i sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Fadhb an-tromchúiseach	9%	16%	-	-	-	-	-	-	15%	15%	11%
Fadhb thromchúiseach	45%	49%	47%	54%	52%	28%	48%	51%	44%	42%	49%
Fadhb éigin	41%	30%	38%	29%	34%	48%	37%	31%	39%	39%	35%
Níl fadhb ann	-	-	-	-	-	-	-	-	-	4%	5%

**Tábla 86: Tuairimí maidir le coireacht áitiúil in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir - sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Fadhb an-tromchúiseach	-	-	-	-	-	-	-	-	-	4%	2%
Fadhb thromchúiseach	12%	11%	-	-	-	-	-	-	-	14%	10%
Fadhb éigin	46%	52%	55%	48%	44%	48%	52%	52%	43%	48%	49%
Níl fadhb ann	41%	33%	26%	38%	44%	43%	31%	34%	45%	34%	39%

## Eagla agus Imní faoi Choireacht - sampla de leanaí idir 16 agus 17


### Baol íospartha mar a chonacthas é

I rith 2017, bhí imní ar 5% d'fhreagróirí idir 16 nó 17 faoi dhíobháil phearsanta, i gcomparáid le 3% i measc an tsampla ón bpríomhshuirbhé; dúirt 6% go raibh eagla orthu a bheith ina n-íospartach coireachta maoin, i gcomparáid le 9% i measc an tsampla de dhaoine fásta, bhí imní ar 23% go mbeidís ina n-íospartach díobhála pearsanta agus coireacht maoin, i gcomparáid le 40% den daonra fásta; agus thuairiscigh os cionn trí cheathrú d'fhreagróirí (66%) nach raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartach aon choireachta i gcomparáid le 48% ina measc siúd atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn (féach fíor 18).

### Tuairimí maidir leis an mbaol íospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir

Nuair a rinneadh scrúdú ar dhifríochtaí thar ghrúpálacha déimeagrafacha agus limistéir ní raibh aon difríochtaí suntasacha de réir inscne. Ní raibh an oiread seans go dtuairisceodh freagróirí i mBaile Átha Cliath nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartach coireachta, ach is mó seans go mbeadh imní orthu siúd i gCúige Mumhan faoin mbaol mar a chonaic siad é go dtarlódh íospairt. Ach an oiread leis an bpríomhshampla, thuairiscigh cion níos lú d'fhreagróirí idir 16 nó 17 i limistéir 'cathair' nach raibh imní orthu faoi íospairt sa toadhcháil i gcomparáid le 'uirbeach eile' agus ceantair thuaithe. Ní raibh aon difríochtaí nuair a rinneadh scrúdú ar theagmháil leis an nGarda Síochána an bhliain roimhe sin de réir baol íospartha mar a cheap siad é (féach tábla 87).


Fíor 18: Baol íospartha mar a chonacthas é i sampla treise neamhualaithe



### Eagla faoin leibhéal coireachta in Éirinn

Tugtar léargas i bhfíor 19 ar shonraí maidir le heagla roimh choireacht i measc daoine idir 16 agus 17. Ní raibh an oiread eagla ar an gcohort níos óige sin roimh choireacht i gcomparáid le daonra ginearálta an tsuirbhé: Thuairiscigh 3% d'fhreagróirí go raibh go leor eagla orthu roimh choireacht, thuairiscigh 17% go raibh roinnt eagla orthu, is beag eagla a bhí ar 23%, agus luaigh 57% nach raibh aon eagla in aon chor orthu faoin leibhéal coireachta go ginearálta.

Fíor 19: Leibhéal eagla roimh choireacht i sampla treise neamhualaithe



Tábla 87: Baol íospartha mar a chonacthas é de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir - sampla treise neamhualaithe

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Imní faoi dhíobháil phearsanta	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Imní faoi ghoid nó damáiste do mhaoin	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Imní faoin dá cheann	23%	23%	38%	18%	14%	-	32%	23%	13%	27%	21%
Gan aon imní	67%	65%	46%	71%	80%	70%	54%	69%	77%	58%	70%

### Eagla faoin leibhéal coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir


Nuair a rinneadh scrúdú ar dhifríoctaí thar inscne taispeánadh go raibh níos mó eagla ar mhná ná ar fhir nuair a fiafraíodh dóibh faoin leibhéal coireachta in Éirinn. I gcodarsnacht leis na torthaí ón bpríomh-shuirbhé, bhí níos mó seans ann go dtuairisceadh daoine óga i gCúige Mumhan nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta go ginearálta. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha nuair a scrúdaíodh ‘cathair’, ‘uirbeach eile’ agus ceantair thuaithe. Mar a tharla thuas, ní raibh aon difríochtaí substaintiúla idir iadsan a raibh, nó nach raibh, teagmháil acu le heagraíocht na nGardaí agus an méid eagla a bhí orthu faoin leibhéal coireachta in Éirinn (féach tábla 88).

### An tionchar a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha freagróirí

Is féidir le heagla roimh choireacht tionchar díobhálach a bheith aige má chuireann sé isteach ar cháilíocht beatha an duine. Mar chuid den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail fiafraítear d’fhreagróirí cén tionchar a bhíonn ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht bheatha. Mar a fheictear thuas, ní raibh an oiread eagla ar dhaoine óga faoin leibhéal coireachta go ginearálta, dá bhrí sin mar a bheifí ag súil leis ní raibh an tionchar a bhí aige ar a gcáilíocht bheatha chomh mór is a tuairiscíodh sa phríomh-shampla. Thuairiscigh os

cionn ochtó faoin gcéad (83%) de dhaoine idir 16 agus 17 nach raibh aon tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil (féach fíor 20).

**Fíor 20: An tionchar a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha i sampla treise neamhualaithe**



**Tábla 88: Leibhéal eagla roimh choireacht de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir i sampla treise**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Go leor eagla faoin leibhéal coireachta	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Roinnt eagla faoin leibhéal coireachta	13%	22%	23%	-	-	-	20%	18%	13%	17%	17%
Fíorbheagán eagla faoin leibhéal coireachta	24%	22%	21%	31%	16%	27%	22%	29%	21%	29%	21%
Gan aon eagla in aon chor faoin leibhéal coireachta	60%	52%	51%	52%	70%	50%	53%	51%	63%	49%	59%

**Eagla faoin leibhéal coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir**

Ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir fir agus mná maidir leis an tionchar a bhí ag eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil. Murab ionann leis an bpríomh-shampla, thuiriscigh cion níos lú freagróirí i mBaile Átha Cliath nach raibh tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil i gcomparáid leo siúd i réigiúin eile, agus thuiriscigh siad siúd i limistéir ‘cathair’ go raibh an tionchar is mó ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil. Ní raibh éifeacht ag cibé an raibh siad i dteagmháil leis an nGarda Síochána nó nach raibh (féach tábla 89) ag an tionchar a bhí ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht saoil daoine óga.

**Tosaíochtaí Póilíneachta don Garda Síochána - sampla 16 agus 17 mbliana**

Murab ionann leis an sampla den suirbhé ar dhaoine fásta, fiafraíodh gach ráithe d’fhreagróirí cé na coireanna a cheap siad ar chóir don Garda Síochána tosaíocht a thabhairt dóibh. Mheas freagróirí go raibh tosaíocht ard, meán agus íseal ag baint le saincheisteanna coireachta. Ba iad na tosaíochtaí ba mhó a bhí acu siúd idir 16 agus 17 mbliana ná cionta gnéasacha (95%), armlón neamhdhleathach (87%) agus ionsaithe (87%). I measc na meán-tosaíochtaí agus na cinn ísle bhí damáiste coiriúil, ord poiblí agus calaois. Bhí na tosaíochtaí arda a aithníodh sa phríomhshampla cosúil a bheag nó a mhór leo sin a d’aithin an cohórt 16 agus 17 mbliana d’aois, an t-aon difríocht a bhí ann ná gur thug an cohórt níos óige tosaíocht d’armlón neamhdhleathach chun tosaigh ar gháinneáil ar dhaoine (féach tábla 90).

**Tábla 90: Tosaíochtaí póilíneachta arna n-aithint ag freagróirí 16 agus 17 mbliana d’aois**

	Tosaíocht ard	Meán Thosaíocht	Tosaíocht íseal
Cionta gnéasacha	95%	4%	<1%
Armlón neamhdhleathach	87%	11%	2%
Ionsaithe	87%	13%	0%
Robálacha	86%	14%	0%
Gáinneáil ar dhaoine	83%	9%	8%
Cionta drugaí	77%	20%	3%
Buirgléireachtaí	66%	33%	2%
Cionta tráchta	65%	30%	5%
Calaois	61%	37%	2%
Damáiste coiriúil	53%	41%	6%
Cionta oird phoiblí	31%	38%	37%

**Tábla 89: An tionchar a bhíonn ag eagla roimh choireacht ar cháilíocht beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir i sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Caigndeán laghdaithe go mór	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Caigndeán laghdaithe go suntasach	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Caigndeán laghdaithe go measartha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Caigndeán laghdaithe de bheagán	10%	12%	20%	-	-	-	17%	-	-	-	10%
Gan aon tionchar ar caigndeán	85%	81%	67%	89%	89%	86%	71%	90%	90%	80%	84%


**Tábla 92: Infheictheacht na nGardaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Feasach faoi phatról Gardaí	42%	38%	38%	33%	44%	49%	41%	45%	37%	43%	39%
Gan eolas faoi phatról na nGardaí	45%	43%	46%	55%	35%	38%	45%	40%	46%	44%	44%
Níl a fhios agam	13%	19%	-	-	-	-	15%	-	17%	-	17%

## Infheictheacht na nGardaí agus Tuairimíocht maidir le Láithreach na nGardaí - sampla de dhaoine idir 16 agus 17 mbliana

Bhí feasacht maidir le patról Gardaí sách ard i measc an chohóirt 16 agus 17 mbliana d'aois – bhí a fhios ag 40% d'fhreagróirí go raibh Gardaí ar patról ina gceantar áitiúil (féach fíor 21). Bhí sé sin níos airde ná an príomh-shampla, mar sin ba cheart comparáid a léirmhíniú go cúramach i ngeall ar an éagsúlacht i dteicnící samplála. D'fhreagair líon mór den tsampla treise (16%) nach raibh a fhios acu nuair a fiafraíodh dóibh faoi fheasacht maidir le patról Gardaí go háitiúil. Astu sin a raibh a fhios acu faoi phatról áitiúla, bhí a fhios ag tromlach mór (98%) de na freagróirí go raibh Gardaí ar patról i gcarranna.

**Fíor 21: Feasacht faoi phatról Gardaí i sampla treise neamhualaithe**



**Tábla 91: Cleachtais phatróil na nGardaí i sampla treise neamhualaithe**

Feasach faoi phatról Gardaí	40%
Sa charr	98%
Ar chos	16%
Ar an rothar	6%
Gan eolas faoi phatróil na nGardaí	44%
Níl a fhios agam	16%


## Infheictheacht na nGardaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir

Is féidir miondealú d'fheasacht maidir le patróil na nGardaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir a fheiceáil i dtábla 92. Bhí fir agus mná mar an gcéanna ina leibhéal feasachta, agus is mó seans go dtuairisceodh freagróirí i gCúige Laighean nach raibh siad ar an eolas faoi phatról Gardaí go háitiúil (55%), nuair a cuireadh i gcomparáid iad leo siúd i réigiúin eile. Bhí feasacht maidir le patróil an-chosúil lena chéile thar limistéir uirbeacha agus tuaithe. Ní raibh aon tionchar ag teagmháil leis an nGarda Síochána sa 12 mhí roimhe sin le feasacht maidir le patróil Gardaí i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois.

## Tuairimíocht maidir le láithreach na nGardaí

Fiafraíodh freisin d'fhreagróirí an tsampla treise cibé ar mheas siad go raibh láithreach na nGardaí ina gceantar áitiúil ag an leibhéal ceart. Taispeántar i bhFíor 22 nuair a fhágtar freagraí níl a fhios agam ar lár, mheas beagnach 60% d'fhreagróirí 16 agus 17 mbliana d'aois go raibh láithreach na nGardaí go háitiúil thart ar an leibhéal ceart. Tá sé sin cosúil le torthaí ón bpríomhshampla ina bhfuarthas níos mó tuairimí níos dearfaí i measc freagróirí idir 18-24 bliain d'aois (56%). Mar a tugadh le fios ag tús na tuarascála, nuair is ionann na freagraí níl a fhios agam agus 10% de níos mó ná freagraí freagróirí cuirtear minicíochtaí céatadán i láthair le freagraí níl a fhios agam agus dá n-uireasa – d'fhreagair 13% d'fhreagróirí idir 16 agus 17 níl a fhios agam nuair a cuireadh ceist orthu faoinar cheap siad faoi láithreach na nGardaí go háitiúil.

**Fíor 22: Tuairimí maidir le láithreach na nGardaí sampla treise neamhualaithe (lena n-áirítear freagraí níl a fhios agam agus dá n-uireasa)**




**Tuairimí maidir le láithreach na nGardaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir**

D'aontaigh líon den chineál céanna d'fhir agus mná go raibh láithreach na nGardaí ag thart ar an leibhéal ceart go háitiúil. Dúirt líon níos mó de dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois i mBaile Átha Cliath nárbh leor láithreach na nGardaí nuair a chuirtear é i gcomparáid le réigiúin eile. Ach an oiread leis an bpríomh-shampla, ní raibh an oiread seans go dtuairisceodh freagróirí i limistéir "cathair" go raibh láithreach na nGardaí thart ar ceart. Ba chuma má rinne freagróirí teagmháil leis an nGarda Síochána le 12 mhí roimhe sin ní raibh aon tionchar aige in ar thuairimí maidir le láithreach an Gharda Síochána go háitiúil (féach tábla 93).

**Sástacht leis an nGarda Síochána - sampla de dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois**

Mar is léir i bhfíor 23, bhí 83% d'fhreagróirí sa sampla treise sásta (11% an-sásta agus 72% sách sásta) leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobal áitiúil, agus dúirt 14% go raibh siad sách míshásta, bhí 3% an-mhíshásta.

**Fíor 23: Sástacht leis an nGarda Síochána sampla treise neamhualaithe**



**Sástacht leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir**

Mar a fheictear i dtábla 94, thuairiscigh fir agus mná sa sampla treise leibhéal shástachta den chineál céanna leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla. Mar an gcéanna, is beag éagsúlachta a bhí thar réigiúin agus deighilt idir uirbeach agus tuaithe; sin i gcodarsnacht le torthaí ón bpríomhshampla suirbhé (féach torthaí caibidil 6).

**Tábla 93: Tuairimí maidir le láithreach na nGardaí de réir grúpálacha déimeagrafacha, agus limistéir sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Ní leor é	38%	42%	60%	30%	35%	35%	52%	26%	39%	39%	40%
Maith go leor	59%	57%	38%	68%	62%	64%	45%	72%	60%	56%	59%
Iomarca	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-


**Tábla 94: Sástacht leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
An-sásta	12%	-	-	-	-	-	-	-	-	-	11%
Sách sásta	70%	74%	73%	69%	74%	73%	73%	76%	69%	64%	75%
Sách míshásta	14%	14%	-	-	-	-	13%	8%	20%	23%	11%
An-mhíshásta	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-

## Muinín sa Gharda Síochána - sampla de dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois

Ach an oiread leis an bpríomh-shampla, iarradh ar fhreagróirí treise rátáil idir 1 agus 10 a shannadh chun an méid muiníne atá acu sa Gharda Síochána a léiriú. Sannadh an leibhéal muiníne is airde uimhir 10 agus ba é 1 an leibhéal muiníne ab ísle. Taifeadh iad sin ansin go 'muinín íseal' (rátálacha 1, 2, 3 agus 4), 'meán-mhuinín' (rátálacha 5, 6 agus 7) agus ar deireadh 'muinín ard' (rátálacha 8, 9 agus 10).

**Fíor 24: Leibhéal muiníne sa Gharda Síochána sampla treise neamhualaithe**



Mar a fheictear i bhfíor 24, bhí meán nó ardleibhéal muiníne ag 91% d'fhreagróirí 16 agus 17 mbliana d'aois in eagraíocht

an Gharda Síochána. Tá sé sin beagán níos airde ná mar a léirigh freagróirí sa phríomhshampla suirbhé.

## Muinín sa Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir

Ní raibh aon éagsúlachtaí suntasacha i leibhéal muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána nuair a scrúdaíodh grúpálacha inscne agus limistéir. Mar an gcéanna, ní raibh aon difear i gcás na bhfreagróirí a raibh aon teagmháil acu le heagraíocht an Gharda Síochána ó thaobh leibhéal na muiníne a tuairiscíodh nuair a cuireadh i gcomparáid iad leo siúd nach raibh aon teagmháil acu le baill den Gharda Síochána (féach tábla 95).

## Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána - sampla daoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois

D'aontaigh tromlach d'fhreagróirí an tsampla treise go gcaithfeadh na Gardaí go cóir agus le hómós leo dá mbeidís i dteagmháil leo ar aon chúis; d'aontaigh 25% go láidir, d'aontaigh 66%, agus d'easaontaigh 6% agus d'easaontaigh 3% go láidir. Tá na torthaí cosúil leo sin a fuarthas i measc freagróirí an phríomhshuirbhé.

Mar an gcéanna, nuair a fiafraíodh dóibh cibé an gcaitheann na Gardaí go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin d'aontaigh 18% go láidir, d'aontaigh 62%, d'easaontaigh

**Tábla 95: Leibhéal muiníne sa Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Muinín Íseal	12%	-	-	-	-	-	-	-	-	-	8%
Meán-Mhuinín	46%	52%	52%	47%	51%	42%	51%	49%	46%	50%	48%
Muinín Ard	41%	42%	37%	45%	37%	51%	37%	42%	46%	38%	43%

**Tábla 96: Cóir ómósach ag an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir i sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Aontaíonn	88%	93%	91%	87%	93%	92%	90%	91%	90%	86%	92%
Easaontaíonn	12%	-	-	-	-	-	-	-	-	-	8%



12% agus d'easaontaigh 8% go láidir. Ach an oiread leis an bpríomhshampla suirbhé, d'fhreagair líon mór (18%) de dhaoine idir 16 agus 17 nach raibh a fhios acu nuair a cuireadh an cheist sin orthu, dá bhrí sin cuirtear minicíochtaí i láthair lena n-áirítear freagraí níl a fhios agam agus iad fágtha ar lár freisin (féach fíor 25).

**Cóir chomhionann de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir**

Nuair a rinneadh ar éagsúlacht de réir saintréithe déimeagrafacha agus limistéir taispeánadh nach raibh aon difear idir na fir agus na mná nuair a fiafraíodh dóibh cibé an gcaithfeadh na Gardaí áitiúla go hómósach leo dá mbeidís i dteagmháil leo ar aon chúis, nó i dtaca le Gardaí a bheith ag caitheamh go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin.


Mar an gcéanna, ní raibh aon difríochtaí suntasacha nuair a cuireadh réigiúin nó limistéir i gcomparáid le chéile. Rud suntasach amháin, áfach, bhí níos mó seans ann go n-easaontódh freagróirí óga a raibh teagmháil acu leis an nGarda Síochána leis na ceisteanna ar chóir chomhionann i gcomparáid leo sin nach raibh aon teagmháil acu leis na Gardaí sa 12 mhí roimhe sin.

**Tuairimí faoin nGarda Síochána - sampla de dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois**

Mar is léir i bhfíor 26, bhí na tuairimí foriomlána maidir le héifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána i measc daoine óga idir 16 agus 17 dearfach den chuid is mó. Ní mór a thabhairt ar aird, áfach, ach an oiread leis an bpríomhshampla níl a fhios ag cion mór d'fhreagróirí an tsuirbhé nuair a fiafraíodh dóibh cibé ar aontaigh siad le sé phríomhráiteas faoi eagraíocht an Gharda Síochána. Is féidir glacadh leis toisc go bhfuil míreanna suirbhé áirithe ag deireadh an agallaimh agus go bhféadfadh freagróirí a bheith ag éirí tuirseach.

**Fíor 25: Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána i sampla treise neamhualaithe**


Chaitheadh na Gardaí go hómósach leat dá mbeadh teagmháil agat leo ar aon chúis




**Tuairimí faoin nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéirngs**

Den chuid is mó bhí tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána mar an gcéanna thar grúpálacha inscne agus limistéir. Aimsíodh difríochtaí sna réimsí seo a leanas: Ní raibh an oiread seans ann go n-easaontódh cailíní idir 16-17 go raibh AGS cairdiúil nó cabhrach agus ní raibh an oiread seans ann go n-aontódh freagróirí ón sampla treise i mBaile Átha Cliath go raibh an Garda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht (féach tábla 98).

**Fíor 26: Leibhéil chomhaontaithe i sampla treise neamhualaithe**



Caitheann na Gardaí sa limistéar seo go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin (freagraí níl a fhios agam san áireamh agus fágtha ar lár)



**Tábla 97: Cóir chothrom le gach duine ag an nGarda Síochána de réir sampla treise déimeagrafacha agus limistéir i sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Aontaíonn	78%	83%	83%	80%	83%	75%	79%	79%	82%	72%	84%
Easaontaíonn	22%	17%	-	-	-	-	21%	-	18%	28%	16%

**Tábla 98: Tuairimí maidir le héifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir sampla treise neamhualaithe**

	Inscne		Réigiún				Uirbeach/Tuaithe			Teagmháil	
	Fir	Mná	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh	Cathair	Uirbeach eile	Tuaithe	Aon teagmháil	Gan teagmháil
Dírthe ar an bpobal	76%	75%	68%	78%	77%	82%	69%	80%	79%	73%	77%
Nua-aimseartha nó forchéimnitheach	67%	73%	65%	75%	66%	73%	65%	74%	71%	69%	70%
Cairdiúil nó cabhrach	85%	93%	84%	91%	86%	95%	85%	88%	92%	87%	90%
Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar	50%	51%	44%	45%	51%	62%	47%	51%	51%	42%	53%
Dea-bhainistithe	61%	64%	59%	63%	62%	69%	60%	67%	62%	57%	65%
Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht	64%	66%	53%	67%	68%	71%	57%	66%	71%	61%	66%

## Achoimre

Tá an caidreamh idir daoine óga agus an Garda Síochána tábhachtach toisc gur dóigh go mbeidh tionchar buan ag luath-idirghabhálacha agus tuairimí faoi na Gardaí ar dhearcaí agus iompraíochtaí.

- › Mheas beagnach 60% de dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois gur fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach a bhí sa choireacht náisiúnta, agus mheas 14% go raibh fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach le coireacht áitiúil. Tá a gcuid tuairimí cosúil leis an gcion freagróirí idir 18-24 bliain d'aois a léirigh na tuairimí céanna
- › Bhí taithí ag 32 freagróirí aois 16 nó 17 (5%) ar íospairt le 12 mhí anuas
- › Bhí leibhéil eagla faoin leibhéal coireachta agus imní faoi íospairt mar a measadh é níos ísle go comhréireach i measc na bhfreagróirí sa sampla treise i gcomparáid leis an daonra fásta i gcoitinne
- › Bhí níos mó eagla ar chailíní idir 16 agus 17 mbliana d'aois faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le buachaillí sa sampla treise.
- › Ach an oiread leis an bpríomhshampla, bhí ráta ard muiníne ag daoine óga idir 16 agus 17 in eagraíocht an Gharda Síochána
- › Bhí níos mó seans ann go n-easaontódh freagróirí óga a raibh teagmháil acu leis an nGarda Síochána leis na ceisteanna ar chóir chomhionann i gcomparáid leo sin nach raibh aon teagmháil acu leis na Gardaí sa 12 mhí roimhe sin.
- › Bhí na tuairimí foriomlána maidir le héifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána i measc daoine óga idir 16 agus 17 dearfach den chuid is mó

# Conclúidí

Is é an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail an tríú ceann i sraith suirbhéanna náisiúnta de dhaoine fásta na hÉireann ó athsheoladh an suirbhé. Tá an obair á coimisiúnú ag an nGarda Síochána agus is é Amárach Research a rinne an obair allamuigh. Ó mhí na Nollag 2016, tá sampla treise de thart ar 600 duine óg idir 16 agus 17 mbliana d'aois curtha san áireamh.

Rinneadh scrúdú sa suirbhé ar thuairimí freagróirí maidir leis an gcoireacht; an taithí a bhí acu ar íospairt, chomh maith le sástacht na n-íospartach leis an tseirbhís a fuair siad ón nGarda Síochána. Tomhaiseadh freisin eagla agus imní an phobail faoin leibhéal coireacht agus a thionchar ar a gcáilíocht saoil; caidreamh an phobail leis an nGarda Síochána lena n-áirítear a sástacht fhoriomlán leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla agus an muinín atá acu in eagraíocht an Gharda Síochána. Ar deireadh, rinneadh iniúchadh ar cibé an gcreideann freagróirí go gcaithfeadh baill den Gharda Síochána go cóir le gach duine, chomh maith leis an gcaoi a bhféachann freagróirí ar chumais agus ar éifeachtacht an Gharda Síochána.

## Tuairimí an Phobail maidir le Coireacht in Éirinn

Ó 2015 i leith tá laghdú bliain ar bhliain tagtha ar chion na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach le coireacht náisiúnta agus áitiúil. Mar a aibhsíodh i scuabshuirbhéanna a roimhe seo, tá bearna shuntasach idir tuairimí maidir le leibhéal choireachta go háitiúil agus sa tír trí chéile. Ar an iomlán, feiceann freagróirí coireacht mar fhadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach go náisiúnta ach ar leibhéal áitiúil ní fheiceann siad coireacht mar shaincheist mhór in aon chor.

Bhí roinnt difríochtaí móra freisin nuair a scrúdaíodh grúpaí difriúla:

- ▶ Bhí níos mó seans ann go mbreathnódh mná ar an bhfadhb choireachta náisiúnta ar bhealach níos tromchúisí, ach ní ar choireacht ina gceantar áitiúil
- ▶ D'fhéach daoine fása in aoisghrúpaí níos sine ar choireacht náisiúnta agus áitiúil ar bhealach níos tromchúisí
- ▶ Leanann náisiúnaigh neamh-Éireannacha ag féachaint ar choireacht náisiúnta agus áitiúil mar fhadhb níos lú i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha
- ▶ Níor cheap freagróirí i mBaile Átha Cliath go raibh an fhadhb choireachta náisiúnta chomh tromchúiseach i

gcomparáid leo siúd i réigiúin eile, agus bhí níos mó imní orthu siúd sa chuid eile de Chúige Laighean faoin bhfadhb choireachta áitiúil

- ▶ D'fhéach daoine i gceantair thuaithe ar choireacht náisiúnta ar bhealach níos tromchúisí ná ar choireacht ina gceantar áitiúil
- ▶ Bhí caidreamh níos láidre ag tuairimí maidir le coireacht áitiúil le baol íospartha, chomh maith le leibhéal eagla roimh choireacht, ná tuairimí maidir le leibhéal choireachta náisiúnta

## Íospartaigh na Coireachta

Taispeántar in anailís nach rud é coireacht a tharlaíonn go coitianta d'fhormhór daoine. Bhí 383 duine sa sampla seo ó 2017 a bhí ina n-íospartach coireachta le 12 mhí anuas. Léiríonn sé sin ráta íospartha de 6 faoin gcéad, síos ó 11 faoin gcéad in 2015 agus 8 faoin gcéad in 2016.

Níor thug íospartaigh choireachta tuairisc faoi gach eachtra do na Gardaí. Ó athsheoladh ar an suirbhé bhí líon na n-íospartach a bhí ag tuairisciú coireanna do na Gardaí bailithe i méid de réir a chéile - ó 75% in 2015 go dtí 79% in 2016 agus go dtí 84% in 2017. Ní raibh na hathruithe sin tábhachtach go staitistiúil áfach. Ba é an chúis ba choitianta nár tugadh tuairisc ar choir ná "Níor cheap mé go mbeadh na Gardaí in ann aon rud a dhéanamh (44%)".

Rinneadh scrúdú freisin ar thaithí na n-íospartach ar choir a thuairisciú.

- ▶ Thar sampla 2017 dúirt tromlach mór na bhfreagróirí gur thug na Gardaí freagra tapa nuair a glaodh orthu (65%)
- ▶ Tugadh ainm an Gharda imscrúdaithe do 74%
- ▶ Thuairiscigh 70% go bhfuair siad sonraí teagmhála stáisiún na nGardaí
- ▶ Thuairiscigh 44% go bhfuair siad uimhir PULSE
- ▶ Ar deireadh, thuairiscigh leath de na freagróirí gur tugadh uimhreacha cabhrach/seirbhísí d'íospartaigh

Bhí méaduithe thar an taithí sin go léir sa dá scuab-shuirbhé dheireanacha.

I measc na n-íospartach go léir a thug tuairisc maidir lena gcoir, dúirt 22% go raibh siad an-sásta leis an gcaoi ar láimhseáil na Gardaí a gcás, bhí 36% sách sásta, agus bhí 24%

míshásta, agus bhí 17% an-mhíshásta. Bhí níos mó seans ann go measfadh siad sin a bhí ina n-íospartach coireachta le bliain anuas go bhfuil fadhb le coireacht áitiúil agus náisiúnta araon.

## Eagla agus Imní faoi Choireacht

Is deacair a dhéanamh amach cibé an gcruthaíonn tuairimí faoi thromchúiseacht na coireachta eagla roimh choireacht agus imní faoin mbaol go mbeidh sé ina íospartach coireachta, nó cibé an dtugann daoine a bhfuil eagla nó imní orthu faoi choireacht níos mó aird ar leibhéil choireachta náisiúnta agus áitiúil i gcomparáid leo siúd nach bhfuil aon eagla orthu roimh choireacht. I rith 2017, bhí imní ar 52% d'fhreagróirí go mbeidís ina n-íospartach coireacht, thuairiscigh 60% go raibh roinnt eagla orthu roimh choireacht, agus thuairiscigh 70% nach raibh aon tionchar ag an eagla a bhí orthu roimh choireacht ar a gcáilíocht saoil.

Thar na dtrí cheist sin, thuairiscigh mná agus iadsan in aoisghrúpaí níos sine leibhéil eagla níos mó roimh choireacht agus imní faoi bhaol íospartha. Deirtear go bhféadfadh imní faoi choireacht agus íospairt a bheith ceangailte le himthosca leochaileachta measta<sup>5</sup>, dá bhrí sin d'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith ag baint leis an gcaoi a bhféachann freagróirí ar a leochaileacht féin seachas an baol atá ann go mbeidh siad ina n-íospartaigh nó a n-eagla roimh choireachta go ginearálta.

Mar a luadh roimhe seo bhí tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil bainteach tríd is tríd le himní agus eagla roimh choireacht.

## Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

Dar le freagróirí ba cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt do chionta gnéasacha. Beag beann ar inscne, aois, aicme shóisialta, náisiúntacht agus grúpálacha limistéir bhí an chion seo ar an bpríomhthosaíocht d'fhreagróirí an tsuirbhé.

## Infheictheacht na nGardaí

Fiafraíodh freisin i gceisteanna an tsuirbhé faoi láithreach an Gharda Síochána i gceantair áitiúla.

- ▶ Thuairiscigh 36% d'fhreagróirí go raibh Gardaí ar phatról ina gceantar áitiúil go rialta
- ▶ Ba fheasacht maidir le patról na nGardaí i gcarranna ar an bhfreagra ba choitianta a tugadh, agus fios ag 98% díobh siúd go raibh patról ag na Gardaí agus iad a rá go dtarlaíonn sé sin go minic

Nuair a fiafraíodh cibé ar cheart siad go raibh láithreach na nGardaí ag thart ar an leibhéal ceart, cheap 42% d'fhreagróirí go raibh sé ceart den chuid is mó. Bhí roinnt freagróirí a

thuairiscigh nach raibh a fhios acu nuair a cuireadh an cheist sin orthu (7%).

## Sástacht leis an nGarda Síochána

Bhí os cionn trí cheathrú (76%) d'fhreagróirí an tsuirbhé sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil. Idir 2015 agus 2017 bhí an líon freagróirí a bhí sásta leis an nGarda Síochána idir 71% agus 76%.

Taispeánadh i scrúdú a rinneadh ar éagsúlachtaí déimeagrafacha agus limistéir go raibh siad sin i ngrúpaí níos óige níos sásta i gcomparáid le freagróirí níos sine. Bhí freagróirí neamh-Éireannacha níos sásta leis an nGarda Síochána ná freagróirí Éireannacha. Bhí freagróirí i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan níos sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dóibh i gcomparáid leo siúd i mBaile Átha Cliath.

Is mó seans a bhí ann go dtuairisceodh freagróirí a mheas go raibh fadhb le coireacht go raibh siad míshásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil.

## Muinín sa Gharda Síochána

In 2017, bhí 'meán' go dtí 'ard' leibhéal muiníne ag tromlach mór (89%) d'fhreagróirí in eagraíocht an Gharda Síochána. Tá muinín sa Gharda Síochána fós an-chobhsaí, mar a léiríodh sna trí scuab-shuirbhé dheiridh den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Is gné ríthábhachtach d'fheidhmiú rathúil na póilíneachta ag eagraíocht an Gharda Síochána é muinín.

Bhí níos mó seans ann go dtuairisceodh fir fhásta, freagróirí níos sine agus iad sin as an ngrúpa aicme sóisialta F ardeibhéil muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána. Ní raibh an oiread muiníne ag freagróirí i mBaile Átha Cliath agus iad sin atá ina gcónaí i limistéir 'cathair' sa Gharda Síochána nuair a chuirtear i gcomparáid iad le freagróirí i réigiúin agus i limistéir eile. Ba ghnách freisin le híospartaigh choireachta leibhéil níos ísle muiníne a bheith acu sa Gharda Síochána.

## Cóir Chomhionann

Cuireadh dhá cheist nua ina ndearnadh scrúdú ar thuairimí maidir le cothroime i dtaca leis an gcaoi ar chaith baill den Gharda Síochána le híospartaigh leis an tsuirbhé in 2017. Thar an sampla 2017 ar fad, d'aontaigh 92% d'fhreagróirí go gcaithfeadh baill den Gharda Síochána go hómósach leat dá mbeadh teagmháil agat leo ar aon chúis, agus d'aontaigh 82% go gcaitheann Gardaí go háitiúil go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin. Ní raibh aon difríochtaí móra ann nuair a scrúdaíodh grúpálacha déimeagrafacha agus limistéir

<sup>5</sup> Jackson, J (2009) A psychological perspective on vulnerability in the fear of crime, *Psychology, crime and law*, 15 (4).

## Tuairimí maidir le hEagraíocht an Gharda Síochána

Tríd is tríd, bhí tuairimí maidir leis an nGarda Síochána in 2017 níos dearfaí i gcomparáid le scuab-shuirbhéanna 2016 agus 2015. Idir an dá scuab-shuirbhé is déanaí d'aontaigh níos mó freagróirí go raibh an Garda Síochána dírithe ar an bpobal, cairdiúil nó cabhrach, éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht, agus go gcuireann siad seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil agus go bhfuil siad nua-aimseartha nó forchéimnitheach. Chreid níos lú freagróirí go raibh AGS dea-bhainistithe.

Mar a chonacthas i rannáin eile, astu sin a mheas go raibh fadhb le coireacht, go háitiúil agus go náisiúnta, ba ghnách leo tuairimí níos laige a thabhairt freisin den eagraíocht (sa chás seo, éifeachtacht agus cumas na heagraíochta). Mar an gcéanna, thuairiscigh daoine a raibh eagla mhór orthu roimh choireacht agus imní orthu faoi íospairt tuairimí níos laige maidir leis an eagraíocht. Tá a mhalairt fíor i gcás an dá cheist.

## Sampla Treise de Dhaoine Óga idir 16 agus 17 mbliana d'aois

Iarradh i bPlean Póilíneachta 2017 ar eagraíocht an Gharda Síochána raon feidhme an tsuirbhé a mhéadú chun daoine óga idir 16 agus 17 a chuimsiú ann. D'fhonn dul i ngleic go héifeachtach le coireacht i gcoinne daoine óga agus cabhrú chun iad a chosc.

Ar an iomlán, bhí na torthaí ón anailís ar an sampla treise neamhualaithe de dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois le siúd idir 18-24 bliain d'aois sa phríomhshampla de dhaoine fásta. Bhí ráta íseal íospartha ann, leibhéil ísle eagla agus imní faoi choireacht, agus go ginearálta, bhí an chohórt seo dearfach a bheag nó a mhór faoin nGarda Síochána agus an tseirbhís a chuireann sé ar fáil do phobail áitiúla. Tá tuilleadh oibre ar an gcaidreamh idir daoine óga agus na gardaí tábhachtach toisc go mbíonn leibhéal díréireach teagmhála ag daoine óga, i gcomparáid le daoine fásta, dá bhrí sin tá sé tábhachtach meonta agus iompar dearfach a chur chun cinn ag an deis is tuisce.



